



2018

Tuarascáil Deiridh

1 Eanáir - 24 Bealtaine 2018

Arna chur faoi bhráid gach ceann de Thithe an Oireachtais,
de bhun le hAlt 66 (4) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

An Coimisinéir
Cosanta Sonraí



Data Protection
Commissioner



Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (DPC) an t-údarás neamhspleách náisiúnta atá freagrach as ceart bunúsach an AE a choinneáil ar an duine aonair chun a gcuid sonraí pearsanta a chosaint.

Clár Ábhar

Réamhfhocal	4
Ról agus Freagrachtaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí	7
Athbhreithniú gearr ar an tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine	10
Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin	13
Imscrúduithe Speisialta	16
Fógraí maidir le Sárú Sonraí	18
Cuideachtaí Innáisiúnta agus an Teicneolaíocht	20
Comhairliúchán	23
Iniúchtaí Cosanta Sonraí	25
Cúrsaí Dlí	28
Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha	33
Clár Ullmhachta Inmheánach an DPC i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)	34
Feasacht agus For-rochtain maidir le GDPR	36
AE agus Idirnáisiúnta	38
Clárú	40
Gnóthaí Corparáideacha	42

AGUISÍNÍ

I. Liosta na nEagraíochtaí a ndearnadh Iniúchadh nó Cigireacht orthu (idir 1 Eanáir agus 24 Bealtaine 2018)	45
II. Cás Staidéir	46
III. Cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí	54
IV. Cairt Eagrúcháin	55
V. Ráiteas ar Rialú Inmheánach	56
VI. Tuairisc Fuinnimh	58
VII. Ráiteas Airgeadais Bliantúil don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 ..	59
VIII. Léargas: Tríocha Bliain de Chosaint Sonraí in Éirinn, le Bob Clark	60

Réamhfhocail



Helen Dixon

I ndiaidh 30 bliain ina bhfacthas teacht an Cheathrú Réabhlóid Thionsclaíoch, airgeadh an fóin chliste phearsanta atá i ngach áit anois, agus seicheamhú ghéanóm iomlán an duine, níl ann a thuilleadh do Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann. Is cúis bhróid dom gur thug mé seirbhís mar an duine deiridh den chúigear Choimisinéirí Cosanta Sonraí a bhí ann ón mbliain 1988 go 2018.

Is iomaí éacht a bhain oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí amach in imeacht na mblianta agus tá áthas orm an Tuarascáil chríochnaitheach seo a chur i láthair, ina bhfuil léargas Bob Clark (Ollamh Emeritus An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) ar “Tríocha Bliain de Chosaint Sonraí in Éirinn” (Aguisín VIII).

Pléitear leis an tréimhse 1 Eanáir 2018 go dtí 24 Bealtaine 2018 sa Tuarascáil chríochnaitheach seo. Ansin, scoireadh d’oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus cruthaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) nua faoin *Acht um Chosaint Sonraí 2018*, lena tugadh éifeacht freisin don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) in Éirinn. Tréimhse as cuimse don DPC a bhí sna chéad chúig mhí de 2018. B’éigean tabhairt faoi chúrsaí gnó i gcónaí agus réitíodh 1,046 gearán, pléadh le 1,198 fógra sáraithe agus tugadh raon iniúchtaí agus cigireachtaí chun críche. Bhí ár seirbhísí fiosrúcháin teileafóin agus ríomhphoist thar a bheith gnóthach; fuarthas os cionn 9,900 ríomhphost agus 10,200 glao teileafóin le linn na tréimhse – ardú tuairim is 30% ar na sé mhí roimhe sin. In Aibreán 2018, ag eascairt as imeachtaí a thionscain an DPC i mBealtaine 2016, d’eisigh Ard-Chúirt na hÉireann a cás tagartha i gcomhair réamhri-alaithe chuig Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ag lorg a breithiúnais i ndáil le bailíocht Chláisail Chonar-thacha Chaihdeánacha (SCCanna) chun aistriúcháin sonraí pearsanta AE chuig SAM a dhlísteaí. Trí bhíthin raon dlíthíochta eile sa Chúirt Dúiche agus san Ard-Chúirt, lean an DPC de chur leis an gcorpas cásdlí a thugann léirmhíniú ar phrionsabail agus forálacha cosanta sonraí agus tá siad seo leagtha amach sa chuid dhlíthiúil den tuarascáil seo.

Rannhuidiú an DPC chun Éire a ullmhú don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Rinne an DPC acmhainní suntasacha a infheistiú mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm an GDPR ón 25 Bealtaine. San áireamh san obair sin bhí: an DPC a ullmhú dá ról maoirseachta nua; na páirtithe leasmhara go léir a ullmhú dá n-oibleagáidí nua agus an pobal a ullmhú chun a chearta a fheidhmiú; agus cur le hullmhúchán údaráis chosanta sonraí AE chun léirmhíniú comhchuibhithe a dhéanamh ar an dlí nua ó Bhealtaine 2018. Ar ndóigh, is athrú ollmhór é an GDPR – d’eagraíochtaí, do dhaoine aonair agus d’údaráis chosanta sonraí. D’éirigh an t-ullmhúchán eagraíochtúil níos déine agus sinn ár bhfeistiú féin le haghaidh athrú suntasach fad a leanadh ar aghaidh leis na próisis a bhí ann cheana féin de bharr nárbh féidir an GDPR ná an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a fheidhmiú go siarghabhálach. Leanadh ag earcú ag an luas céanna a bhfacthas le trí bliana anuas agus cuireadh raon speisialtóirí nua leis an bhfoireann, rud a d’fhág gur tuairim is 110 ball foirne a bhí ann. Rolladh amach cláir oiliúna in-tí lena chinntiú gur fhorbair an fhoireann go léir saineolas sa chreat dlí a bhí ag athrú. Tháinig dúshláin faoi leith chun cinn maidir leis sin mar gheall gur achtaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 níos déanaí ná mar a rabhthas ag súil leis, nuair a cuireadh leasuithe leis ag céim dhéanach, leasuithe lenar bhain suntas faoi leith don DPC de bharr an fheidhm a bhí fós ar bun chun déileáil le gearáin. Ach na hathruithe ar na céadta próiseas atá againn a mhapáil agus próisis nua a mhapáil roimh ré, bhíomar in ann dul i mbun oibre ar an 25 Bealtaine – cé go bhfuil bailchríoch á cur fós ar ár láithreán gréasáin nua, ár bhfoirmeacha gréasáin nua agus ar ár gcóras bainistíochta cáis. Bhain castacht leis na hiarrachtaí comhordúcháin i ndáil leis an gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) nua atá in úsáid anois ag údaráis chosanta sonraí AE chun faisnéis a roinnt lena chéile agus chun cáis phróiseála trasteorann a lóisteáil (cáis “Ilfhreastail”), ach bhí an t-ádh leis an DPC anailís gnó le taithí a earcú chun maoirsiú a dhéanamh ar an obair ríthábhachtach seo.

Ag tacú le heagraíochtaí ullmhú don GDPR

Díríodh ar chaidreamh a dhéanamh le gach cineál eagraíochta a bhí ag streachailt leis an GDPR sa chéad chúig mhí den bhliain. Tionóladh líon ard comhairliúcháin agus b’ábhar spreagtha iad na fíor-iarrachtaí a rinne go leor eagraíochtaí chun a bhfuil á éileamh ag an GDPR a thuiscint agus chun dian-iarracht a dhéanamh an méid sin a chur i gcríoch. An 23 Eanáir, chuaigh an DPC i gcomhpháirtíocht leis an Ionad um Cheannaireacht ar Bheartas Faisnéise (CIPL) chun imeacht uathúil aon lae do SMÉnna agus do chomhlachtaí san earnáil phoiblí a reáchtáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ní chomhdháil GDPR a bhí ann ach imeacht inar tugadh “léiriú beo” ar an GDPR. Thug cuideachtaí domhanda a bhfuil cláir phríobháideachta agus chosanta sonraí ar fiú na mílte milliún euro iad, amhail HP agus MasterCard, léiriú ar bhealaí fíor-phraiticiúla ar an tslí a bhfuil forálacha cuntasachta an GDPR á gcur i bhfeidhm acu – cén chuma i ndáiríre atá ar shraith dhoiciméadaithe oibríochtaí próiseála sonraí faoi Alt 30 agus cén chaoi a dtugtar faoin tasc? Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas, d’éirigh thar cionn leis an imeacht agus chuir sé go mór leis an leibhéal ard eolas praiticiúil in Éirinn maidir lena bhfuil á éileamh ag an GDPR.

Go luath i mí an Mhárta, chuaigh mé go dtí San Francisco agus an Bay Area in éineacht le Leas-Choimisinéir chun casadh le raon iomlán cuideachtaí a n-éilítear orthu an GDPR a chomhlíonadh. Bhí an turas áisiúil ó thaobh tuiscint a fháil ar na gnéithe sin den dlí nua a bhí ag cur mearbhaill ar eagraíochtaí, amhail ról ionadaí Alt 27 san AE sa chás nach bhfuil gnó ag an eagraíocht san AE. Ba léir ó na cruinnithe go raibh machnamh a dhéanamh ar go leor de na gnéithe nua den GDPR ag druidim le bun an liosta tosaíochtaí do na heagraíochtaí. Tá sé chomh soiléir céanna go bhfuil na cuideachtaí is nuálaí ar domhain fós le réitigh chomh nuálach céanna a chruthú chun trédhearcacht cheart maidir le sonraí pearsanta agus faisnéis úsáideach a chur ar fáil d’úsáideoirí, fad a chuirtear eispéireas dearfach d’úsáideoirí ar fáil.

Ardú feasachta i measc an phobail

Maidir le gníomhaíochtaí ardú feasachta níos leithne sna chéad chúig mhí den bhliain, d'fhéach an DPC le caidreamh a dhéanamh leis an bpobal chomh maith le heagraíochtaí. Craoladh fógraí i bpictiúrlanna agus ar an raidió go háirithe chun aird a tharraingt ar na cearta agus oibleagáidí nua faoin GDPR. Rinneadh teagmháil le breis agus 80% de na daoine fásta in Éirinn leis na feachtais sin agus léirigh suirbhé a coimisiúnaíodh thar ceann an DPC go raibh beagnach 90% de SMEnna ar an eolas faoin dlí nua. Gan feasacht, ní bheidh comhlíonadh ann, agus tá an DPC bródúil as bheith mar chuid den phobal níos leithne páirtithe leasmhara a chuir le leibhéal feasachta fíor-ard ar an GDPR in Éirinn.

Cuireadh borradh mí-ámharach faoin ardú feasachta ar an GDPR agus ar dhlíthe cosanta sonraí i mí an Mhárta nuair a nochtadh sa nuachtán Observer/Guardian líomhaintí gur bhain cuideachta anailísíochta sa Ríocht Aontaithe, Cambridge Analytica, mí-úsáid as sonraí Facebook. Cé go dtuigeann go leor daoine anois an tsamhail ioncaim bhunúsach de sheirbhísí idirlín saor in aisce a bhraitheann ar an oiread sonraí aonair agus is féidir a bhailiú ó úsáideoirí le haghaidh fógraí pearsantaithe saindirithe, baineadh suaitheadh as go leor go bhféadfadh tríú páirtithe a bhí ag iarraidh tionchar a imirt ar thoghcháin úsáid a bhaint as na sonraí sin. Tá sé ríthábhachtach ag an bpointe seo teacht ar bhealach atá éifeachtach i ndáiríre le bheith fíor-trédhearcach le húsáideoirí i ndáil leis an úsáid a mbaintear as a gcuid sonraí ar ardáin ar líne agus as líne. Mar rialtóirí AE, ní mór dúinn teacht ar na caighdeáin eiticíúla do thrédhearcacht agus ar an gcuma is ceart a bheith ar phríobháideacht trí dhearadh agus trí mhainneachtain, agus iad a chur i bhfeidhm. Mar is léir nach constaic rómhór é comhlíonadh teicniúil leis an GDPR i ndáil leis na riachtanais trédhearcachta a leagtar amach in Airteagail 12 -14 den GDPR. Ní gá go gciallaíonn comhlíonadh teicniúil ag eagraíochtaí go bhfuil tuiscint éifeachtach ag daoine ar an margadh atá á dhéanamh acu.

Deireadh ré, tús ré nua.....

Ag féachaint chun cinn, táimid ag súil le ré nua an DPC ina mbeidh cumhachtaí méadaithe agus creat dlí nua. Is mó i bhfad ná lógó nua atá sna hathruithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nua. Mar chomhlacht rialála, tá tuiscint mhaith againn ar na dúshláin atá romhainn go léir maidir lenár sonraí pearsanta a choimeád agus smacht a choinneáil orthu. Spreagtar sinn chun gearáin

ó dhaoine aonair a láimhseáil agus chun torthaí a bheidh cóir agus bunaithe ar an dlí nua a sholáthar. Chomh maith leis sin, bainimid leas as gach deis a bheidh ar fáil chun tabhairt faoi shaincheisteanna cosanta sonraí níos leithne a bheidh mar ábhar imní an phobail i gcoitinne. Leis an sásra nua Aonad Ilfhreastail faoin GDPR, socraítear an DPC i suíomh lárnach chun monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an GDPR sna cuideachtaí idirlín is mó sa domhan. Tá go leor gearán faighte againn cheana féin a éilíonn orainn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bunúsacha i ndáil leis an mbunús dlí le sonraí a bheith á mbailiú ag ardáin agus i ndáil le leordhóthanacht na faisnéise a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí. Éilíonn siad orainn freisin dearchtaí údarais chosanta sonraí AE eile a chur san áireamh agus sinn ag cur bailchríoch ar ár gcuid torthaí.

Ag tarraingt ar dheireadh na bliana seo, seolfaimid próiseas comhairliúcháin ar straitéis rialála don CSS a bhaineann le téarmaí an GDPR a chuirfidh cúl taca inbhuanaithe agus trédhearcach ar fáil do na roghanna athlonnaithe acmhainní nach mór a ghlacadh agus a thabharfaidh gné chinnteachta d'eagraíochtaí agus don phobal faoi ról an DPC agus faoin tslí a gcuirfean an ról sin i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanfaidh an DPC comhairliúchán saindirithe a thosóidh níos déanaí sa bhliain seo maidir lena gcearta á bhfeidhmiú ag leanaí faoin GDPR agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na cosaintí sonracha ó thaobh na cosanta sonraí de is ceart a bheith i bhfeidhm maidir le leanaí ag céimeanna éagsúla forbartha. Tabharfaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí tacaíocht don DPC san obair sin agus is treoir mhionsonraithe ar chosaintí sonracha a sholáthar do leanaí a bheith mar thoradh ar an obair. Ina sheal féin, cuirfean bonn taca ar fáil leis sin don tionscal agus do pháirtithe leasmhara ábhartha chun Cód Iompair a fhorbairt agus a mholadh, ag teacht le hAlt 32 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus le hAlt 40 den GDPR.

Fágaimis slán le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá an Coimisiún nua um Chosaint Sonraí ag féachaint chun cinn ar thodhchaí de chearta feabhsaithe i leith na cosanta sonraí faoin GDPR.



Helen Dixon

Coimisinéir Cosanta Sonraí i rith na tréimhse
1 Eanáir 2018 – 24 Bealtaine 2018.

Ról agus Freagrachtaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Cuspóir na Tuarascála Bliantúla Deiridh seo

An 25 Bealtaine 2018, le cur i bhfeidhm an GDPR, tháinig éifeacht le creat dlí cosanta sonraí nua ar fud an AE. Ina theannta sin, an dáta sin, bunaíodh Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) nua leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus aistríodh feidhmeanna uile an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCoimisiún nua.

De réir Alt 66 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, ullmhaíodh an Tuarascáil seo mar thuarascáil chríochnaitheach i ndáil le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus cuimsítear inti an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018.

Ról agus Freagrachtaí oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Bunaíodh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988 le bheith freagrach as ceart bunúsach an duine a chaomhnú, eadhon go ndéantar a sonraí pearsanta a chosaint. Leagadh amach feidhmeanna, dualgais agus cumhachtaí reachtúla an Choimisinéara Cosanta Sonraí sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, a thrasuigh Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 108 agus Treoir 1995 maidir le Cosaint Sonraí.

Tugadh sainordú don Choimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhoireann a hoifige faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 chun maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh le reachtaíocht um chosaint sonraí rioscaí maidir le cosaint sonraí pearsanta a shainaitheint. Baineadh amach an cuspóir seo ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas:

- imscrúdú ar ghearáin ó dhaoine aonair;
- caidreamh agus comhairliúchán forghníomhach le réimse leathan eagraíochtaí sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí a bhfuil baint acu le sonraí pearsanta a phróiseáil;
- gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chomhlíonadh le reachtaíocht um chosaint sonraí agus treoir ardcháilíochta a fhoilsiú;
- cigireachtaí ar an láthair agus iniúchtaí ar eagraíochtaí a dhéanamh; agus
- gníomhartha forfheidhmithe a dhéanamh nuair is gá.

Ina theannta sin, bhí ról gníomhach agus rannpháirteach ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar leibhéal AE. D'oibrigh an DPC go dlúth le hÚdarás Chosanta Sonraí (DPAnna) Eorpacha eile agus bhí sé rannpháirteach go gníomhach in obair Mheitheal Oibre Alt 29. Le linn 2017 agus i rith na tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil seo, mar ullmhúchán do theacht an GDPR, d'oibrigh an oifig go dlúth lena comhghleacaithe AE chun comhchuibhiú na rialacha agus nósanna imeachta cosanta sonraí a chur chun cinn agus chun pleanáil a dhéanamh d'fheidhmiú an GDPR an 25 Bealtaine 2018.

An 25 Bealtaine 2018, aistríodh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí go dtí an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) nua a raibh sainchúram rialála méadaithe air, mar a dhéantar soláthar faoi Threoir 2016/680 an AE, an GDPR, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí (An Treoir maidir

le Forfheidhmiú an Dlí) agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. De réir na reachtaíochta nua sin, ní údarás cosanta sonraí a bhfuil fócas náisiúnta aige é an DPC a thuilleadh, ach údarás maoirseachta a bhfuil sainchúram a chuimsíonn an AE go léir air, atá freagrach as cearta príobháideachta sonraí daoine ar fud an AE a chosaint.

Coiste Bainistíochta Sinsearaí an DPC

Agus aitheantas á thabhairt ar an maoiniú ar tháinig méadú suntasach air agus ar mhéid na heagraíochta atá ag fás go tapa, bhunaigh an DPC an Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) in 2016, a chuimsíonn an Coimisinéir agus Leas-Choimisinéirí.

Déanann an Coimisinéir agus baill an CBS maoirseacht ar bhainistiú agus rialachas ceart na heagraíochta ag teacht leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá sceideal foirmiúil nithe ag an CBS le breithniú agus le cinneadh a dhéanamh orthu, de réir mar is cuí, chun maoirsiú agus rialú éifeachtach ar an eagraíocht a chinntiú.

Tá ár gCoiste Bainistíochta Sinsearaí comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- **Helen Dixon** (Coimisinéir Cosanta Sonraí);
- **Anna Morgan** (Leas-Choimisinéir – Ceann Chúrsaí Dlí);
- **Dale Sunderland** (Leas-Choimisinéir – Ceann Bheartas & Rannpháirtíocht agus Chuideachtaí Ilnáisiúnta & Teicneolaíocht);
- **Jennifer O’Sullivan** (Leas-Choimisinéir – Ceann Straitéis, Oibríochtaí & Cúrsaí Idirnáisiúnta);
- **John O’Dwyer** (Leas-Choimisinéir – Ceann Ghearáin & Imscrúduithe); agus
- **Marita Kinsella** (Leas-Choimisinéir – Ceann Ghnóthaí Corparáideacha & Freagairt Chéadlíne).

Maoiniú agus Riarachán

Braitheann an DPC ar acmhainní leordhóthanacha a bheith á gcur ar fáil ag an Rialtas chun a sainchúram a chomhlíonadh mar an gcomhlacht maoirseachta neamhspleách in Éirinn chun cearta bunúsacha cosanta sonraí a chosaint. Mar aitheantas ar an tosaíocht a thugann Rialtas na hÉireann ar chearta um chosaint sonraí a chaomhnú agus ar ról lárnach an DPC maidir le rialáil na cosanta sonraí ar leibhéal AE, tá ardú suntasach tagtha ar mhaoiniú Rialtais don DPC le blianta beaga anuas ó €1.7 milliún in 2013 go dtí leithdháileadh €11.6 milliún in 2018 (comhdhéanta de leithdháileadh pá €7.3 milliún agus leithdháileadh neamh-phá €4.3 milliún).

Aithníonn an DPC an t-ardú suntasach ar mhaoiniú le blianta beaga anuas agus cuireann fáilte roimh thiomantas leanúnach an Rialtais acmhainní a chur ar fáil do riachtanais an DPC chun a ról mar údarás maoirseachta ceannaireachta AE, ról atá ag méadú, a fheidhmiú.

Rinneadh an leithdháileadh maoinithe don DPC faoi Bhuiséad 2018 ar bhonn bliana uile, sular foilsíodh an Bille um Chosaint Sonraí 2018. Dá bharr sin, níor roinneadh leithdháileadh 2018 an DPC idir oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (go dtí an 25 Bealtaine 2018) agus an Coimisiún nua um Chosaint Sonraí (i ndiaidh an 25 Bealtaine 2018). Cuirfear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil críochnaitheach d’oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i ndáil leis an tréimhse idir an 1 Eanáir go dtí an 25 Bealtaine 2018 mar aguisín leis an Tuarascáil seo i ndiaidh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh.

De réir Cuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, aistríodh leithdháileadh 2018 an DPC chuig an gCoimisiún nua um Chosaint Sonraí an 25 Bealtaine 2018.


Príomhspríocanna Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhair 2018

De réir Ráiteas Straitéise 2017-2018 an DPC, is mar seo a leanas na príomhspríocanna don tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil chríochnaitheach seo:


1. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais an DPC ár ról méadaithe faoin GDPR nua, faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus faoin gcóras Rialála r-Príobháideachta a léiriú ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - » Caidreamh forghníomhach a dhéanamh leis an rialtas lena chinntiú go bhfuil na cumhachtaí rialála riachtanacha againn, chomh maith le hacmhainní airgeadais agus eile, lena n-áirítear cóiríocht agus foireann chuí, lena chur ar chumas an DPC a ról a fheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil;
 - » Ár gcumas agus ár saineolas a threisiú tuilleadh trí bhíthin forbairt agus uasoiliúint a chur ar an bhfoireann, chomh maith le hearcú saindírithe ar bhaill foirne le sainscileanna; agus
 - » An obair ar ár gcuid próiseas, córas (ár gcumas TFC ina measc) agus struchtúr a thabhairt chun críche, chun éifeachtacht leanúnach faoin gcóras cosanta sonraí nua a chinntiú.
2. Comhoibriú le comhghleacaithe cosanta sonraí AE agus idirnáisiúnta agus le comhlachtaí rialála in earnálacha eile trí bhíthin:
 - » Caidreamh láidir agus éifeachtach a fhorbairt le comhghleacaithe agus comhlachtaí rialála eile an AE, lena n-áirítear trí thionscnamh Teach Imréitigh Dhigiteach an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí, rud a thugann Rialtóirí lomaíochta, Tomhaltóirí agus Cosaint Sonraí le chéile;
 - » Bheith gníomhach agus a bheith ag rannchuidiú ag leibhéal AE trí Mheitheal Oibre Airteagal 29 (a chuimsíonn DPAnna an AE) chun léirmhíniú comhchuibhithe ar dhlíthe nua a fhorbairt, treoir GDPR a ullmhú, agus creat nós imeachta an AE do na dlíthe nua a fhorbairt, roimh an 25 Bealtaine 2018;
 - » Comhoibriú déthaobhach agus roinnt faisnéise a chur chun cinn trí thoscaireachtaí ó Údaráis um Chosaint Sonraí an AE agus Idirnáisiúnta a óstáil agus a gcuid rannpháirtíochta in iniúchtaí agus imscrúduithe an DPC a cheadú;
 - » Bheith rannpháirteach go héifeachtach agus go cuiditheach sa Bhord Eorpach nua um Chosaint Sonraí (EDPB), agus é mar aidhm againn cur le feidhmiú ceart agus comhsheasmhach na ndlíthe nua agus le forbairt staideanna agus freagraí coitianta i ndáil le forbairtí maidir le príobháideachas sonraí uile-AE; agus
3. Feasacht agus comhlíonadh níos fearr maidir le cosaint sonraí a threorú trí chomhairliúchán straitéiseach ach an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - » Leanúint le dlúthchaidreamh a chothú le DPAnna idirnáisiúnta trí fhórait amhail an Líonra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí um Chosaint Sonraí agus Príobháideachta.
 - » Díriú ar eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháideacha agus dul i ngleic leo, go háirithe sna réimsí is mó riosca agus próiseáil sonraí córasacha ar scála mór;
 - » Treoir shoiléir, ardchaighdeán agus tráthúil a sholáthar do rialtóirí agus próiseálaithe sonraí, lena n-áirítear tríd an úsáid a bhaintear as na meáin shóisialta agus bealaí cumarsáide ar líne a uasmhéadú; agus
 - » Clár for-rochtana ardleibhéil a sholáthar do pháirtithe leasmhara náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta mar phríomhchainteoirí ag comhdhálacha agus rannpháirtíocht in imeachtaí painéil agus ceardlainne.
4. Maoirseacht agus Forfheidhmiú Éifeachtach a chinntiú ach an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - » Ag plé go héifeachtach le páirtithe leasmhara, ár gcomhghleacaithe AE agus comhlachtaí rialála eile chun príomhréimsí droch-chleachtais agus neamhchomhlíonadh tromchúiseach a aithint, a d'fhéadfadh go mbeadh gá le bearta forfheidhmithe ina leith;
 - » Tabhairt faoi ghníomhaíocht rialála, lena n-áirítear smachtbhannaí a fhorchur, ar bhealach dleathach, cothrom, comhréireach agus éifeachtach, a thagann le cur chuige comhchuibhithe an AE, agus é mar chuspóir foriomlán againn comhlíonadh agus cuntasacht níos fearr a threorú ag eagraíochtaí chun a gcuid oibleagáidí maidir leis na daoine is ábhar do na sonraí a chomhlíonadh; agus
 - » Comhlíonadh feabhsaithe níos fearr le hoibleagáidí cosanta sonraí a stiúradh trí imscrúduithe agus iniúchtaí a dhíríonn ar phróiseáil ard-riosca agus mhórsála sonraí pearsanta.

Athbhreithniú gearr ar an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 24 Bealtaine 2018

- Rinneadh teagmháil lenár nAonad Faisnéise agus Measúnaithe beagnach **22,000** uair, trí bhíthin os cionn **9,900** ríomhphost, **10,200** glaoch teileafóin, agus tuairim is **1,800** mír comhfhreagrais tríd an bpost. Tháinig ardú suntasach ar an éileamh i mí na Bealtaine nuair a rinneadh teagmháil leis an Aonad beagnach **6,000** uair, ba é sin meánmhéid de **270** teagmháil in aghaidh an lae oibre.



- 1,249** an líon iomlán gearán a fuarthas agus cearta rochtana an chatagóir aonair ba mhó, a fuair **571** gearán, nó 45% den líon iomlán.




- Tugadh **1,046** gearán chun críche ón 1 Eanáir -24 Bealtaine 2018.
- Cé gur réitíodh formhór na ngearán go síochánta, d'eisigh an DPC **12** chinneadh foirmiúil ar a mhéad.



- Taifeadadh **1,198** sárú bailí ar shlándáil.





- Thug an tAonad Imscrúduithe Speisialta (SIU) a imscrúdú chun críche inar scrúdaíodh próiseáil sonraí pearsanta íogaire othar i réimse na n-ospidéal in Éirinn, sonraí a bhfuil rochtain ag othair agus ag an bpobal orthu. D'fhoilsigh an SIU tuarascáil dar teideal *"Data Protection Investigation in the Hospitals Sector"* i mBealtaine 2018 agus scaipeadh í ar gach ospidéal sa Stát.
- Thug an SIU chun críche a imscrúdú ar rialachas Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) ar láimhseáil sonraí pearsanta i gcásanna cosanta leanaí i mí na Nollag 2017. Chuir an tAonad a thorthaí (59 ar an iomlán, faoi dhá cheannteideal topaice déag) i láthair TUSLA in Eanáir 2018.
- Lean an SIU lena chuid oibre san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideach agus rinne baill an SIU cigireachtaí ar áitreabh bheirt imscrúdaitheoirí príobháideacha. Leanadh leis an obair freisin i ndáil leis an imscrúdú speisialta ar Chárta Seirbhísí Poiblí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
- Rinneadh imscrúdú ar **41** ghearán nua faoi I.R. 336 de 2011 (na Rialacháin maidir le r-Príobháideacht) i ndáil le cineálacha éagsúla margaíochta díri leictreonaí.
- **503** an líon fiosrúchán comhairliúcháin ginearálta a fuarthas, an líon céanna a fuarthas sa tréimhse chéanna in 2017.
- Leanadh leis na babhtaí comhairliúcháin le heagraíochtaí sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, chun cabhrú le heagraíochtaí ina gcuid ullmhúchán don GDPR.
- Rinneadh **23** iniúchadh/chigireacht. Is éard is aidhm le gach iniúchadh/chigireacht seiceáil an bhfuiltear ag comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí agus cabhrú leis an rialtóir sonraí nó leis an bpróiseálaí sonraí dea-chleachtas a bhaint amach i ndáil lena oibríochtaí próiseála sonraí.
- Leanadh leis an gcaidreamh rialála le cuideachtaí ilnáisiúnta mar ullmhú do thabhairt isteach an GDPR.

- Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018 rinneadh forbairtí suntasacha i ndlíthíocht Ard-Chúirte an DPC maidir leis an DPC ag lorg tagartha do CJEU ar bhailíocht SCCanna mar shásra aistrithe i ndáil le haistrithe sonraí AE-SAM. I mí Eanáir, bhí éisteachtaí breise ann san Ard-Chúirt ar cé na ceisteanna go díreach a bhí le tarchur chuig an CJEU, agus “earráidí” i mbreith na hArd-Chúirte an 3 Deireadh Fómhair 2017 a líomhain Facebook agus Rialtas SAM gur tharla siad i mí Eanáir. I mí Aibreáin, d’eisigh an Chúirt leagan leasaithe dá breith bhunaidh ina ndearnadh athruithe ar ailt áirithe den bhreith mar fhreagairt ar na haighneachtaí faoi na líomhaintí go ndearnadh “earráidí”. Chinn an Chúirt freisin cé na ceisteanna go díreach a bhí le tarchur chuig an CJEU ina hiarratas ar réamhrialú.
- I mí na Bealtaine, dhiúltaigh an Ard-Chúirt iarratas ó Facebook go gcuirfí breith na hArd-Chúirte siar ar feitheamh achomhairc; ba é tuairim na Cúirte go ndéanfaí an éagóir ba lú trí bhíthin sin a dhéanamh agus tríd an tarchur a chur láithreach chuig an CJEU. Rinne Facebook achomharc chun na Cúirte Uachtaraí ina dhiaidh sin agus tá éisteacht an achomhairc sin ar an liosta sealadach do mhí na Nollag 2018. Tá iarratas na hArd-Chúirte ar réamhrialú fós ar feitheamh i láthair an CJEU.”
- D’fheidhmigh an DPC mar phríomh-athbhreithneoir i ndáil le 13 iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCRanna).
- Léiríodh, le suirbhé a rinneadh i mí na Bealtaine 2018 dhá oiread na feasachta ar an GDPR san earnáil SME ón tréimhse chéanna in 2017. In Bealtaine 2018, dhearbhaigh na torthaí go raibh os cionn 90% de ghnóthaí ar an eolas faoin GDPR.
- Labhair baill foirne an DPC agus rinne cuir i láthair ag imeachtaí beagnach ar **120** ócáid, ina measc comhdhálacha, seimineáir, agus cuir i láthair d’eagraíochtaí aonair i réimse leathan earnálacha.
- Tháinig fás mór leanúnach ar ár gcuntas Twitter, @DPCireland, agus tháinig ardú go dtí **5,500** ar an líon leantóirí faoin 24 Bealtaine 2018. Sheolamar cuntas LinkedIn don DPC freisin go luath in 2018. Baineadh úsáid as ár gcuntas Twitter agus as ár gcuntas LinkedIn chun feasacht ar an GDPR a ardú agus chun aird a tharraingt ar threoirínte agus uirlisí an DPC atá foilsithe ar www.dataprotection.ie agus ar www.GDPRandYou.ie.



Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin

Is príomhchuspóir de chuid oifig an Choimisiún Cosanta Sonraí agus anois de chuid an Coimisiúin nua um Chosaint Sonraí é seirbhís faisnéise freagrúil agus ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí maidir lena gcearta agus freagrachtaí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus feidhmeanna an DPC.

Faigheann Aonad Faisnéise agus Measúnaithe an DPC, a chuireann an tseirbhís faisnéise poiblí seo ar fáil mar dheasc chabhrach, fiosrúcháin ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí ar ríomhphost, ar fhoirmeacha ar líne nó ar an teiléafón, agus tugann freagra ar na fiosrúcháin sin. Ina theannta sin, téann an tAonad i ngleic le daoine aonair agus déanann measúnú ar ábhair imní agus gearáin a fhaightear maidir le sáruithe féideartha ar chearta cosanta sonraí daoine aonair.

Freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin

Tréimhse thar a bheith gnóthach don Aonad Faisnéise agus Measúnaithe a bhí sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018, go háirithe ag druidim le cur i bhfeidhm an GDPR. Rinneadh teagmháil leis an Aonad beagnach 22,000 uair sa tréimhse sin, le breis is 9,900 ríomhphost, 10,200 glaoch teiléafóin agus tuairim is 1,800 mír comhfhreagrais tríd an bpost. Tháinig borradh faoin éileamh i mí na Bealtaine nuair a rinneadh teagmháil leis an Aonad beagnach 6,000 uair; 270 uair in aghaidh an lae, ar an meán.

Sa DPC, tá mar aidhm againn freagra a thabhairt ar gach fiosrúchán chomh luath agus is féidir, ach faisnéis a thabhairt díreach don duine a dhéanann an fiosrúchán nó iad a threorú chuig treoir ábhartha nó faisnéis atá ar fáil sa réimse poiblí.

Gearáin a fháil agus a mheas

Mar is amhlaidh le blianta roimhe seo, tá ardú bliain ar bhliain ag teacht ar líon na ngearán a fhaigheann an DPC ó dhaoine aonair. Ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 24 Bealtaine 2018, fuarthas 1,249 gearán ó dhaoine aonair agus rinne an DPC scrúdú orthu. Bhí sin ag teacht leis an líon gearán a fuair an DPC sa tréimhse chéanna de 2017. Agus an GDPR i bhfeidhm anois, táthar ag súil go dtiocfaidh ardú ar líon iomlán na ngearán a bheidh faighte don bhliain iomlán 2018.

Maidir le gearáin, is feidhm thábhachtach an DPC é an cúnamh is gá a thabhairt do dhaoine lena chur ar a gcumas a n-ábhar imní maidir le cosaint sonraí a réiteach go díreach leis an eagraíocht a bhí ag próiseáil a sonraí pearsanta. In go leor cásanna, réitíodh ábhair imní agus gearáin ar an tslí sin. I gcásanna eile, rinne an DPC caidreamh leis an duine agus leis an eagraíocht chun aghaidh a thabhairt ar an ngearán nó chun réiteach síochánta a éascú. I gcásanna eile arís, ag brath ar nádúr an cháis, b'éigean imscrúdú a thionscain de bhun an ghearáin.

Ullmhú don GDPR

Ar deireadh, príomhthosaíocht don DPC sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018 é leanúint de sheirbhísí an Aonaid Faisnéise agus Measúnaithe a fhás agus a fheabhsú agus éirí ullamh do chur i bhfeidhm an GDPR. Sa tréimhse sin, tháinig fás 53% ar an bhfoireann ó 13 go 20 ball foirne agus d'oibríomar chun nósanna imeachta, córais agus acmhainní faisnéise nua a chur ar bun d'fhonn freagairt níos fearr don líon gearán agus fiosrúcháin a fhaightear, líon atá ag fás, agus d'fhonn leanúint d'fheabhas a chur ar an tseirbhís arna cur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí.

Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus foghlaim ó fhiosrúcháin agus gearáin a chur chun cinn

Tugann seirbhís faisnéise an DPC léargas luachmhar ar shaincheistanna cosanta sonraí atá ag teacht chun cinn agus ar ábhar imní iad do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Ach monatóireacht a dhéanamh ar nádúr na bhfiosrúcháin agus na ngearán a fhaightear, cuireann foireann an Aonaid Faisnéise agus Measúnaithe ar chumas DPC treochtaí a aithint agus foghlaim a chur chun cinn i measc eagraíochtaí maidir leis an tslí is fearr leis an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus cearta cosanta sonraí daoine aonair a chosaint.

Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, ag druidim le cur i bhfeidhm an GDPR, d'aithin an DPC roinnt réimsí ina gcuirfeadh faisnéis agus treoir bhreise ar chumas eagraíochtaí ullmhúcháin níos fearr don GDPR a dhéanamh. Mar shampla, aithníodh an t-ábhar seo mar cheann tábhachtach de bharr iarratais ó rialtóirí sonraí faoi ról Oifigigh Chosanta Sonraí. Dá bharr sin, thug an DPC treoir faoi ról Oifigigh Chosanta Sonraí isteach. Ar an tslí chéanna, forbraíodh treoir ar an ábhar

seo agus foilsíodh ar ár láithreán gréasáin í mar thoradh ar fhiosrúcháin ó dhaoine maidir leis an tslí ar chóir dóibh iarratas ar rochtain a dhéanamh faoin GDPR. Tá teimpléad áisiúil sa treoir seo chun cabhrú le daoine iarratas ar rochtain a dhéanamh chuig eagraíocht agus a gcearta feabhsaithe maidir le cosaint sonraí faoin GDPR a chleachtadh.

Gearáin a Thabhairt Chun Críche


Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, b'oireagáid reachtúil an DPC é iarracht a dhéanamh gearáin a fuarthas ón bpobal a réiteach go síochánta. Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, tugadh formhór mór na ngearán chun críche go síochánta idir na páirtithe leis an ngearán gan gá le cinneadh foirmiúil a eisiúint faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Eisíodh 12 chinneadh faoin bhforáil seo. Sheas naoi gcinn díobh go hiomlán leis an ngearán, sheas ceann amháin go páirteach leis an ngearán agus dhiúltaigh péire an gearán. Tugadh líon iomlán de 1,046 ghearán chun críche le linn na tréimhse sin. (Tugtar cás-staidéir i ndáil leis na gearáin sin in Aguisín II).

Gearáin maidir le Margaíocht Dhíreach Leictreonach

Rinne an DPC imscrúdú ar 41 ghearán nua faoi na Rialacháin r-Príobháideachta idir 1 Eanáir - 24 Bealtaine 2018 i ndáil le cineálacha éagsúla margaíochta díri leictreonaí. (In 2017, 124 an líon iomlán gearán nua a imscrúdaíodh sa chatagóir seo don bhliain iomlán). As an 41 ghearán a ndearnadh imscrúdú orthu, bhain 24 le margaíocht ríomhphoist, bhain 16 le margaíocht SMS (teachtaireacht téacs) agus bhain gearán amháin le margaíocht teileafóin.

Thug an DPC 62 imscrúdú ar ghearáin faoi mhargaíocht dhíreach leictreonach chun críche sa tréimhse sin. Chríochnaigh roinnt de na himscrúduithe sin le hionchúiseamh ag an DPC sa Chúirt Dúiche. Tugadh ionchúisimh chun críche i gcoinne trí chuideachta sa tréimhse sin, i ndáil le líon iomlán de 46 chion faoi na Rialacháin r-Phríobháideachta. D'éascair ciontuithe ar cheithre chúiseamh shamplacha as na hionchúisimh sin agus as an Probation of Offenders Act a fheidhmiú i ndáil le trí chúiseamh. Leagtar amach mionsonraí faoi na hionchúisimh sin in Aguisín II.

Briseadh síos ar ghearáin de réir saincheist cosanta sonraí



Forléargas ar Gearáin 1 Eanáir – 24 Bealtaine 2018


1,249

Gearáin a osclaíodh sa bhliain

1,046

Líon iomlán Gearán a Tugadh Chun Críche sa bhliain

Briseadh Síos ar ghearáin a fuarthas ó 2008 i leith



Imscrúduithe Speisialta

Bunaíodh Aonad Imscrúduithe Speisialta (SIU) an DPC in 2015 chun imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin, go príomha, ar leithligh ó imscrúduithe gearán-bhunaithe. Tugtar mionsonraí sa chuid seo den tuarascáil ar chuid de bhuaicphointí na hoibre sin a rinne an SIU sa tréimhse faoi athbhreithniú.

Earnáil na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha

Leanadh leis an obair sa tréimhse sin ar an imscrúdú ar earnáil na n-imscrúdaitheoirí príobháideacha agus rinne baill an SIU cigireachtaí ar áitribh bheirt imscrúdaitheoirí príobháideacha.

Cúirt Dúiche Leitir Ceanainn

In Eanáir 2018, rinneadh ionadaíocht ag SIU an DPC ag ionchúiseamh i gCúirt Dúiche Leitir Ceanainn inar cuireadh roinnt cionta i leith an chosantóra, iar-státseirbhíseach sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, maidir le hÍocaíochtaí éillitheacha a fháil idir 2008 agus 2010 ó bheirt imscrúdaitheoirí príobháideacha as faisnéis phearsanta a bhí coinnithe i mbunachar sonraí ríomhaire an fhostóra a bhí aige ag an am, an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a thabhairt dóibh. Ag an éisteacht, phléadail an cosantóir ciontach as 12 chúiseamh shamplacha as líon iomlán de 41 chúiseamh a bhain le sárúithe ar alt 1(1) agus (4) den Acht um Éilliú a Chosc, 1906 arna leasú le halt 2 den Acht um Éilliú a Chosc, 2001. Ghearr an Chúirt pianbhreith dhá bhliain príosúnachta as gach ceann den 12 chúiseamh ar an gcosantóir, le rith i gcomhthráth agus an bhliain dheiridh ar fionraí.

Chuir an DPC fáilte roimh thoradh an cháis seo, a tharla i ndiaidh imscrúduithe ar leithligh ag an nGarda Síochána agus ag an DPC.

Earnáil na nOspidéal

In 2017, d'oscail an SIU imscrúdú chun scrúdú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta íogaire othar i réimse na n-ospidéal in Éirinn, a bhfuil rochtain ag othair agus ag an bpobal orthu. Díródh go sonrach san imscrúdú seo, a bhain le cigireachtaí ar 20 ospidéal, ar chúrsáil agus aistear chomhaid othar, d'fhonn laigí ar bith a shainaithint i ndáil le riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a chomhlíonadh chun sonraí pearsanta a choimeád slán sábháilte agus chun

beartha cúí a bheith ar bun chun rochtain neamhúdaraíthe ar shonraí pearsanta, nó nochtadh sonraí pearsanta, a chosc.

Ag tarraingt ar thorthaí an 20 cigireacht ospidéal, leag an SIU tuarascáil cigireachta foriomlán amach lena scaipeadh ar gach ospidéal sa Stát. Foilsíodh an tuarascáil dar teideal *“Data Protection Investigation in the Hospitals Sector”* mí na Bealtaine 2018. An príomhchuspóir leis an tuarascáil cigireachta seo ná aird gach ospidéal sa Stát a tharraingt ar na cúiseanna imní sin i ndáil le comhlíonadh cosanta sonraí agus iad a spreagadh le scrúdú a dhéanamh ar cibé an raibh cás ar bith mar sin ag tarlú nó an bhféadfaidís tarlú ina shaoráid agus, dá bhféadfaidís, na moltaí a rinneadh sa tuarascáil a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

Leagadh amach 14 phríomhchúis imní sa tuarascáil cigireachta. Maidir le gach cúis imní, sainaithníodh rioscaí agus rinneadh moltaí chun na rioscaí sin a mhaolú. Sainaithníodh 35 riosca ar feadh na 14 chúis imní sa tuarascáil agus rinneadh 76 mholadh. Tá na cúiseanna imní a tháinig chun cinn sna ceithre chatagóir déag mar seo a leanas:

- Rialuithe i Leabharlanna Taifead Leighis;
- Slándáil;
- Stóráil Chairt Ghrinnithe Othar i Suíomhanna Barda Ospidéal;
- Stóráil Chairt Othar i mBoscaí Tralaithe i Suíomhanna Barda;
- Stóráil Dramhpháipéar Rúnda i Suíomh Ospidéal;
- Diúscairt Liostaí Aistrithe agus Liostaí Othar;
- Úsáid Meaisíní Facsála;
- Easpa Príobháideachta Cainte;
- Easpa Rianta Iniúchta;
- Ardú Feasachta ar Chosaint Sonraí in Ospidéal;
- Toiliú maidir le Taighde;
- Próiseáil Faisnéise Árachais Sláinte Príobháideach in Ospidéal;
- Úsáideoirí Seirbhísí Máithreachais; agus
- Coinneáil Sonraí.

Aithníodh sa tuarascáil imscrúdaithe gur cheart go gcuirfí saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht othar san áireamh lena chinntiú go mbainfí cothromaíocht chúí amach idir na rioscaí do chosaint sonraí a mhaolú agus na rioscaí do shábháilteacht othar a mhaolú,

agus ospidéal ag cur roinnt de na moltaí sa tuarascáil i bhfeidhm.

Agus an tuarascáil imscrúdaithe á scaipeadh ar ospidéal ar fud an Stáit aige, d'iarr an SIU orthu scrúdú a dhéanamh ar cibé an raibh aon cheann nó gach ceann de na cúiseanna imní a léiríodh sna 14 chúis imní ag tarlú, nó an bhféadfadh siad tarlú ina saoráid, agus gach cuid de champas an ospidéal a bhreithniú mar chuid den scrúdú sin. Chun cabhrú le hospidéal na rioscaí cosanta sonraí a bhain lena saoráidí a shainaithint agus chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh faoi na ghníomhartha leasúcháin atá beartaithe acu a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú, d'eisigh an SIU teimpléad do phlean um cháilíocht na cosanta sonraí a fheabhsú, in éineacht leis an tuarascáil imscrúdaithe.

Sula bhfreastalaítear ar ospidéal, cruthaítear agus próiseáiltear foirmeacha clárúcháin othar, cairteacha, scanadh agus doiciméadúcháin eile ina bhfuil sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire. Coimeádann ospidéal líonta ollmhóra sonraí ar othair, mar sin. In go leor leor cásanna, níl an oiread sin sonraí pearsanta íogaire ar roinnt daoine ag eagraíocht ar bith eile sa Stát. Tá cosaint sonraí ag croílár dhínit an othair agus é i suíomh ospidéal agus tá próiseáil sonraí pearsanta ag croílár na cóireála agus an chúraim leighis maidir le gach othar ospidéal. Ar na cúiseanna sin ach go háirithe, d'iarr an DPC ar gach ospidéal sa Stát dianmhachnamh a dhéanamh ar a bhfuil sa tuarascáil imscrúdaithe, agus thug faoi aon rioscaí maidir le cosaint sonraí ar feadh a champais ospidéal a shainaithint láithreach agus faoi chéimeanna cuí a ghlacadh chun iad a mhaolú.

Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

I mí an Mhárta 2017, chuir an SIU tús le himscrúdú chun scrúdú a dhéanamh ar rialachas ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar shonraí pearsanta a bhaineann le cásanna um chosaint leanaí.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil an DPC 2017, cuireadh tús leis an imscrúdú speisialta seo i mí an Mhárta 2017 mar gheall ar fhaisnéis a tháinig chun solais i mí Feabhra 2017 maidir le cúiseanna imní a bhain le láimhseáil sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire ag Tusla. Thug an SIU a obair imscrúdaithe chun críche i mí na Nollag 2017 agus cuireadh na torthaí (59 mhír san iomlán faoi 12 cheannteideal), faoi bhráid Tusla in Eanáir 2018.

Bhain ceann de phríomhthátail an imscrúdaithe leis an réimse próiseála sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire sa chomhthéacs bainistiú comhad agus coinneáil taifead. Tháinig SIU an DPC ar an tátal nach ndearnadh pleanáil leordhóthanach do straitéis láidir rialachais nuair a bunaíodh Tusla in 2014 a thug méid mór cásoibre le chéile le breis agus 4,000 ball foirne as trí ghníomhaireacht éagsúla a bhí ann cheana féin.

Bhí na nithe seo a leanas i measc príomhthorthaí eile an imscrúdaithe:

- Is den rithábacht go ndéanann an córas bainistithe cásoibre arna úsáid i ngach réimse in Tusla taifead iomlán, críochnaitheach de gach ábhar cásoibre a chruthú maidir le gach cás d'fhonn an riosca a mhaolú go bhféadfadh an córas dearcadh míchruinn, neamhiomlán nó claonta ar gach cás a thabhairt. Sainaithníodh fianaise san imscrúdú ar go leor imleabhar de chomhaid cháis aonair agus ar cinn a bhí ag teacht salach ar a chéile, nár léir aon 'mháistirchomhad' iomlán, agus gan rian iniúchta bheith ar fáil i ndáil le láimhseáil an chomhaid; agus
- Bhí nasc reatha leis an HSE i ndáil le spás oifige, seirbhísí agus córais ICT chun suntais le linn na gcigireachtaí agus léirigh na torthaí roinnt cúiseanna imní ina leith sin.

Agus torthaí a imscrúdaithe á gcur faoi bhráid Tusla, d'iarr an SIU ar Tusla plean gnímh a chur i láthair laistigh de dhá mhí ina leagfaí amach an tslí a raibh sé beartaithe aige plé leis na torthaí. Chuir Tusla a phlean gnímh ar aghaidh chuig an SIU go luath i mí Aibreáin 2018. I ndiaidh dó athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gnímh, chuir an SIU a thuairimí ar aghaidh chuig Tusla ag deireadh mhí Aibreáin 2018.

An Cárta Seirbhísí Poiblí (PSC)

Leanadh leis an obair le linn na tréimhse faoi athbhreithniú i ndáil le himscrúdú speisialta an PSC ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus a ndearnadh tagairt dó i dTuarascáil Bhliantúil 2017. Áiríodh ar chuspóir an imscrúdaithe sin:

- a fháil amach cibé an bhfuil bunús dlí ann chun sonraí a phróiseáil i gcomhar leis an PSC;
- scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil bearta slándála cuí in úsáid i ndáil leis na sonraí pearsanta arna bpróiseáil maidir leis an PSC;
- meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil don phobal; agus
- a fháil amach cibé an gcomhlíonann sin na reachtaíochta um chosaint sonraí maidir le trédhearcacht.

Tá an t-imscrúdú, atá deighilte ina módúil, fós ar bun agus eisíodh na torthaí tosaigh, i gcomhar le roinnt iarratas ar fhaisnéis bhreise i ndáil leis an gcéad mhodúl, i mí Lúnasa 2018 chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le haghaidh tuairimí agus freagairtí.

Fógraí maidir le Sárú Sonraí

Sa tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, fuair an DPC 1,250 Fógra maidir le Sárú Sonraí a rinneadh faoin gCód Cleachtas Sárú ar Shonraí Pearsanta. Rangáidh 52 chás (4%) mar chásanna nach raibh sárú i gceist leo. Dá bharr sin, thaifead an DPC líon iomlán de 1,198 sárú bailí ar shonraí le linn na tréimhse.

Níl an Cód Cleachtas seo ina cheangal de réir dlí agus níl sé infheidhme maidir le teileachumarsáid ná soláthraithe seirbhísí idirlín, atá faoi oibleagáid dhlíthiúil faoi Ionstraim Reachtuil 336 de 2011 an DPC a chur ar an eolas faoi shárú slándála sonraí tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig i ndiaidh teacht ar an sárú den chéad uair. Fuair an DPC líon iomlán de 36 Fógra bailí maidir le Sárú Sonraí le linn na tréimhse sin i ndáil leis an earnáil teileachumarsáide.

Mar ab amhlaidh le blianta eile, ba “Nochtadh Neamhúdaraíthe” an catagóir sárú sonraí ba mhó a tuairiscíodh faoin gCód Cleachtas agus b’ionann sárúithe den sórt sin agus díreach faoi bhun 59% den líon iomlán Fógraí maidir le Sárú Sonraí a fuarthas sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018.

Áirítear ar shamplaí tipiciúla de shárú sonraí:

- láimhseáil mhíchuí nó nochtadh míchuí sonraí pearsanta e.g. diúscairt mhícheart, rochtain ag tríú páirtí ar shonraí pearsanta – de lámh nó ar líne – agus rochtain neamhúdaraíthe ag fostaí;
- cailteanas sonraí pearsanta arna gcoimeád ar ghairis chliste, ríomhairí glúine, ríomhaire, mearóga USB, comhaid pháipéir; agus
- cur isteach ar shlándáil gréasáin/sárúithe ar shlándáil láithreáin ghréasáin, e.g. bogearraí éirice, haiceáil, fioscaireacht.

Déantar sárúithe sonraí a bhaineann le IT a chuirtear in iúl don DPC a shannadh ar fhoireann thiomnaithe Iniúchta Teicniúil a dhéanann athbhreithniú ar na gníomhartha a dhéanann an rialtóir sonraí mar fhreagra ar shárúithe den sórt sin agus, nuair is cuí, a chuireann comhairle ar eagraíochtaí faoi bhearta breise chun slándáil córais a threisiú lena chinntiú nach dtarlaíonn a leithéid de shárúithe a bhaineann le IT arís.

Tá briseadh síos sna táblaí thíos ar Fhógraí maidir le Sárú Sonraí a fuarthas i rith na tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018.

Tábla 1: Líon na bhFógraí maidir le Sárú Sonraí a fuarthas sa tréimhse ón 1 Eanáir - 24 Bealtaine 2018

An líon iomlán Fógraí maidir le Sárú a fuarthas	1,250
An líon a measadh nár Sárúithe iad	52
An líon Fógraí Bailí maidir le Sárú	1,198

Tábla 2: Fógraí maidir le Sárú i mblianta roimhe

Bliain	An líon Fógraí Bailí maidir le Sárú
2014	2,188
2015	2,317
2016	2,224
2017	2,795
1 Eanáir - 24 Bealtaine 2018	1,198

Imscrúduithe ar shárú a bhaineann le teicneolaíocht

Idir an 1 Eanáir agus an 24 Bealtaine 2018, rinneadh imscrúdú ar 16 shárú ar sonraí a bhain le teicneolaíocht. Astu sin, bhain seacht gcinn le húsáid rialtóir sonraí as timpeallachtaí néal-bhunaithe arna dtairiscint ag soláthraithe néalsheirbhísí. Is ionann sin agus leanúnachas ar threochtaí a sainaitníodh in 2017.

Bhain formhór na sáruithe sonraí sin le:

- Róbhrath ar phróiseálaithe sonraí chun bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, mar shampla, teip maidir leis na socrúithe slándála réamhshocraithe arna dtairiscint ag soláthraithe néalsheirbhísí a mhodhnú, ar tharla rochtain neamhúdaraíthe ar shonraí pearsanta dá bharr;
 - Feasacht neamhleor ar phrótaicail slándála is féidir a chur i bhfeidhm mar chuid de thimpeallachtaí néal-bhunaithe a úsáid le haghaidh phróiseáil sonraí pearsanta, lena n-áirítear, mar shampla, teip maidir le fíordheimhniú dhá-fhachtóir a chur i bhfeidhm;
 - Teip maidir le bearta slándála is cuí do shainriachtanais slándála na heagraíochta a chur i bhfeidhm agus a scópáil go cuí, lena n-áirítear, mar shampla, dearbhuithe foirmiúla a lorg ó phróiseálaithe sonraí gur cuireadh a leithéid de bhearta i bhfeidhm;
 - Struchtúir laga rialachais agus rialúcháin lena n-áirítear, mar shampla, teip maidir le comhaontuithe próiseáil sonraí a chinntíonn cur síos ar oibleagáidí phróiseálaithe sonraí i ndáil le slándáil na próiseála a bheith i bhfeidhm; agus /nó
 - Easpa nósanna imeachta leantacha lena chinntiú go bhfuil bearta slándála cuí agus cothrom le dáta, lena n-áirítear, mar shampla, athbhreithnithe tréimhsiúla ar bhearta slándála agus na bearta slándála sin a chumrú.
- Ina theannta sin, léirigh na sáruithe sonraí a bhain le teicneolaíocht treochtaí ar cheart do rialtóirí sonraí bheith ar an eolas fúthu. Moltar dá bharr sin gur cheart do rialtóirí sonraí a úsáideann timpeallachtaí néal-bhunaithe mar chuid dá bpróiseáil sonraí pearsanta machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as a leithéid de sheirbhísí:
- Is ceart do rialtóirí sonraí a chinneadh iad féin cé na bearta slándála is cuí lena gcur i bhfeidhm i ndáil lena bpróiseáil ar shonraí pearsanta;
 - Is ceart do rialtóirí sonraí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le dea-chleachtas slándála arna cur ar fáil ag a soláthraithe néalsheirbhísí;
 - Ní ceart brath ar shocruithe slándála réamhshocraithe agus is ceart athbhreithniú agus leasú mar is cuí a dhéanamh ar na bearta slándála go léir arna soláthar ag díoltóirí; agus
 - Is ceart do rialtóirí sonraí athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta fíordheimhnithe, rialúcháin agus rochtana lena chinntiú go bhfuil cosaintí cuí i bhfeidhm:
 - go mbeidh an líon ceadanna cuí is lú ag úsáideoirí lena chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh;
 - go bhfeidhmítear beartais láidre maidir le pasfhocail;
 - go nglactar céimeanna lena chinntiú nach mbíonn rochtain ar thimpeallachtaí néal-bhunaithe ach ag úsáideoirí údaraíthe agus iad sin amháin, agus go mbíonn rialuithe cuí i bhfeidhm chun an riosca ionsaí a mhaolú;
 - go ndéantar athbhreithnithe rialta ar úsáideoirí ceadanna agus go mbaintear cuntais nach bhfuil de dhíth a thuilleadh;
 - go gcoinnítear slán na sonraí pearsanta a tharchuirtear thar líonra nó a stóráiltear; agus
 - go ndéantar athbhreithnithe ar bhearta chun ionradh a chosc agus a bhrath agus ar rianta iniúchta agus loga i gcomhar le monatóireacht a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfar iompar amhrasach a bhrath go tapa.

Go ginearálta, cé gur chuir go leor eagraíochtaí bearta slándála ICT éifeachtacha ar bun, d'aithníomar nach nglacann rialtóirí sonraí, go háirithe SMEnna, céimeanna forghníomhacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin ná oiliúint a chur ar bhaill foirne chun feasacht ar bhagairt a bhíonn ag teacht chun cinn a áirithiú. Mar sin, molaimid do rialtóirí sonraí athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar bhearta slándála ICT agus pleananna oiliúna cuimsitheacha a leagan amach agus a chur i bhfeidhm d'fhostaithe, le tacaíocht ó oiliúint athnuachana agus clár feasachta chun na rioscaí a dtagtar orthu i dtimpeallachtaí néal-bhunaithe a mhaolú.

Cuideachtaí Ilnáisiúnta agus an Teicneolaíocht

Ullmhú don GDPR

Leanadh de mhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta i gcuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn mar príomhthosaíocht DPC. Tugadh tosaíocht freisin don obair chun an DPC a ullmhú dá ról mar Príomh-Údarás Maoirseachta AE do na cuideachtaí ilnáisiúnta sin a bhfuil a “bpríomh-áitreabh” in Éirinn faoi shamhail “Aonad Ilfhreastail” an GDPR.

Dhírigh caidreamh an DPC le cuideachtaí ilnáisiúnta i ndáil le GDPR ar phróiseáil mhórscaála sonraí pearsanta de chuideachtaí ilnáisiúnta domhanda a bhfuil a gceanncheathrú AE lonnaithe in Éirinn, go príomha, cuideachtaí amhail Facebook, LinkedIn, Google, Microsoft, Twitter, Oath EMEA, Ancestry agus SurveyMonkey. Bhain an caidreamh sin go tipiciúil le cuideachtaí ag cur a gclár ullmhachta GDPR i láthair agus ár dtuairimí a lorg maidir le cur i bhfeidhm an GDPR ar a gcuid beartas, táirgí agus seirbhísí.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dúinn ag cuideachtaí ilnáisiúnta i rith an chaidrimh sin, thugamar tuairimí ar chur i bhfeidhm oibleagáidí GDPR amhail cuntasacht, bainistiú riosca, cosaint sonraí trí dhearadh agus de réir réamhshocraithe, trédhearcacht, úsáid bunús dlí chuí, sásraí toilithe nuashonraithe agus cur i bhfeidhm cearta úsáideoirí.

Dhírigh cuid mhaith de chaidreamh an DPC le cuideachtaí ilnáisiúnta sa tréimhse sin le comhlíonadh le príomhchoincheapa GDPR, ina measc an tábhacht a bhaineann le:

- faisnéis “shoiléir shimplí plain” faoi oibríochtaí próiseála i ndáil le sonraí pearsanta agus riachtanais Airteagail 12-14 an GDPR;
- tacaíocht do chearta ábhar sonraí a éascú agus rialuithe agus faisnéis a bhaineann le rialuithe dá leithéid a bheith soiléir agus éifeachtach;
- bainistiú riosca agus úsáid Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAnna) le próiseáil slán, comhréireach, a mhaolaíonn rioscaí a áirithiú;
- beartais agus cleachtais choinneála atá cruinn agus a chuirtear i bhfeidhm go héifeachtach;
- soiléireacht d’ábhair sonraí maidir le méid, cuspóir, raon feidhme agus nádúr na comhroinnte sonraí pearsanta agus rochtain ag tríú páirtithe ar shonraí pearsanta;

- idirghníomhaíocht an GDPR agus na Rialacháin maidir le r-Príobháideacht (I.R. 336 de 2011) go háirithe i ndáil le stóráil agus láimhseáil fianán;
- an ceart chun cur i gcoinne ábhar sonraí i gcásanna cuí a sholáthar, lena n-áirítear nuair a bhunaítear próiseáil ar “leasanna dlisteanacha” rialtóra, nuair a fhaigheann ábhar sonraí margaíocht dhíreach, etc.;
- gan tabhairt faoi aistrithe idirnáisiúnta chuig tríú tíortha ach le bunús dlíthúil agus maoirsiú, cosaint agus trédhearcacht leordhóthanach a chinntiú sa chomhthéacs sin;
- mionaoisigh agus ábhair shonraí eile a shainaithe mar ábhair sonraí “leochaileacha” agus cosaint bhreise nó speisialta a thabhairt, dá bharr sin, do phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta (lena n-áirítear i ndáil le toiliú a fháil ó mhionaoisigh); agus
- Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) a bheith ann atá éifeachtach, saineolach, le hacmhainní cearta agus bua na cumarsáide aige, gan aon coinbhleacht leas aige agus cumas aige a dhualgais a dhéanamh fad a thugann sé tuairisc chuig an bhainistíocht shinsearach agus a fhaigheann tacaíocht uaithe.

Baineadh amach roinnt torthaí suntasacha mar gheall ar ár gcaidreamh le cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíocht-bhunaithe. D’athraigh agus nua-shonraigh roinnt eagraíochtaí a gcur chuige ar chomhlíonadh GDPR agus chuir siad a dtograí faoinár mbráid an athuair.

Áiríodh ar shamplaí de sin:

- cuideachta amháin a raibh beartaithe aici toiliú a fháil ó ábhar sonraí maidir le cuspóirí próiseála éagsúla ag aon am amháin – nuashonraigh sí a cur chuige chun na toilithe le haghaidh gach cuspóir próiseála a dheighilt óna chéile agus mar sin cur ar chumas an úsáideora a thoiliú nó a toiliú i ndáil le gach cuspóir próiseála a bhaint;
- chuir roinnt cuideachtaí faisnéis níos mionsonraithe ar fáil dá n-úsáideoirí i ndáil leis an mbonn dlíthiúil ar a mbunaíodh a gcuspóirí próiseála de bhun 13(1)(c) agus 14(1)(c) den GDPR. An aidhm leis na hathruithe sin, cabhrú le húsáideoirí na seirbhísí ábhartha tuiscint níos fearr a fháil ar an tslí lena gcearta a fheidhmiú;
- leasaíodh comhéadain a bhí beartaithe a úsáid le húsáideoirí chun an fhaisnéis a chur i láthair úsáideoirí ar bhealach níos soiléire ar ghléasanna móibíleacha; agus

- rinne roinnt cuideachtaí athmhachnamh ar na cásanna ina lorgófaí toiliú ó mhionaoisigh nó toiliú follasach ó úsáideoirí i ndáil le próiseáil chatagóirí speisialta sonraí pearsanta agus cé na críocha a n-úsáidí sonraí catagóir speisialta ina leith.

Maoirseacht ar Facebook Ireland

Rochtain ag aipeanna ar shonraí úsáideoirí

Tarraingíodh aird ar nádúr agus méid an rochtain atá ag aipeanna tríú páirtí ar shonraí úsáideoirí Facebook go luath in 2018. Cruthaítear rioscaí suntasacha maidir le cosaint sonraí do úsáideoirí de bharr mhí-úsáid ag aipeanna as sonraí pearsanta ar an ardán Facebook. Tá an DPC ag déanamh maoirseachta i gcónaí ar an athbhreithniú aisamhairc ag aipeanna tríú páirtí agus ar an athbhreithniú níos leithne ar a ardán aipe tríú páirtí atá ar bun ag Facebook faoi láthair. Táimid ag díriú go sonrach ar chumas Facebook rialachas agus maoirsiú a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach agus éifeachtach ar ghníomhaíochtaí lucht forbartha aipeanna, go háirithe a gcumas “drochghníomhairí” agus mí-úsáid sonraí pearsanta a shainaithint go tapa agus freagairt go tapa ina leith.

De bharr na conspóide faoi thríú páirtithe ag úsáid sonraí úsáideoirí Facebook, tarraingíodh aird ar an ngá le feasacht níos fearr a bheith ag úsáideoirí maidir leis an tslí le smacht a bheith acu ar na socruithe atá ar fáil ar ardáin na meán sóisialta a laghdaíonn bailiúchán agus úsáid sonraí úsáideoirí. Mar fhreagairt air sin, d’fhoilsíomar an treoir “Tailoring your Social Media Privacy and Advertising Preferences” chun cabhrú le daoine a sonraí pearsanta a chosaint agus iad ag úsáid na meán sóisialta.

Aghaidh-Aithint

I rith an chaidrimh le Facebook faoi ullmhacht don GDPR, chuir Facebook in iúl don DPC go ndéanfaí triail ar aghaidh-aithint d’úsáideoirí i dtíortha sainithe san AE agus go leathfaí amach í ar fud an AE ina dhiaidh sin. Mheabhraigh an DPC do Facebook gur cineál próiseála ar shonraí bithmhéadracha iad seirbhísí aghaidh-aithinte agus gur catagóir speisialta sonraí pearsanta é sin faoin GDPR. Thug an DPC ar aird go raibh próiseáil sonraí bithmhéadracha faoi réir ag cosaint na gcatagóirí speisialta sonraí arna sonrú sa GDPR dá bharr sin agus gur cheart do Facebook cúiseanna imní an DPC agus údarais cosanta sonraí AE eile i leith na teicneolaíochta aghaidh-aithinte, de réir mar a léirítear iad i gcomhthéacs iniúchadh an DPC ar Facebook in 2011-2012, a chur san áireamh. Chuir toradh an iniúchta sin le díghníomhachtú theicneolaíocht aghaidh-aithinte Facebook d’úsáideoirí san AE an tráth sin.

Cé go bhfuil toiliú follasach an ábhair sonraí de dhíth mar bhonn dlíthiúil do na húsáideoirí go léir a roghnaíonn “glacadh le” húsáid teicneolaíocht dá leithéid, baineann comhlíonadh leis an GDPR le níos mó ná díreach Airteagal 9 den GDPR a chomhlíonadh. Baineann an

caighdeán comhlíonta níos leithne le socruithe réam-hshocraithe cuntais, oibleagáidí trédhearcachta, cearta úsáideoirí agus daoine nach úsáideoirí iad nó úsáideoirí nár roghnaigh glacadh agus raon feidhme agus nádúr ghnéithe teicniúla na próiseála ar shonraí bithmhéadracha.

Tá scrúdú an DPC ar áis aghaidh-aithinte Facebook fós ar siúl i gcónaí.

Maoirseacht ar LinkedIn Ireland

Iniúchadh ar LinkedIn

Rinne an DPC iniúchadh ar LinkedIn Ireland Unlimited Company (LinkedIn) i ndáil lena phróiseáil sonraí pearsanta i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar ghearán a chuir duine nach n-úsáideann LinkedIn in iúl don DPC. Bhain an gearán le LinkedIn ag fáil agus ag úsáid seoladh ríomhphoist an ghearánaí chun críche fhógraíocht sain-dírithé ar Ardán Facebook. Sainaithníodh lenár n-imscrúdú go raibh próiseáil déanta ag LinkedIn Corporation (LinkedIn Corp) i SAM, próiseálaí sonraí LinkedIn Ireland, ar sheoltaí ríomhphoist haiseáilte tuairim is 18 milliún duine nach baill de LinkedIn iad agus gur dhírigh siad ar na daoine sin ar Ardán Facebook ceal treoir ón rialtóir sonraí (i.e. LinkedIn Ireland), mar a éilítear de bhun Alt 2C(3)(a) de na hAchtanna.

Réitíodh an gearán go síochánta agus chuir LinkedIn roinnt gníomh i bhfeidhm láithreach chun scor de shonraí úsáideoirí a phróiseáil chun críche as a d’eascair an gearán.

Mar sin féin, de bharr an ghearáin sin, bhí imní ar an DPC faoi na saincheisteanna córasacha níos leithne a sain-aithníodh agus cuireadh tús le hiniúchadh lena fhíorú go raibh slándáil teicniúil cuí agus bearta eagrúcháin i bhfeidhm ag LinkedIn, go háirithe dá phróiseáil ar shonraí daoine nach baill iad agus sonraí dá leithéid a choinneáil. Sainaithníodh leis an iniúchadh go raibh réamh-ríomh ar líonra gairmiúil molta de dhaoine nach baill de LinkedIn iad á dhéanamh ag LinkedIn Corp. Mar thoradh ar thorthaí ár n-iniúchta, thug LinkedIn Ireland, mar rialtóir sonraí ar shonraí úsáideoirí AE, ordú do LinkedIn Corp scor den phróiseáil réamh-ríofa agus na sonraí pearsanta go léir a bhain le próiseáil dá leithéid roimh an 25 Bealtaine 2018 a léirsciosadh.

Maoirseacht ar WhatsApp

Leanamar de mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú WhatsApp le Facebook lena chinntiú go bhfanann an gealltanais a thug WhatsApp don DPC in 2016, chun stop a chur le roinnt sonraí le haghaidh feabhsúcháin táirge agus fógraíochta agus chun críche slándála agus sábháilteachta ar bhonn Rialtóir Sonraí go Rialtóir Sonraí ó WhatsApp go dtí Facebook, fós i bhfeidhm. Ní dhéanfar roinnt sonraí chun na críoch sin sula ndéanfar tuilleadh caidrimh leis an DPC. Déanfaimidne measúnú mionsonraithe an tráth sin ar chomhlíonadh aon togra dá leithéid leis an GDPR.

Maoirseacht ar Yahoo/Oath

Tuarascáil Sáraithe Yahoo

Tugadh obair chun críche ar ár n-imscrúdú ar shárú sonraí maidir le Yahoo! EMEA Limited (“**Yahoo**”), a athainmníodh ó shin mar Oath (EMEA) Limited. Bhain an sárú, a tuairiscíodh chuig an DPC i Meán Fómhair 2016, le cóipeáil neamh-údaraithe agus le tríú páirtí amháin nó níos mó ná sin ag tógáil ábhar as tuairim is 500 milliún cuntas úsáideora ó bhonneagar Yahoo! Inc. in 2014.

Áiríodh ar na torthaí a rinne an DPC:

- Níor chomhlíon maoirseacht Yahoo ar na hoibríochtaí próiseála sonraí a rinne a phróiseálaí sonraí an caighdeán a éilíonn dlí cosanta sonraí an AE mar a dtugtar éifeacht nó breis éifeachta dó i ndlí na hÉireann;
- Bhraith Yahoo ar bheartais dhomhanda a shainmhínigh na bearta cuí maidir le slándáil teicniúil agus eagrúchán arna gcur i bhfeidhm ag Yahoo agus níor cuireadh oibleagáidí Yahoo faoin dlí cosanta sonraí infheidhme san áireamh sna beartais sin; agus
- Níor ghlac Yahoo céimeanna réasúnta leordhóthanacha lena chinntiú gur chomhlíon an próiseálaí sonraí a d'fhostaigh sé na bearta cuí maidir le slándáil teicniúil agus eagrúchán a éilítear leis an dlí cosanta sonraí infheidhme.

Bunaithe ar a chuid torthaí, thug an DPR fógra do Yahoo go gcaithfidh sé tabhairt faoi ghníomhartha sonraithe agus éigeantacha ionas go mbeidh a phróiseáil sonraí ag comhlíonadh dlí cosanta sonraí an AE mar a dtugtar éifeacht nó breis éifeachta dó i ndlí na hÉireann.

Áiríodh ar na gníomhartha a raibh ar Yahoo a dhéanamh gur cheart dó a chinntiú go gcuirtear an dlí cosanta sonraí infheidhme san áireamh i ngach beartas cosanta sonraí a úsáideann sé agus a chuireann sé i bhfeidhm agus go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais dá leithéid ag eatraimh rialta sainithe. Tugadh ordú do Yahoo a theagmhálacha próiseáil sonraí agus na nósanna imeachta a bhaineann le teagmhálacha dá leithéid a nuashonrú freisin chun an dlí cosanta sonraí infheidhme a chomhlíonadh. Thug an DPC ordú do Yahoo freisin monatóireacht ar bhonn leanúnach a dhéanamh ar aon phróiseálaí sonraí a fhostaíonn sé maidir le comhlíonadh le dlí cosanta sonraí de réir a oibleagáidí faoin dlí cosanta sonraí infheidhme.


Comhairliúchán

Tá ról lárnach ag feidhm chomhairliúcháin an DPC maidir le tuiscint agus feacht níos fearr ar oibleagáidí cosanta sonraí a chur chun cinn. Ach caidreamh gníomhach agus bríoch a dhéanamh le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, táimid ag comhlíonadh ár sainchúraim, eadhon a chinntiú go bhfuil rialtóirí sonraí agus próiseálaithe freagrach agus ag comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí agus go bhfuil cosaint an cheart bhunúsach sin ag croílár thionscadail ar bith a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Agus cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith ár gcaidreamh le heagraíochtaí, ó 2018 go dtí an lá atá inniu ann, táimid ag díriú ar thionscadail agus thionscnaimh mholta maidir le próiseáil sonraí lena bhain ardriosca do chearta cosanta sonraí daoine. Ach treoir agus comhairle shoiléir a thabhairt d'eagraíochtaí maidir lena n-oibleagáidí comhlíonta, cruthaíonn obair chomhairliúcháin forghníomhaí an DPC torthaí i gcónaí ó thaobh an pobal a chosaint ó dhroch-chleachtais láimhseála sonraí ag comhlachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Fiosrúcháin Ghinearálta (Réamh 25 Bealtaine 2018)

Fuair Aonad Comhairliúcháin an DPC 503 fiosrúchán ginearálta sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018. (Níl comhairliúcháin le cuideachtaí ilnáisiúnta san áireamh). Tá briseadh síos ar na fiosrúcháin chomhairliúcháin ghinearálta ag teacht leis an treocht a sainaithníodh in 2017 inar tháinig os cionn leath de na fiosrúcháin ón earnáil phríobháideach. Léirítear leis sin go bhfuil fás ag teacht ar an tuiscint ar chosaint sonraí ag gnóthaí beaga agus meánmhéide ar díriodh orthu mar chuid de dhianfheachtas feachtas GDPR a rinne an DPC. Baineadh amach feacht breis is 90% ar an GDPR san earnáil SMEanna mar gheall ar an bhfeachtas sin. De bharr castacht agus nádúr na bhfiosrúcháin a fuarthas, tugadh le tuiscint go raibh feachtas faoin GDPR agus go raibh rialtóirí sonraí agus próiseálaithe sonraí i ngach earnáil ag iarraidh na riachtanais maidir leis a chomhlíonadh.

Briseadh síos ar na fiosrúcháin chomhairliúcháin a fuarthas



Caidreamh

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, lean an tAonad Comhairliúcháin de chaidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara ar feadh na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha chun cabhrú le heagraíochtaí ullmhúcháin a dhéanamh don GDPR. San áireamh sa chaidreamh sin bhí for-rochtain le comhlachtaí san earnáil phoiblí, comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar thionscal, Ranna Rialtais ábhartha, agus ár gcomhghleacaithe san Eoraip, chomh maith le bualadh le heagraíochtaí ar leithligh ar bhonn comhairliúcháin i ndáil lena n-ullmhúcháin don GDPR. Ach feasacht faoin GDPR a chur chun cinn agus treoir ar a fheidhmiú a thabhairt, an phríomh-theachtairacht a bhí againn ná nárbh é an 25 Bealtaine 2018 an spriocdháta agus go leanfar le comhlíonadh ag rialtóirí agus próiseálaithe sonraí leis an gcreat dlí um chosaint sonraí agus go dtiocfaidh athrú air.

I measc roinnt de na heagraíochtaí a ndearnamar caidreamh leo sa chéad leath de 2018 bhí:

An Earnáil Phoiblí

Oifig Fiontair Áitiúil Shligigh – fóram ullmhachta GDPR
Tusla/An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – roinnt sonraí
Roinn an Taoisigh – Fóram Cosanta Sonraí
Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)
Údarás Uchtála na hÉireann – Cleachtóirí Obair Shóisialta

An Earnáil Sláinte

HSE / Healthlink – Ullmhacht don GDPR
An Roinn Sláinte – Treoir maidir le Rialacháin don Earnáil Sláinte a dhréachtú
Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann – Treoir
Southdoc – fóram ullmhachta don GDPR
Social Care Ireland
HSE – nuashonrú ar Ullmhacht do Chosaint Sonraí
HIQA – Treoir maidir le Creat Cálíochta Sonraí faoi sláinte agus chúram sóisialach

An Earnáil Phríobháideach/Airgeadais

AIB – Ullmhacht don GDPR
Permanent TSB – Ullmhacht don GDPR
Banc Ceannais na hÉireann – Ullmhacht don GDPR
Banc na hÉireann – Ullmhacht don GDPR
Banking and Payments Federation Ireland
European Association of Communications Directors
International Association of Privacy Practitioners
Knowledge Net – faisnéis faoin GDPR
Rugbaí Domhanda – ullmhacht don GDPR
Cónaidhmeanna Spóirt – Fóram ullmhachta GDPR
Athbhreithniú Sláinte agus Sábháilteachta – Comhdháil Bhliantúil
Grúpa OSH IBEC - Seimineár Gréasáin faoin GDPR
Independent Holiday Hostels of Ireland – ullmhacht don GDPR

An Earnáil Carthanachta/Dheonach

Díriú ar Othair – Beartas Cosanta Sonraí
Dóchas – Fóram ullmhachta GDPR
Kerry Volunteer Centre
Nursing Homes Ireland – comhdháil ullmhachta GDPR

Breithnithe Reachtacha

Tugadh breithnithe reachtacha ar na nithe seo a leanas:
An Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2018
An Bille um Chosaint Sonraí 2018
Dréacht-rialacháin maidir le Deontas Breosla do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas
An 4ú Treoir Frithsciúrtha Airgid agus dréacht-Rialacháin maidir le Clár na nÚinéirí Tairbhiúla.
Treoir chuig ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí maidir le rialacháin a dhréachtú chun srian a chur ar chearta ábhar sonraí faoin mBille um Chosaint Sonraí ar a achtú.

Iniúchtaí Príobháideachta

Sa tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, rinneadh 23 iniúchadh/cigireacht (is féidir an liosta eagraíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu a fheiceáil in Aguisín 1). Is éard is aidhm le gach iniúchadh agus cigireacht comhlíonadh leis an reachtaíocht um chosaint sonraí a sheiceáil agus cabhrú leis an rialtóir sonraí nó leis an bpróiseálaí sonraí dea-chleachtas i ndáil lena oibríochtaí próiseála sonraí a bhaint amach. Roghnaítear tosaíochtaí agus spriocanna le haghaidh iniúchta ach machnamh a dhéanamh ar nithe amhail méid agus cineál na sonraí pearsanta a phróiseálann an eagraíocht i gceist chomh maith le líon agus nádúr na bhfiosrúchán, na ngearán agus na fógraí maidir le sárú a fhaighimid.

Roghnú straitéiseach a bhí inár roghnú spriocanna in 2018, mar ab amhlaidh le blianta roimhe sin, agus bhí sé leagtha amach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le monatóireacht a dhéanamh ar réimsí próiseála mórscála ardriosca agus freagairt a thabhairt ar threochtaí arna mbrath go seachtrach agus go himmheánach, ag saináithint réimsí nó saincheisteanna oiriúnacha le haghaidh imscrúdú breise a dhéanamh orthu tríd an sásra iniúcháireachta.

Féadfaidh an DPC, mar fhreagairt ar ghearán nó líomhaintí sonracha a fuarthas, iniúchtaí a dhéanamh, agus rinneadh sraith iniúchtaí ar ghníomhairí ligin i rith na tréimhse faoi athbhreithniú. Tarraingíodh aird, leis na iniúchtaí sin, go bhfuil líon ollmhór sonraí pearsanta á bhailiú ó thionóntaí ionchasacha.

Ag deireadh 2017, rinne an DPC iniúchadh ar an gClár Creidmheasa, a bunaíodh le déanaí. Ag teacht leis na feidhmeanna maoirseachta a tugadh don DPC san Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, rinneamar tuilleadh scrúduithe in 2018 ar fheidhmeanna agus oibríochtaí an Chláir Chreidmheasa inár n-iniúchtaí saindirithe ar Bhanc na hÉireann agus ar Chomhar Creidmheasa Dhroim Conrach.

Gníomhairí Ligin

In 2017, fuair an DPC roinnt gearán maidir leis an méid sonraí pearsanta a bhí á iarraidh ar thionóntaí ionchasacha ag gníomhairí ligin agus ag tiarnaí talún san earnáil ligin chónaitheach. Go sonrath, cuireadh in iúl don DPC leis sin go n-iarrtar faisnéis iomarcach, ina measc aitheantais ghrianghraif agus PPSN ar thionóntaí ionchasacha sula dtugtar léas dóibh.

Éilítear leis na Both na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 agus leis an GDPR nach lorgódh eagraíochtaí a bhailíonn sonraí pearsanta ach amháin faisnéis phearsanta a bhfuil údar sonrath acu lena iarraidh. Níor cheart d'eagraíocht faisnéis phearsanta nach bhfuil de dhíth uirthi go sonrath a bhailiú ná a choimeád, 'ar fhaitíos' go mbeinfeá úsáid as na sonraí sin sa todhchaí.

Ardaíodh bailiú aitheantas grianghraif sa phróiseas ligin sula gcomhaontaítear léas mar chúis imní ag daoine a rinne teagmháil leis an oifig seo. Ní fheiceann DPC bonn ar bith le haitheantas grianghraif a éileamh ag an gcéim iarratais (réamh-thionóntachta) ceal aon chúis ghnó dhlísteanach a d'éileodh sin. Measann an DPC go bhféadfaidh tiarnaí talún agus gníomhairí ligin cúiseanna dlísteanacha a lua maidir le haitheantas grianghraif de thionónta a bhfuil a réadmhaoin ar cíos aige a iarraidh agus a choinneáil i ndiaidh don chonradh a bheith sínithe.

Níor cheart do thiarnaí talún ná dá ngníomhairí PPSNanna a lorg sa chéim tosaigh den phróiseas ligin; níor cheart dóibh é a dhéanamh go dtí go bhfuil an léas á chomhaontú. Tá bonn reachtúil ann do thiarna talún (nó dá ghníomhaire ligin ag feidhmiú thar a cheann) PPSNanna a dtionóntaí a lorg faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus faoi Alt 11 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004. Tá an fhaisnéis seo de dhíth chun clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB). Mar sin féin, tá údarás ag tiarna talún (nó a ghníomhaire ligin) úsáid a bhaint as PPSNanna tionóntaí chun clárú leis an PRTB agus sin amháin. Níor cheart úsáid ar bith eile a bhaint as na PPSNanna agus ní mór iad a choimeád faoi rún.

Measann an DPC gur réasúnta do thiarna talún nó do ghníomhaire ligin é doiciméadúchán tacaíochta a iarraidh chun cumas thionónta ionchasach a dhearbhu maidir le cíos a íoc. Maidir le ráitis bhainc, tá an DPC den tuairim nach mbeidh gá, go ginearálta, le mionsonraí faoi idirbhearta sonracha a sholáthar, agus mar sin gur leor iarmhéideanna reatha a thabhairt agus insint na n-idirbhearta a bhaint chun cumas íochta a léiriú. Féadfaidh iarrataí ar mhionsonraí i ndáil le fostaíocht/tuarastal a bheith réasúnta freisin chun cumas cíos a íoc a dhearbhu. Mar sin féin, is cleachtas a ardaíonn cúis imní é mionsonraí bainc thionónta ionchasach a iarraidh chun críche an cíos a lóisteáil, nó billí fónais a chur in ainm an tionónta sula gcomhaontaítear léas, ó thaobh na cosanta sonraí de.

Sonraí pearsanta a choinneáil

Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, agus anois leis an GDPR, déantar soláthar nach gcoinneoidh rialtóir sonraí aon sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche nó chun na gcríoch dá bhfuarthas iad. Agus tréimhsí coinneála cuí maidir le faisnéis phearsanta a gcinneadh acu, ní mór do rialtóirí sonraí féachaint go cuí d'aon oibleagáidí reachtúla. Sa chás gur tháinig deireadh leis an gcuspóir dá bhfuarthas an fhaisnéis agus nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis phearsanta níos mó, ní mór na sonraí a léirscriosadh nó a dhiúscairt ar bhealach slán.

Molann DPC gur cheart sonraí pearsanta na n-iarratasóirí go léir ar réadmhaoin cíosa nár éirigh leo a dhiúscairt ar bhealach slán. I gcás fhoirmeacha iarratais láimhe, is ceart iad a stialladh go luath i ndiaidh an ligean a dhéanamh, e.g., ar bhonn seachtainiúil. Maidir le hiarratais ar ríomhphost nó ar líne, is ceart iad a léirscriosadh go buan go luath i ndiaidh an ligean a dhéanamh.

Maidir le hiarratasóirí a n-éiríonn leo bheith ina dtionóntaí, is eol don DPC go gcaitear sonraí pearsanta a chuirtear ar aghaidh i ndáil lena n-iarratas a choinneáil ar feadh na tionóntachta. Moltar do thiarnaí talún/ gníomhairí ligín tréimhse coinneála a leagan amach lena chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta i ndáil le tionóntacht a dhiúscairt ar bhealach slán i ndiaidh tréimhse ama sonraithe nuair a bhíonn deireadh le tionóntacht.

Torthaí Iniúchtaí

Leagtar amach thíos téamaí a sainaitníodh in iniúchtaí 2018.

1. Sonraí leictreonacha agus sonraí láimhe a choinneáil

Déantar foráil sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 agus sa GDPR nár cheart d'eagraíochtaí sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun na críche dár bailíodh iad. Faightear amach inár n-iniúchtaí i gcónaí go ndéanann rialtóirí sonraí comhaid pháipéir láimhe a stialladh go rialta mar gheall ar cheisteanna stórála. Mar sin féin, ní mar sin i gcónaí é an cás le sonraí ríomhaire, nuair is féidir méid ollmhór sonraí pearsanta a stóráil ar chostas sách íseal. Tá sé ríthábhachtach go gcinntíonn rialtóirí sonraí go mbaineann an tréimhse coinneála go cothrom le sonraí láimhe agus le sonraí ríomhaire, agus iad ag cur a mbeartais choinneála sonraí i bhfeidhm.

2. Beartais CCTV

Meastar gur sonraí pearsanta iad íomhánna inaitheanta iad íomhánna arna nglacadh ag córais CCTV. Baineann go leor eagraíochtaí agus SMEnna úsáid dlisteanach as CCTV chun críche slándála i gcás gadaíochta. Mar sin féin, is ceart beartas CCTV a bheith mar bhonn taca ag úsáid chórais CCTV. Is deacair údar a thabhairt d'úsáid CCTV i gcúinsí nuair nach bhfuil an úsáid bheartaithe sainráite i mbeartas. Is tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas agus beartas CCTV á dhréachtú:

- An úsáid a mbainfear as an gcóras, e.g. slándáil;
- Údar a thabhairt don úsáid CCTV – cibé an bhfuil sé comhréireach;
- An mbainfear úsáid as CCTV chun críocha eile seachas slándáil?;
- An áit a bhfuil na ceamaraí lonnaithe;
- Cé na daoine a bhfuil rochtain ar an gcóras CCTV acu, tríú páirtithe ina measc?;
- Comharthaíocht shoiléir a bheith ann ag cur in iúl do dhaoine go bhfuil CCTV in úsáid ar áitreabh;
- An tslí a bhféadfaidh duine iarratas ar rochtain a dhéanamh maidir le íomhánna de a ghlactar le CCTV;
- Cad é an tréimhse coinneála d'íomhánna a ghlactar?;
- Conas a dhéanfar íomhánna a léirscriosadh ar bhealach slán?;
- An tslí a bpléifear le hiarratais ar thaifeadadh ón nGarda Síochána; agus
- An mbainfear úsáid as CCTV faoi cheilt agus má bhainfear cén t-údar atá leis?

3. Fianáin

Nuair a thugann úsáideoirí idirlín cuairt ar láithreán gréasáin, féadfar fianáin a chur ar a dtrealamh teirminéil ag an láithreán gréasáin, sa chás go dtugann an t-úsáideoir toiliú ina leith. Nuair a tháinig an GDPR i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, cuirtear tagairtí do thoilíú GDPR in áit thagairtí do thoilíú san I.R. reatha nó sa Treoir maidir le r-Phríobháideacht 95/46/EC. Is idir úsáideoir agus rialtóir sonraí cuntasach é an toiliú sin – úinéir an láithreáin ghréasáin de ghnáth ach daoine eile freisin uaireanta a bhfuil cead acu úsáid a bhaint as codanna den láithreán gréasáin. Faoi na Rialacháin maidir le r-Phríobháideacht (I.R. 336 de 2011), an riachtanas íosta ná go ndéantar cumarsáid shoiléir agus chuimsitheach leis an úsáideoir faoi na cuspóirí dá bhfuiltear ag iarraidh air toiliú a thabhairt i ndáil le húsáid fianáin agus éilítear bealach chun toiliú a thabhairt nó a dhiúltú. Faoi choinníollacha toilithe an GDPR, féadfaidh úsáideoir an toiliú a tharraingt siar. Go praiticiúil, is ceart do rialtóirí sonraí a chuireann fianáin ar threalamh nó ar bhrabhsálaithe a n-úsáideoirí toiliú a iarraidh ar bhealach atá le haithint go soiléir as measc cuspóirí agus nithe eile, ar bhealach sothuigte a bhfuil rochtain éasca air, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid. Is é an rialtóir atá freagrach as bheith in ann a léiriú gur thug an t-úsáideoir an toiliú sin. Sa chás go bhfuil sonraí pearsanta i bhfianáin, bíonn feidhm níos ginearálta le hoibleagáidí GDPR.

4. PPSN a bhailiú

Féadfaidh rialtóirí sonraí PPSN a iarraidh go dlisteanach ó dhuine i gcúinsí teoranta. Samplaí coitianta ná nuair a thosaíonn fostaí post nua le fostóir nua, tá PPSN an fhostaí nua de dhíth chun críche cánach, nó nuair a thosaíonn leanbh ar scoil, tá ar an scoil PPSN gach leanbh atá ag freastal ar an scoil a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar sin féin, tá an tráth a n-iarrtar PPSN ríthábhachtach maidir le dlisteanacht sonraí pearsanta dá leithéid a lorg. Níor cheart PPSN a lorg sula mbíonn sé de dhíth i ndáiríre. Mar shampla, i gcás scoileanna, níor cheart PPSN a lorg ag an gcéim réamh-rollaithe; níl PPSN de dhíth ach amháin sa chás go nglacann leanbh le spás agus go bhfreastalaíonn ar scoil. Ar an tslí chéanna, i gcomhthéacs fostaíochta, níor cheart PPSN a lorg ag an gcéim iarratais mar ní bheidh sé de dhíth ach amháin sa chás go nglacann an t-iarratasóir dá dtairgtear fostaíocht an post.

5. Comhaontuithe Roinnte Sonraí

Príomhthoradh in go leor de na hiniúchtaí a rinne an DPC gur gá d'eagraíochtaí athbhreithniú a dhéanamh ar gach comhaontú a mbeadh i bhfeidhm acu maidir le roinnt sonraí agus prótacal. Caithfidh siad sin bheith ag comhlíonadh an GDPR agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018 ón 24 Bealtaine i leith.

Mar fhreagairt ar thorthaí den chineál sin, déanann an DPC moltaí maidir le dea-chleachtas agus tugann treoir láithreach d'eagraíocht dul i mbun gnímh áirithe. Bíonn feidhm leis na torthaí samplacha seo ar an tslí chéanna faoi airteagail ábhartha an GDPR

Cúrsaí Dlí

Forbhreathnú

Bunaíodh aonad láraithe dlíthiúil an DPC in 2016. Oibríonn an t-aonad dlíthiúil go cothrománach laistigh den DPC agus tá sé freagrach as maoirseacht dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil in-mheánach agus tacaíocht a sholáthar ar feadh gach réimse d'fheidhmeanna an DPC, chomh maith le i ndáil leis an dlíthíocht go léir a bhfuil baint ag an DPC léi. Cuireann an t-aonad dlíthiúil oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach don fhoireann go léir san eagraíocht ar raon leathan saincheistean, lena n-áirítear creata dlí infheidhme, forbairtí dlíthiúla agus feidhmeanna an DPC a fheidhmiú ar leibhéal náisiúnta agus AE. Chomh maith leis an aonad láraithe, tá gairmithe dlí breise ag an DPC chomh maith le baill foirne a bhfuil cáilíochtaí dlí acu a fheidhmíonn i ngach réimse feidhmíochta den DPC. Leanadh le hearcaíocht dlí speisialtóra le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Cuireadh sainchomhairleoirí dlí sinsearach agus taighdeoirí dlí le foireann an DPC.

Dlíthíocht a bhain leis an DPC

I rith na tréimhse 1 Eanáir 2018 go 24 Bealtaine 2018, tugadh breithiúnas ar na himeachtaí seo a leanas a raibh an Coimisinéir Cosanta Sonraí ina pháirtí iontu:

Achomharc chuig an Ard-Chúirt sa chás *Savage v Coimisinéir Cosanta Sonraí* [2018 IEHC 122]

Gearán faoi Google gur dhiúltaigh sé nasc chuig leathanach gréasáin (le haghaidh fóram díospóireachta) a dhíliostáil a rinneadh chuig an DPC a chuir tús leis an gcás seo. D'iarr an gearánaí ar Google an nasc i gceist a bhaint ó thorthaí cuardaigh a tháinig aníos le cuardach Google in aghaidh ainm an ghearánaí. Rinne an DPC cinneadh nár sáraíodh na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 de bharr go raibh an nasc chuig an leathanach gréasáin cruinn sa tslí is gur léirigh sé tuairim – faoin ábhar sonraí a cuireadh in iúl ag úsáideoir an fhóraithe dhíospóireachta – seachas fíric dhearbhaite. Sheas an Chúirt Dúiche le hachomharc an ábhair shonraí ar an mbonn go raibh cuma na fírice dearbhaite ar an nasc chuig an leathanach gréasáin agus dá bharr sin nár léir ón nasc gur tuairim an chéad duine a phostáil a bhí ann. Rinne an DPC agus Google Ireland Limited (a bhí ina Pháirtí Fógra le hachomharc na Cúirte Dúiche) achomhairc ar leithligh chun na Cúirte Dúiche. Éisteadh na hachomhairc chun na hArd-Chúirte le chéile i rith mhí na Bealtaine 2017. Tugadh breithiúnas an 9 Feabhra 2018. Sa bhreithiúnas sin, chuir an Chúirt breithiúnas na Cúirte Dúiche ar ceal, agus fuair nach ndearna an Chúirt Dúiche earráid gan an t-alt lenar bhain an nasc i gceist a chur san áireamh. Dá ndéanfadh an Chúirt Dúiche amhlaidh, ní fhéadfadh sí teacht ar an tátal gur sonraí míchruinne a bhí sa nasc, nó go raibh sé mícheart go fíorasach nó go raibh cuma na fírice air.

Achomharc chuig an Ard-Chúirt sa chás *Peter Nowak v Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn* [2018] IEHC 118

Cuireadh tús leis an gcás seo le gearán ón Uasal Nowak, cuntasóir faoi oiliúint a theip air i scrúdú agus cead leabhair a úsáid de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (CAI), i bhfómhar 2009. D'iarr sé rochtain ar a script scrúdaithe ina dhiaidh sin agus dhiúltaigh an CAI sin ar bhonn nach raibh a shonraí pearsanta ann. Rinne an tUasal Nowak gearán chuig an gCoimisinéir, a bhí den tuairim nach sonraí pearsanta a bhí sa script scrúdaithe agus a dhiúltaigh imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán dá bharr sin, á dhíbhhe de réir Alt 10(1)(b)(i) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, a bhaineann le gearáin suaibhreasacha nó cráiteacha.

In imeachtaí ar leithligh, rinne an tUasal Nowak achomharc faoin gcinneadh chuig an gCúirt Dúiche, chuig an Ard-Chúirt agus chuig an gCúirt Achomhairc. Sheas gach ceann díobh, faoi seach, le seasamh an Choimisinéara agus dhíbh an t-achomharc i gceist. Tugadh cead don Uasal Nowak ina dhiaidh sin achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach, a chuir an cheist faoi cibé an sonraí pearsanta a bhí sa script scrúdaithe i gceist ar aghaidh chuig CJEU. Fuair an Chúirt Uachtarach freisin go raibh ceart ann achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an DPC gan imscrúdú a dhéanamh ar ghearán. Ina bhreithiúnas den 20 Nollaig 2017, rialaigh an CJEU gur sonraí pearsanta iad na freagraí scríofa arna gcur isteach ag iarrthóir i scrúdú gairmiúil agus aon tuairimí i ndáil leis na freagraí sin arna ndéanamh ag scrúdaitheoir. (Chun achoimre ar an mbreithiúnas sin a fheiceáil, féach Tuarascáil Bhliantúil 2017 an DPC).

Bhain na himeachtaí in aghaidh an CAI le gearán ar leithligh ach a raibh gaol aige leis an gceann thuas. Ina ghearán leis an DPC, lorg an tUasal Nowak rochtain ar a script scrúdaithe CAI bhunaidh, ag líomhain gur thug an ceart rochtana faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 teidlíocht d'ábhar sonraí rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta ina bhfoirm bhunaidh. Cé go ndearnadh achomharc chuig an gCúirt Dúiche in 2014 maidir le cinneadh an DPC (diúltú imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo), ní raibh an tsaincheist shonrach seo pléite ag an gCúirt; ní dhearna sí ach seasamh le cinneadh an DPC gan imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Rinne an tUasal Nowak achomharc chuig an Ard-Chúirt maidir leis an gcinneadh sin ón gCúirt Dúiche. Chomhaontaigh na páirtithe ina dhiaidh sin gan an cheist (faoi cibé an raibh an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta ina bhfoirm bhunaidh i gceist leis an gceart rochtana) a chur chuig an gCúirt Dúiche, go bhféadfadh an Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist sin. Fuair an Ard-Chúirt ina breithiúnas ar an 26 Feabhra 2018 gurb é an ceangal a bhí ar rialtóir sonraí i ndáil le ceart rochtana de chuid ábhar sonraí, an fhaisnéis ábhartha (na sonraí pearsanta) a chur in iúl don ábhar sonraí, ní i bhfoirm bhunaidh ach i “bhfoirm intuisceana”. *Prima facie* fágfar faoin rialtóir sonraí é an cruth ábhartha ina gcuirtear an fhaisnéis in iúl a chinneadh, fad is gur leor é le go mbeidh na sonraí ar eolas ag an ábhar sonraí agus seiceáil go bhfuil siad cruinn agus go bpróiseáiltear iad ag comhlíonadh na Treorach um Chosaint Sonraí ionas go bhféadfaidh an duine a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú nuair is cuí. Níor cuireadh ceangal ar an rialtóir sonraí na sonraí a sholáthar ina chruth ábhartha bunaidh ná, i gcás doiciméid, an doiciméad bunaidh sin a sholáthar.

Achomharc chuig an Ard-Chúirt sa chás *Peter Nowak v Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Price Waterhouse Coopers* [2018 IEHC 117]

Bhain na himeachtaí seo le gearán a rinne an tUasal Nowak in aghaidh a iar-fhostóir, Pricewaterhouse Coopers (“PWC”) a líomhain gur sonraí pearsanta an Uasail Nowak a bhí i bhfaisnéis i meamram a d’ullmhaigh PWC agus a cuireadh ar aghaidh chuig Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte (“CARB”). Bhain cúlra an cháis sin le gearán ar leithligh a rinne an tUasal Nowak chuig CARB in aghaidh PWC inar líomhain sé neamh-chomhlíonadh PWC le caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta i ndáil le dhá iniúchadh a raibh an tUasal Nowak páirteach iontu ina ról roimhe sin mar chuntasóir faoi oiliúint le PWC. D’fhreagair PWC CARB i litir a thug aghaidh ar an dá ghearán, agus chuir meamram leis. D’iarr an tUasal Nowak rochtain ar an meamram ansin, ar an mbonn go raibh a shonraí pearsanta ann. Níor aontaigh PWC leis. Rinne an tUasal Nowak gearán ansin chuig an DPC, ag maíomh gurbh iad a shonraí pearsanta a bhí sa meamram mar gheall gur bhain sé lena ghearán agus le líomhaintí in aghaidh PWC chomh maith leis an obair iniúchóireachta a bhí déanta aige mar fhostaí le PWC. I ndiaidh d’oifigeach den DPC cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar an ábhar a bhí sa meamram, chuir an DPC in iúl don Uasal Nowak i scríbhinn nach raibh aon sonraí pearsanta a bhain leis sa meamram agus nach raibh tagairt déanta dó ar bhealach ar bith san ábhar. Ar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche faoin gcinneadh, fuair an Chúirt gur cinneadh réasúnta a bhí i gcinneadh an DPC nach sonraí pearsanta a bhí san ábhar faoi dhíospóid. Rinneadh achomharc chuig an Ard-Chúirt maidir leis an gcinneadh sin ansin. I rith na héisteachta, rinne breitheamh na trialach cigireacht ar an ábhar i gceist. Fuair an Chúirt nach raibh aon sonraí de chineál pearsanta a bhain leis an Uasal Nowak sna doiciméid i gceist, ná nach ndearnadh tagairt dó ar bhealach ar bith. Fuair an Chúirt nár dealraíodh go raibh rud ar bith ann a bhain leis an Uasal Nowak mar dhuine nádúrtha sainitheanta ná inaitheanta a mhúsclódh a cheart príobháideachta ná a chaitheadh, ar bhealach bríoch ar bith, géilleadh do chearta maidir le cur in aghaidh, ceartú nó scriosadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Thug an Chúirt ar aid nach faoin gCúirt a bhí sé í féin a chur in áit an DPC nó athbhreithniú *de novo* a dhéanamh ar an gceist ach cinneadh a thabhairt faoi cibé an ndearna an Chúirt Dúiche earráid dlí, agus fuair nach raibh aon earráid dlí i mbreithiúnas na Cúirte Dúiche agus dhíbh achomharc an Uasail Nowak.

Gearán chuig an mBinse Comhionannais (An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anois) i gcás *Athair Scartha v An Coimisinéir Cosanta Sonraí* [Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2012 Cinneadh Uimh. Nollaig-S2018–008]

Bhain an gearán seo chuig an mBinse Comhionannais le cinneadh ón DPC gan imscrúdú a dhéanamh ar ghearán chuig an DPC maidir le nochtadh neamhdhleathach líomhnaithe de shonraí pearsanta an ghearánaí (i bhfoirm mionnscribhínne) ag údarás le scoil. Rinne an gearánaí gearán gur sárú ar an rial *in camera* i gcomhthéacs imeachtaí cúirte a bhí i gcur ar fáil na mionnscribhínne. Thug oifigeach an DPC freagra don ghearánaí agus thug le fios gur cheist don Chúirt seachas don DPC a bhí sa sárú líomhnaithe ar an rial *in camera* agus i gcur ar fáil na mionnscribhínne. Líomhain an gearánaí gur sárú ina choinne ag an DPC a bhí i gcinneadh an DPC i ndáil leis sin, ar bhonn stádas pósta, de bharr gur athair scartha a bhí ann. Tháinig réamh-shaincheist chun cinn sa chás maidir le dlínse oifigeach breithnithe den Binse Comhionannais chun gearán i ndáil le comhlacht cinnteoireachta reachtúil amhail an DPC a chinneadh. Sa chomhthéacs sin, rinne an t-oifigeach breithnithe machnamh ar phrionsabal na díolúine breithiúnaí. I gcinneadh den 10 Aibreán 2018, chinn an t-oifigeach breithnithe, toisc go bhfuil seirbhísí an DPC ar fáil don phobal go ginearálta, go bhfuil sé faoi réir ag gearáin faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann ach amháin sa chás go bhfuil sé ag feidhmiú a fheidhmeanna gar-bhreithiúnach ar bhealach *bona fide*. Sa chás seo, bhí sé cinnte ag oifigeach an DPC nárbh ann d'fhorais imscrúdaithe. Thug an t-oifigeach breithnithe ar aird nach raibh aon rud ann a thabharfadh le tuiscint gur dhiúltaigh DPC imscrúdú a dhéanamh ar ghearán an ghearánaí gan machnamh a dhéanamh air ná ar *mal fides* ar bith eile de chuid an DPC a d'fhéadfadh bheith mar thoradh orthu go mbainfí cosaint na díolúine breithiúnaí. Sna himthosca, mheas an t-oifigeach breithiúnach go raibh an DPC i dteideal díolúine breithiúnaí agus nach raibh an t-údarás aici éisteacht leis an ngearán mar sin, beag beann ar a fhiúntas.

Dlíthíocht maidir le Clásail Chonartha Chaighdeánacha

Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Limited agus Maximilian Schrems [Taifead Uimh. 2016/4809 P]

An 31 Bealtaine 2016, chuir an Coimisinéir tús le himeachtaí in Ard-Chúirt na hÉireann ag iarraidh tarchur chuig Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i ndáil le bailíocht “Clásail Chonartha Chaighdeánacha” (SCCanna). Is éard atá in SCCanna, sásra, a bunaíodh le roinnt cinní ag Coimisiún an AE, faoinar féidir sonraí pearsanta a aistriú ón AE chuig SAM faoi láthair. Thóg an Coimisinéir na himeachtaí sin de réir an nós imeachta arna leagan amach ag an CJEU ina bhreithiúnas den 6 Deireadh Fómhair 2015 (a chuir deireadh leis an gcóras maidir le sonraí pearsanta a aistriú ón AE go SAM faoi thearmann). Rialaigh an CJEU nach mór d'údarás cosanta sonraí san AE an nós imeachta sin (a bhain le tarchur chuig an CJEU a lorg) a leanúint sa chás go measann údarás cosanta sonraí an AE go bhfuil bunús maith le gearán arna dhéanamh ag ábhar sonraí maidir le hionstraim AE, amhail cinneadh de chuid Choimisiún an AE.

(1) Cúlra

Bunaíodh na himeachtaí a rinne an Coimisinéir leis an ngearán bunaidh a rinne an tUasal Maximilian Schrems chuig an gCoimisinéir i Meitheamh 2013 faoi Facebook, maidir le haistriú sonraí pearsanta ag Facebook Ireland chuig a mháthairchuideachta, Facebook Inc., in SAM. Bhí imní ar an Uasal Schrems go raibh nó go bhféadfadh rochtain a bheith á déanamh go neamhdhleathach ag gníomhaireachtaí slándála stáit in SAM de bharr gur aistrigh Facebook Ireland a shonraí pearsanta chuig Facebook Inc. Tháinig imní ar an Uasal Schrems i bhfi-anaise nochtadh ag Edward Snowden faoi chlár áirithe a dúradh a bhí i bhfeidhm ag Gníomhaireacht Náisiúnta Slándála SAM, go háirithe clár dar teideal “PRISM”. Dhiúltaigh an Coimisinéir a bhí ann ag an am imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán sin ar an mbonn gur bhain sé le cinneadh de chuid Choimisiún an AE (a bhunaigh an córas Tearmainn chun sonraí a aistriú ón AE go dtí SAM) agus ar an mbonn sin go raibh ceanglas air faoin dlí náisiúnta agus AE reatha an cinneadh sin de chuid Choimisiún an AE a fheidhmiú. Thionscain an tUasal Schrems athbhreithniú breithiúnach in aghaidh cinneadh an Choimisinéara gan imscrúdú a dhéanamh ar a ghearán. Mar thoradh ar an gcaingean sin, rinne Ard-Chúirt na hÉireann an chás a tharchur chuig an CJEU, agus thug an Chúirt sin a cinneadh an 6 Deireadh Fómhair 2015.

(2) Nós imeachta an CJEU maidir le gearáin faoi chinntí Choimisiún an AE

Tugadh soiléiriú le rialú an CJEU an 6 Deireadh Fómhair 2015, sa chás go ndéantar gearán chuig údarás cosanta sonraí AE a bhaineann le héileamh go bhfuil cinneadh de chuid Choimisiún an AE neamhréireach le cosaint a thabhairt do phríobháideacht, cearta bunúsacha agus saoirse bhunúsach, go gcaithfidh an t-údarás cosanta sonraí ábhartha scrúdú a dhéanamh ar an ngearán cé

nach féidir leis an údarás cosanta sonraí féin an cinneadh sin a chur ar leataobh nó é a dhífheidhmiú. Rialaigh an CJEU, sa chás go measann an t-údarás cosanta sonraí go bhfuil bunús maith leis an ngearán, go gcaithfidh sé tabhairt faoi imeachtaí dlíthiúla os comhair na Cúirte náisiúnta agus sa chás go bhfuil an t-amhras céanna ar an gCúirt náisiúnta faoi bhailíocht an chinnte sin de chuid Choimisiún an AE, ní mór don Chúirt Náisiúnta ansin an cás a tharchur chuig an CJEU le haghaidh réamhrialú ar bhailíocht an chinnte sin de chuid Choimisiún an AE. Mar a tugadh ar aird thuas, bhain an CJEU ina bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015 an cinneadh de chuid Choimisiún an AE a bhí mar bhonn taca don chóras maidir le sonraí pearsanta a aistriú ón AE chuig SAM faoi thearmann.

(3) Dréacht-chinneadh an Choimisinéara

I ndiaidh an córas maidir le sonraí pearsanta a aistriú faoi thearmann a bheith bainte, rinne an tUasal Schrems a ghearán a athfhoirmlíú agus a chur ar aghaidh arís chun an imeacht sin a chur san áireamh. D'aontaigh an Coimisinéir leanúint ar aghaidh ar bhunús an ghearáin athfhoirmlithe sin. Rinne an Coimisinéir scrúdú ansin ar ghearán an Uasail Schrems i bhfianaise airteagail áirithe de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), lena n-áirítear Airteagal 47 (an ceart chun leigheas éifeachtach nuair a sáraítear cearta agus saoirsí atá ráthaithe ag dlíthe an AE). Agus imscrúdú á dhéanamh aige ar ghearán athfhoirmlithe an Uasail Schrems, chinn an Coimisinéir gur lean Facebook Ireland ar aghaidh ag aistriú sonraí pearsanta go dtí Facebook Inc. in SAM ag brath go mór ar úsáid SCCanna. Ag eascairt as a himscrúdú ar ghearán athfhoirmlithe an Uasail Schrems, bhí an Coimisinéir den réamhthuirim (mar a cuireadh in iúl i ndrúacht-chinneadh an 24 Bealtaine 2016 agus faoi réir ag tuilleadh aighneachtaí ó na páirtithe) go raibh bunús maith le gearán an Uasail Schrems. Bunaíodh sin ar dhréacht-thoradh an Choimisinéara nach bhfuil leigheas dlí atá comhréireach le hAirteagal 47 den Chairt ar fáil in SAM do shaoránaigh an AE a ndéantar a sonraí a aistriú chuig SAM áit a d'fhéadfadh sé a bheith i mbaol rochtana agus próiseáilte ag gníomhaireachtaí Stáit SAM chun críocha slándála náisiúnta ar bhealach nach bhfuil comhréireach le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt. Bá é réamhthuirim eile an Coimisinéara nach dtugann SCCanna aghaidh ar an easpa seo maidir le leigheas atá comhréireach le hAirteagal 47 agus gur dócha mar sin go ndéanfaidh SCCanna iad féin cion in aghaidh Airteagail 47 sa mhéid is go n-airbheartaíonn siad aistriú sonraí pearsanta shaoránaigh an AE chuig SAM a dhlítheanú.

(4) Na hImeachtaí agus an Éisteacht

Chuir an Coimisinéir tús mar sin le himeachtaí dlíthiúla in Ard-Chúirt na hÉireann ag lorg dearbhaithe maidir le bailíocht chinntí de chuid Choimisiún an AE i ndáil le SCCanna agus réamh-tharchur chuig an CJEU ar an tsaincheist sin. Níor lorg an Coimisinéir faoiseamh sonrach ar bith sna i gcoinne Facebook Ireland ná i gcoinne an Uasail Schrems. Mar sin féin, ainmníodh an dá thaobh mar pháirtithe leis na himeachtaí d'fhonn deis a thabhairt dóibh (ach ní oibleagáid a chur orthu) a bheith rannpháirteach go hiomlán de bharr go mbeidh tionchar ag toradh na n-imeachtaí ar bhreithniú an Choimisinéara ar

ghearán an Uasail Schrems i gcoinne Facebook Ireland. Roghnaigh an dá pháirtí a bheith rannpháirteach go hiomlán sna himeachtaí. Rinne deich dtríú páirtí leasmhar iarratas bheith curtha leis na himeachtaí mar amicus curiae ("cairde na cúirte") agus rialaigh an Chúirt gur cheart ceithre cinn de na deich bpáirtí sin (Rialtas SAM, BSA The Software Alliance, Digital Europe agus EPIC (Electronic Privacy Information Centre)) a chur leis mar amici.

Tharla éisteacht na n-imeachtaí roimh an mBreitheamh Costello in Ard-Chúirt na hÉireann (an Rannán Tráchtála) in imeacht 21 lá i Feabhra agus i Márta 2017 agus forchoimeádh breithiúnas ag deireadh na héisteachta. Go hachomair, rinneadh aighneachtaí dlí thar ceann: (i) gach ceann de na páirtithe, eadhon an Coimisinéir, Facebook Ireland agus an tUasal Schrems; agus (ii) gach ceann de "chairde na Cúirte", mar a luadh thuas. Chuala an Chúirt fianaise ó bhéal freisin ó 5 fhinnéithe ar saineolaithe ar dhlí SAM iad, mar seo a leanas:

- Ashley Gorski Uasal, finné is saineolaí thar ceann an Uasail Schrems;
- An tOllamh Neil Richards, finné is saineolaí thar ceann an DPC;
- An tUasal Andrew Serwin, finné is saineolaí thar ceann an DPC;
- An tOllamh Peter Swire, finné is saineolaí thar ceann Facebook; agus
- An tOllamh Stephen Vladeck, finné is saineolaí thar ceann Facebook.

Sa tréimhse eatramhach idir deireadh na trialach agus tabhairt an bhreithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2017 (féach thíos), thug na páirtithe roinnt nuashonruithe don Chúirt ar chásdlí agus ar fhorbairtí eile.

(5) Breithiúnas na hArd-Chúirte

Thug an Breitheamh Costello breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017 le breithiúnas i scríbhinn de 152 leathanach. Chuir an Chúirt achoimre fheidhmeach ar an mbreithiúnas ar fáil freisin.

Sa bhreithiúnas, chinn an Breitheamh Costello go raibh bunús maith leis na cúiseanna imní a léirigh an Coimisinéir ina dréacht-chinneadh den 24 Bealtaine 2016, agus gur cheart cinn áirithe de na saincheisteanna a ardaíodh sna himeachtaí sin a tharchur chuig an CJEU ionas go bhféadfadh an CJEU rialú a dhéanamh faoi bhailíocht chinntí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhunaigh SCCanna mar mhodh chun aistriú sonraí pearsanta a dhéanamh. Go sonrach, fuair an Chúirt go raibh bunús maith le dréacht-chinntí an DPC mar a bhí leagtha amach ina dréacht-chinneadh den 24 Bealtaine 2016, nár léirigh dlíthe agus cleachtais SAM meas ar cheart shaoránach de chuid an AE faoi Airteagal 47 den Chairt i dtaobh leigheas éifeachtach roimh bhíne neamhspleách (rud a bhfuil feidhm leis i ndáil le sonraí gach ábhar sonraí AE a bhfuil a sonraithe aistrithe chuig SAM, thug an Chúirt ar aird).

Ina breithiúnas den 3 Deireadh Fómhair 2017, chinn an Breitheamh Costello freisin, de bharr gur thug na

páirtithe le fios gur mhaith leo go gcloisfí iad i ndáil leis na ceisteanna a bhí le tarchur chuig an CJEU, go liostódh sí na nithe i gcomhair aighneachtaí ó na páirtithe agus go gcinneadh sí ansin na ceisteanna le tarchur chuig an CJEU. Rinne na páirtithe leis an gcás, in éineacht leis na *amicus curiae*, aighneachtaí chuig an gCúirt, *inter alia*, ar na ceisteanna a bhí le tarchur, an 1 Nollaig 2017 agus an 16, 17 agus 18 Eanáir 2018. I rith na n-éisteachtaí sin, rinneadh aighneachtaí freisin thar ceann Facebook agus Rialtas SAM i leith “earráidí” a líomhain siad a bhí déanta sa bhreithiúnas den 3 Deireadh Fómhair 2017. D’fhorchoimeád an Chúirt breithiúnas ar na nithe sin.

(6) Ceisteanna le tarchur chuig an CJEU

An 12 Aibreán 2018, thug an Breitheamh Costello fógra do na páirtithe faoina hiarratas ar réamhrialú ón CJEU de bhun Airteagal 267 den TFAE. Leagtar amach sa doiciméad seo 11 cheist shonracha atá le tarchur chuig an CJEU, chomh maith le cúlra leis na himeachtaí.

An dáta céanna, thug an Breitheamh Costello le tuiscint go raibh roinnt leasuithe déanta aici ar a breithiúnas den 3 Deireadh Fómhair 2017, maidir le hailt 175, 176, 191, 192, 207, 213, 215, 216, 220, 221 agus 239 go sonrach. I rith na héisteachta sin, thug Facebook le tuiscint gur mian leis machnamh a dhéanamh ar cibé an ndéanfadh sé achomharc in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte an tarchur chuig an CJEU a dhéanamh agus, dá ndéanfadh, bac a chur ar an tarchur arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt chuig an CJEU. Ar an mbunús sin, liostaigh an Ard-Chúirt an cás don 30 Aibreán 2018.

Nuair a tháinig na himeachtaí os comhair na hArd-Chúirte an 30 Aibreán 2018, rinne Facebook iarratas ar bhac ar tharchur na hArd-Chúirte chuig an CJEU ar feitheamh achomharc a rinne sé in aghaidh an tharchuir. Rinne na páirtithe aighneachtaí i ndáil le hiarratas Facebook ar bhac.

An 2 Bealtaine 2018, thug an Breitheamh Costello a breithiúnas ar iarratas Facebook ar bhac ar tharchur na hArd-Chúirte chuig an CJEU. Ina breithiúnas dhiúltaigh an Breitheamh Costello iarratas Facebook ar bhac agus fuair go ndéanfaí an méid is lú éagóir dá ndiúltódh an Ard-Chúirt aon bhac agus dá ndéanfadh sí an tarchur chuig an CJEU láithreach.

(7) Achomharc chuig an gCúirt Uachtarach

An 11 Bealtaine 2018, lóisteáil Facebook achomharc agus d'iarr cead achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh na mbreithiúnas den 3 Deireadh Fómhair 2017, bhreithiúnas athbhreithnithe an 12 Aibreán 2018 agus bhreithiúnas an 2 Bealtaine 2018 a dhiúltaigh bac. Éisteadh iarratas Facebook ar chead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí an 17 Iúil 2018. I mbreithiúnas a tugadh an 31 Iúil 2018, thug an Chúirt Uachtarach cead do Facebook a achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ach thug sí treoir gur cheart plé le mionleasú ar na saincheisteanna sonracha lena gcinneadh san achomharc trí bhíthin bainistíochta cáis roimh an éisteacht iomlán sa Chúirt Uachtarach. Tá éisteacht an achomhairc sa Chúirt Uachtarach socraithe go sealadach don 19 Nollaig 2018. Idir an dá linn, tá tarchur na hArd-Chúirte chuig an CJEU bailí i gcónaí agus tá sé ar feitheamh os comhair an CJEU.

Tá na breithiúnais éagsúla dá dtagraítear thuas, chomh maith leis an sain-fhianaise thar ceann an DPC agus tras-scríbhinní na trialach os comhair na hArd-Chúirte ar fáil ar láithreán gréasáin an DPC.

Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Tugadh isteach Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCRanna) i ndiaidh cainteanna ag Meitheal Oibre Airteagal 29 mar fhreagra ar riachtanas eagraíochtaí cur chuige uilíoch a bheith acu ar chosaint sonraí sa chás go raibh go leor eagraíochtaí comhdhéanta de roinnt fo-chuideachtaí a bhí lonnaithe ar fud na cruinne. De bharr go raibh aistriú sonraí ag tarlú ar scála mór, aithníodh an gá le freastal ar an riachtanas sin ar bhealach éifeachtúil chun il-síniú conarthaí amhail Clásail Chonartha Chaighdeánacha, nó formheas ag roinnt DPAnna, a chosc. Leagtar amach sa GDPR in Airteagal 47 an tslí is féidir BCRanna a úsáid i gcónaí mar chosaint chuí chun aistrithe chuig Tríú Tíortha a dhlísteaí.

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, d'fheidhmigh an DPC mar phríomh- athbhreithneoir i ndáil le 13 iarratas BCR. Rinne an DPC ceithre cinn de na hiarratais sin a fhorghnais, eadhon:

- Workday Limited;
- DocuSign Limited;
- VMware International Limited; agus
- Twilio Ireland Limited.

Thugamar cúnamh do DPAnna eile mar chomh-athbhreithneoir ar chúig BCRanna sa tréimhse sin agus rinne an DPA ceithre cinn díobh a fhorghnais, eadhon:

- AGCO (DPA na Baváire);
- Ernst & Young (ICO);
- Deloitte (ICO); agus
- ISS Group (DPA na Danmhairge).

Samhlaítear, le BCRanna a aithint mar uirlis aistrithe sonraí sa GDPR (Airteagal 47) agus le tabhairt isteach sásra "Aonad Ilfhreastail", go dtiocfaidh ardú ar an líon iarratas dá leithéid chuig an oifig seo ón 25 Bealtaine 2018 i leith.

Clár Ullmhachta Inmheánach an DPC maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Cosúil le go leor Údarás Cosanta Sonraí eile ar fud na hEorpa, ba thionscnamh tosaíochta i gcónaí a bhí i gClár Ullmhachta GDPR an DPC é féin, sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018.

Ba é príomhchuspóir an Chláir seo an oifig a ullmhu chun an raon feidhmeanna nua agus leathnaithe a chur ar fáil mar rialtóir faoin GDPR, an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus an Rialachán molta maidir le r-Phríobháideacht.

Bhí an Clár comhdhéanta de 28 sruth oibre éagsúla a dhírigh ar ghníomhaíochtaí ullmhachta a bhain le foireann na hoifige, próisis, córais, struchtúir agus teicneolaíochtaí, chomh maith le cur le hullmhacht/feasacht sheachtrach i ndáil leis an reachtaíocht nua.

Ball foirne sinsearach an DPC a bhí i gceannas ar gach sruth oibre agus thug baill foirne ar feadh na heagraíochta tacaíocht dó. Grúpa Stiúrtha a rialaigh an Clár, a bhí comhdhéanta den Choimisinéir agus de Leas-Choimisinéirí, agus a chas le chéile go rialta chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh agus chun maoirseacht a chur ar fáil.

I rith 2018, ag druidim leis an 25 Bealtaine 2018, chuaigh an Clár isteach i 'gCéim Feidhmithe' a bhain le hobair mhór chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Bheith rannpháirteach go mór, mar phríomh-gheallsealbhóir sa chóras rialála nua faoin GDPR agus faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil leis an mBille um Chosaint Sonraí 2018, a foilsíodh go luath in 2018, a dhréachtú agus a ullmhú;
- Cur tuilleadh le feasacht eagraíochtaí ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm an GDPR, chomh maith le cur leis an bhfaisnéis don phobal le go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar a gcearta. Baineadh sin amach le raon feachtas feasachta poiblí, ina measc feachtas sna meáin phoiblí chomh maith le rannpháirtíocht i líon mór ócáidí cainte;
- Tuilleadh mionsonraí a chur le nósanna imeachta 'staid na todhchaí' inmheánacha na heagraíochta amach anseo, ag féachaint don Bhille um Chosaint Sonraí 2018 (mar a bhí an tráth sin), don GDPR agus don Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí, chomh maith leis na soiléirithe agus an treoir a d'eisigh

Meitheal Oibre Airteagal 29. Baineadh sin amach trí bhithin anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta nua, na próisis ghnó 'staid na todhchaí' lárnacha a mhapáil, tástáil a dhéanamh orthu sin ach cásanna iar-GDPR a úsáid agus na nósanna imeachta sin a thagarmharcáil in aghaidh eagraíochtaí comhchosúla eile;

- Foireann an DPC a fhás ach baill foirne nua le raon leathan speisialtachtaí a earcú, lena n-áirítear saineolas i gcosaint sonraí, cúrsaí dlí, teicneolaíocht, imscrúdú agus rialáil. Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, earcaíodh 16 bhall foirne nuair chuig an DPC agus thosaigh an DPC ar an obair réamhphleanála d'fheachtas earcaíochta ollmhór ina raibh cúig chomórtas sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a rolladh amach i samhradh 2018;
- Dian-oiliúint do bhaill foirne a fhorbairt agus a chur ar fáil chun saineolas agus cumas na heagraíochta a fheabhsú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta um chosaint sonraí, go háirithe an GDPR, an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus an Bille nua um Chosaint Sonraí 2018;
- An oifig a ullmhú le gníomhú mar an bPríomhúdarás Maoirseachta (LSA) i gcásanna trasteorann áirithe ag teacht le 'sásra comhsheasmhachta' an AE, dá dtagraítear go minic mar an Aonad Ilfhreastail (OSS). Baineadh sin amach ach leanúint leis an gcaidreamh le Údarás Chosanta Sonraí (DPAnna) eile, nósanna imeachta OSS a mhionchoigeartú agus oiliúint a chur ar bhaill foirne ar an gcóras a thacaíonn le cumarsáid a bhaineann le OSS idir DPAnna a úsáid;
- Láithreán gréasáin nua a dhearadh agus tús a chur lena thógáil. Áiríodh ar an obair athbhreithniú agus nuashonrú ar láithreán gréasáin reatha an DPC chun faisnéis nuashonraithe faoin GDPR a sholáthar agus foirmeacha gréasáin nua a chur i bhfeidhm ar feitheamh láithreán gréasáin nua, soláimhsithe an DPA bheith 'beo'. Cuirfear foirmeacha gréasáin cuimsitheacha ar líne ar fáil ar láithreán gréasáin nua an DPC a chuirfidh ar chumas úsáideoirí iarratais, fógraí, cúiseanna imní agus ceisteanna a chur chuig an DPC go leictreonach, rud a éascóidh caidreamh níos éifeachtaí idir an DPC, daoine aonair agus eagraíochtaí;

- Córas Bainistíochta Cáis (CMS) nua, oiriúnach don fheidhm a dhearadh agus a thógáil chun feabhas a chur ar thráthúlacht agus ar éifeachtúlacht an tslí a bpléann an DPC le cásanna go dtí go a dtabhairt chun críche. Ceannaíodh Córas Bainistíochta Cáis agus sonraíodh riachtanais chóras teicniúil agus ghnó an DPC sa tréimhse sin; agus
- Tacú le próisis nach mbeadh de dhíth a thuilleadh i ndiaidh an dáta a rachadh an GDPR beo a dhíchóimisiúnú. Baineadh sin amach ach na próisis sin a shainaithint agus a scor, lenar áiríodh an próiseas clárúcháin a bhaint.

Ina theannta sin, sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, tugadh faoi obair chun éifeacht a thabhairt don aistriú chuig an 'gCoimisiún um Chosaint Sonraí' nua. Áiríodh air sin gníomhaíochtaí chun an oifig a athbhrandáil agus chun na hathruithe inmheánacha a bheidh de dhíth chun an oifig a ullmhú bheith ina 'hOifigeach Cuntasaíochta' féin a scópáil.

GDPR: Feasacht agus For-rochtain

Sa tréimhse ag druidim leis an 25 Bealtaine 2018, sheol an DPC mórthionscnamh chun feasacht ar an GDPR a ardú, dar teideal 'Éire a Ullmhú don GDPR', ina sainaithníodh agus ina comhordaíodh roinnt sruthanna cumarsáide a bhí dírithe ar an bhfeasacht a ardú in earnálacha éagsúla agus i measc an phobail in Éirinn. Léiríodh le suirbhéanna náisiúnta a rinneadh i mBealtaine 2017 agus arís i mBealtaine 2018, gur tháinig ardú faoi dhó ar an bhfeasacht ar an GDPR san earnáil SME i rith na tréimhse sin. I mBealtaine 2018, dearbhaíodh go raibh os cionn 90% de ghnóthaí ar an eolas faoin GDPR.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh mar chuid den fheachtas feasachta bhí:

Feachtas Faisnéise Poiblí

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, chuir an DPC feachtas leathan i bhfeidhm sna meáin chun feasacht an phobail faoin athrú sa dlí a ardú. Mar chuid den fheachtas sin bhí fógraí ar chéad-leathanaigh nuachtán sna nuachtáin mhóra laethúla, fógraí i bpictiúrlanna agus ar an raidió agus fógraí digiteacha ar asraonta nuachta ar líne, inar úsáideach díriú inneachair amháin chun ár lucht féachana a aimsiú. D'aimsigh an feachtas os cionn 80% den daonra aosach in Éirinn.

Comhairliúchán Díreach

Mar chuid den thiomantas an DPC feasacht ar an GDPR a bhrú chun cinn, choimeád an oifig sceideal gníomhach for-rochtana i rith na tréimhse sin le bonn leathan de pháirtithe leasmhara Éireannacha agus idirnáisiúnta, na meáin ina measc. Bhí ábhar ag an DPC go rialta sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018, ina measc an Wall Street Journal, New York Times agus Financial Times.

Labhair an Coimisinéir agus a foireann agus rinne cuir i láthair ag beagnach 120 ócáid ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 24 Bealtaine 2018, ina measc comhdhálacha, seimineáir agus cuir i láthair d'eagraíochtaí ar leith i raon leathan earnálacha. Is sampla díobh sin iad seo a leanas:

Náisiúnta

- An 10ú Comhdháil Bhliantúil um Chosaint Sonraí Náisiúnta 2018
- Zero Day Con
- Comhdháil Bhliantúil Social Care Ireland 2018
- Fóram an Údaráis Uchtála
- Data Sec 2018
- Nursing Homes Ireland
- Sunday Business Post & iQuest: Cruinniú Mullaigh GDPR 2018
- RDS Economic Vision 2020 Business Breakfast
- Comhdháil Bhliantúil Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- Comhdháil Ard-Aighní an Iarthair
- Comhdháil Athbhreithnithe ar Shláinte & Sábháil-teachta

Idirnáisiúnta

- McCann Fitzgerald – comhdháil GDPR
- International Association of Privacy Professionals (IAPP) Cruinniú mullaigh na nÚdarás Cosanta Sonraí Domhanda
- Brussels Matters
- An 8ú Comhdháil EDPD i mBeirlín
- 14th Annual Managing an International Workforce
- Comhdháil Údaráis Chosanta Sonraí na hEorpa 2018

An micrealáithreán GDPRandYou.ie

In 2017, chruthaigh an DPC micrealáithreán (www.GDPRandYou.ie) le bheith mar mhol lárnach dá acmhainní go léir a bhain leis an GDPR. Tá na hacmhainní sin go léir le híoslódáil saor in aisce. Rinne Rialtas na hÉireann, comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus príomhpháirtithe leasmhara eile an láithreán gréasáin seo a chur chun cinn mar uirlis ullmhúcháin roimh an 25 Bealtaine 2018.

I measc na dtreirdhoiciméad a bhí ar fáil ar www.GDPRandYou.ie bhí ábhar réamhléiritheach ar an GDPR, foireann uirlisí do SMEnna, treoir chuimsitheach ar chearta daoine, treoir do mhicrifhiontair agus treoir ghinearálta ar phríomh-fhorálacha an GDPR, amhail riachtanais DPO, measúnú tionchair ar chosaint sonraí, soláthar an Aonaid Ilfhreastail agus conarthaí Rialtóra-Próiseálaí.

D'fhoilsigh an DPC treirdhoiciméad dar teideal 'D'eagraíocht a ullmhú don GDPR – treoir do SMEnna', ag deireadh 2017 agus scaipeadh é agus rinneadh íoslódáil shuntasach air go dtí an 25 Bealtaine 2018. Bhí an foilseachán digiteach sin ar fáil saor in aisce i bhformáid PDF in-íoslódáilte ar www.GDPRandYou.ie. Foireann uirlisí praiticiúla do ghnóthaí beaga atá san fhoilseachán a thugann treoir maidir le measúnú córasach a dhéanamh ar chleachtas chosanta sonraí agus ullmhacht do chomhlíonadh GDPR. Tugtar le huirlis seicliosta na treorach treoir maidir le cleachtas chosanta sonraí reatha a mheas in aghaidh riachtanais an GDPR faoi chatagóirí éagsúla. Dearadh an treoir i gcomhar le hionadaithe ón earnáil SME, rud a chabhraigh lena chinntiú go raibh an treoir luachmhar i ndáiríre SMEnna.

Tá naisc ar an láithreán freisin chuig an ábhar treorach ar fad de chuid Mheitheal Oibre Airteagal 29 agus de chuid láithreán ghréasáin gach údarás cosanta sonraí eile san AE.

Láithreacht dhigiteach

Tá an DPC fós ag tabhairt faoi fheasacht GDPR a chur chun cinn ar a leathanach Twitter agus sheol sé leathanach LinkedIn in 2018 chun borradh a chur faoina láithreacht ar na meáin shóisialta. Bhain an DPC úsáid as na hardáin sin go léir chun treirdhoiciméad a scaipeadh, chun cur leis an bhfeasacht i measc daoine aonair agus eagraíochtaí trí bhíthin póstaer agus grafaic faisnéise. Tá aimsiú orgánach seachtainiúil sna deiceanna de mhílte ag cuntas Twitter an DPC agus bhí aimsiú imprisin os cionn 170,000 aige i seachtain an 25 Bealtaine 2018 amháin.

Comhdháil GDPR

In Eanáir 2018, d'óstáil an DPC comhdháil idirnáisiúnta ar 'Cuntasachta a Sheachadadh faoin GDPR'. Tugadh deis do bheagnach 500 toscaire ó eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus ó SMEanna ag an gcomhdháil mhór, phraiticiúil seo, leas a bhaint as taithí agus saineolas na speisialtóirí ab fhearr i bpríobháideacht domhanda, ina measc ionadaithe sinsearach ón DPC, ón Center for Information Policy Leadership, Apple, Facebook, MasterCard Worldwide, HP, Accenture, Google, agus Arthur Cox, i measc cinn eile. Bhain na toscairí leas as ceardlanna agus cleachtaí praiticiúla, bhí deis acu tionchar a imirt ar an díospóireacht ach ceisteanna a chur óna bhfón cliste díreach chuig scáileán na comhdhála.

Thug an DPC faoin tionscnamh sin chun ócáid foghlama luachmhar a chruthú do na heagraíochtaí sin ba mhó a raibh imní orthu faoi thabhairt isteach an GDPR – SMEnna agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Tá an DPC bródúil as ócáid uathúil a sholáthar a thug deis do na heagraíochtaí sin sain-oiliúint agus sainléargas a bhí praiticiúil chomh maith a fháil ó na saineolaithe is fearr sa domhan.

Torthaí an tionscnaimh feasachta

Choimisiúnaigh an DPC suirbhéanna i mBealtaine 2017 agus i mBealtaine 2018 chun méadrachtaí nithiúla a chur ar fáil d'fhonn an tionchar a bhí ag an tionscnamh feasachta "Éire a Ullmhú don GDPR" a thomhas. Taispeánann torthaí an tsuirbhé gur tháinig ardú faoi dhó ar an bhfeasacht faoin GDPR i measc gnóthaí SME in Éirinn (90% i mBealtaine 2018) i gcomparáid leis an mbliain seo caite (44% i mBealtaine 2017). Ina theannta sin, léirigh cúig oiread na bhfeidhmeannach gnó SME eolas ar iarmhairtí an GDPR dá n-eagraíochtaí in 2018 i gcomparáid le 2017, agus bhí ardú faoi dhó ar an ngníomhaíocht réamh-chomhlíonta san earnáil fiontair bheaga agus mheánmhéide.

Luaigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh an treoir ar www.GDPRandYOU.ie agus ár bhfógraí físeáin mar eiseamláirí ar phrionsabail na hinrochtaineachta agus na sothuigteachta.

Chuir tionscnamh an DPC, "Éire a Ullmhú Ireland don GDPR" go mór le leibhéal fíor-ard feasachta faoin GDPR a bhaint amach i measc gnóthaí agus an phobail in Éirinn. Aimsíodh os cionn 80% de phobal na hÉireann lenár bhfeachtas, rud a d'fhág go raibh feasacht ag os cionn 90% den phobal gnó faoin GDPR.

AE agus Idirnáisiúnta

Lean an DPC de chaidreamh fairsing a dhéanamh le páirtithe leasmhara lasmuigh d'Éirinn a bheadh faoi réir ag an GDPR nó a bhí ag cur comhairle ar chliant a bheadh faoi réir ag an GDPR. Áiríodh ar an gcaidreamh sin rannpháirtíocht an Choimisinéara i mí Eanáir i miondóspóireacht phainéil ar aistrithe idirnáisiúnta, in éineacht le Bruno Gencarelli as Coimisiún an AE ag an gcomhdháil CPDP a mbíonn an-tóir uirthi sa Bhruiséil. Go luath i Márta, thaisteal an Coimisinéir agus an Leas-Choimisinéir, John O'Dwyer, go dtí San Francisco chun roinnt cainteanna ar an GDPR a thabhairt do luchtanna éisteachta móra de chleachtóirí agus teicneoirí cosanta sonraí agus ghlac siad páirt i gcruinnithe déthaobhacha mionsonraithe le roinnt cuideachtaí maidir lena n-ullmhúcháin don GDPR. B'fhiú go mór an turas sin mar gur tugadh deis don DPC gnéithe den GDPR a bhí ag cruthú mearbhaill a shainithint. Ag deireadh Mhárta, thaisteal an Coimisinéir agus an Leas-Choimisinéir, John O'Dwyer, go dtí Washington DC chun páirt a ghlacadh i gcomhdháil IAPP DC agus i sraith imeachtaí agus cruinnithe déthaobhacha d'fhonn prionsabail an GDPR a shoiléiriú in éineacht le roinnt údarás cosanta sonraí AE eile.

In Aibreán, ghlac an DPC páirt i gcomhdháil IAPP Londain agus bhí sé in ann mionsonraí praiticiúla a roinnt faoin tslí a bhféadfadh rialtóirí tabhairt faoi sháruithe a fhógairt faoi riachtanas éigeantach an GDPR.

Meitheal Oibre Airteagal 29

Lean an DPC de bheith rannpháirteach go gníomhach i ngrúpa lomlánacha agus i bhfo-ghrúpaí Meitheal Oibre Airteagal 29 (WP29), ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe san AE agus san EEA. I rith na tréimhse tábhachtach réamh-GDPR seo ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018, chuir foireann an DPC leis an bhforbairt ar threoirlínte, ar ábhar oibre agus ar dhréacht-nósanna imeachta oibríochta i ngach ceann d'fhoghrúpaí WP29:

- Teorainneacha, Taisteal agus Forfheidhmiú an Dlí;
- Comhoibriú;
- r-Rialtas;
- Forfheidhmiú;
- Cúrsaí Airgeadais;
- Tascfhórsa Fíneála;
- Todhchaí na Príobháideachta;
- Aistrithe Idirnáisiúnta;
- Úsáideoirí IT;
- Príomhfhóralacha;
- Meáin Shóisialta; agus
- Teicneolaíocht.

Ina theannta sin, ghlac an DPC ról ceannaireachta i bhforbairt roinnt príomh-dhoiciméad WP29:

- I ndiaidh dó feidhmiú mar phríomh-rapóirtéir do na Treoirlínte maidir le Trédhearcacht a d'fhorbair an WP29 a foilsíodh ag deireadh 2017, bhí an DPC i gceannas ar an obair chun na treoirlínte sin a athbhreithniú go luath 2018, i ndiaidh chomhairliúcháin ar fud an AE, agus thug WP29 faomhadh do na treoirlínte críochnaitheacha in Aibreán 2018;
- D'fheidhmigh an DPC mar chomh-rapóirtéir ar Threoirlínte an WP29 ar Chreidiúnú, ar tugadh faomhadh dóibh agus a foilsíodh in Feabhra 2018, agus ar na Treoirlínte gaolmhara ar Dheimhniúchán, ar tugadh faomhadh dóibh agus a foilsíodh in Iúil 2018;
- Lean an DPC de bheith ina phríomh-rapóirtéir nuair a dréachtadh na Treoirlínte ar Chóid Iompair, chun cabhrú le rialtóirí sonraí a gcomhlíonadh a léiriú leis an uirlis cuntasachta thábhachtach seo, agus tá na treoirlínte seo le faomhadh agus le foilsiú le haghaidh chomhairliúcháin oscailte faoi dheireadh 2018;

- Mar phríomh-rapóirtéir, thosaigh an DPC ag obair ar pháipéar ar bhonn riachtanais conarthaigh faoi 6(1) (b) GDPR le haghaidh phróiseáil sonraí pearsanta, i gcomhthéacs seirbhísí ar líne a sholáthar, agus leanadh leis an obair sin; agus
- I mBealtaine 2018, ceapadh an DPC mar chomh-chomhordaitheoir ar an bhfo-ghrúpa nua-bhunaithe do na Meáin Shóisialta, a bhfuil mar ról aige treoir a fhorbairt agus tosaíochtaí straitéiseacha a leagan amach a bhaineann le cuideachtaí meán sóisialta bheith ag sonraí pearsanta.

Tháinig deireadh le Meitheal Oibre Airteagal 29 (WP29) an 25 Bealtaine 2018 agus tháinig an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) isteach ina háit. Tá an bhallaíocht chéanna sa dá chomhlacht, comhdhéanta d'údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí gach ballstát AE agus EEA, chomh maith leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ann idir feidhmeanna an EDPB agus cinn an WP29, maoirseacht ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach an GDPR agus a comhoibriú i measc údaráis chosanta sonraí AE a chinntiú faoi na sásraí Comhoibrithe agus Comhsheasmhachta sa GDPR.

I rith na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, bhí an DPC thar a bheith gníomhach in ullmhúcháin an WP29 don athrú bunúsach sin, i ndáil le nósanna imeachta comhoibrithe, prótacail oibríochta agus uirlisí chun faisnéis a roinnt. Bhain tábhacht faoi leith ag na hullmhúcháin sin don DPC, os rud é go bhfuil an oiread sin cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn, cuideachtaí teicneolaíochta agus meán sóisialta ina measc. Faoi shamhail an Aonaid Ilfhreastail, is é an DPC an príomh-údarás maoirseachta a dhéanann maoirseacht ar phróiseáil sonraí pearsanta trasteorann ag na cuideachtaí sin.

Clárú

Rialtóirí agus Próiseálaithe Sonraí a Chlárú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 don tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018

agus

Córas Fógartha a bhunú d’Oifigigh Chosanta Sonraí faoin GDPR ón 25 Bealtaine 2018

Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, bhí ceangal dlíthiúil ar chatagóirí áirithe rialtóirí agus próiseálaithe sonraí clárú leis an DPC ar bhonn bliantúil. Tháinig deireadh leis an gceanglas dlíthiúil sin maidir le clárúchán an 25 Bealtaine 2018 nuair a cuireadh an GDPR i bhfeidhm agus nuair a achtaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, ba mar seo a leanas a bhí an dá phríomh-ghníomhaíocht ag an DPC i réimse an chlárúcháin:

- a) leanúint den chóras clárúcháin a oibriú dá ndéantar forail faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, i ndáil leis na heagraíochtaí sin a bhfuil oibleagáid orthu clárú go dtí an 25 Bealtaine; agus
- b) feasacht a chruthú faoin gceanglas nua atá infheidhme faoin GDPR go bhfuil ar eagraíochtaí ábhartha a ‘oifigeach cosanta sonraí’ (DPO) a chur in iúl don DPC agus aird rialtóirí agus próiseálaithe sonraí a tharraingt ar scór an riachtanais clárúcháin ón 25 Bealtaine i leith.

a) Leanúint d’oibriú chóras clárúcháin na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Go dtí an 25 Bealtaine 2018, bhí ceanglas ar chatagóirí áirithe rialtóirí agus próiseálaithe sonraí clárú le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

In alt 16(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 sainmhíníodh na daoine a raibh feidhm ag an riachtanas clárúcháin leo. Bhí an riachtanas clárúcháin i bhfeidhm le gach rialtóir agus próiseálaí sonraí pearsanta thar ceann a leithéid de rialtóirí sonraí ach amháin sa chás:

- gur eagraíocht “neamhbhrabúis” a bhí sa rialtóir sonraí;
- gur chun críche clár a bhí ar fáil don phobal é an próiseáil sonraí pearsanta;
- gur sonraí láimhe a bhí le próiseáil (seachas catagóirí sonracha sonraí forordaithe); nó
- go raibh feidhm le díolúintí faoi Rialachán 3 de IR 657 de 2007.

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, 6,885 an líon iomlán iontrálacha sa chlár, mar seo a leanas:

Catagóir na gCláraithe	Líon na gCláraithe
Institiúidí airgeadais agus creidmheasa	449
Eagraíochtaí árachais	274
Daoine a mbaineann a ngnó i bpáirt nó go hiomlán le margaíocht dhíreach, tagairtí creidmheasa a sholáthar nó fiachais a bhailiú	49
Teileachumarsáid/soláthraithe idirlín	36
An earnáil sláinte	2,174
Cógaiseoirí	1,103
Ilghnéitheach	1,230
Próiseálaithe Sonraí	1,570

Iontrálacha cláraithe do na blianta 2015 go 2018:

An Bhliain Clárúcháin	Líon Iomlán na gClárúcháin
2015	6,235
2016	6,901
2017	7,143
2018	6,885

An 17 Bealtaine 2018 an dáta deiridh a glacadh le hiarratais chlárúcháin agus táillí, agus rinneadh an clár poiblí don uair dheiridh an 18 Bealtaine 2018.

b) Córas nua fógartha ón 25 Bealtaine 2018 d'Oifigigh Chosanta Sonraí faoin GDPR a bhunú

Chruthaigh an GDPR oibleagáid nua faoi Airteagal 37 lena gcuirtear ceanglas ar eagraíochtaí áirithe Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ainmnithe a cheapadh. Tá ceanglas ar eagraíochtaí mionsonraí teagmhála a DPO a fhoilsiú freisin agus na mionsonraí sin a thabhairt dá bpríomh-údarás maoirseachta. Is é cuspóir an cheanglais sin a chinntiú go bhféadfaidh daoine (laistigh agus lasmuigh den eagraíocht) agus an t-údarás cosanta sonraí teagmháil a dhéanamh leis an DPO go díreach agus go héasca gan bheith orthu teagmháil a dhéanamh le cuid eile den eagraíocht.

Faoin GDPR, tá ceanglas ar eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh sa chás:

- gur údarás nó comhlacht poiblí a dhéanann an phróiseáil, ach amháin nuair is cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach a dhéanann í;
- gur oibríochtaí próiseála atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialtóra nó an phróiseálaí a éillíonn monatóireacht rialta agus córasach ar ábhair sonraí ar scála mór de bharr a nádúir, a raon feidhme agus/nó a gcuispóirí; nó
- gur próiseáil chatagóirí speisialta sonraí nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla ar scála mór iad príomhghníomhaíochtaí an rialtóra nó an phróiseálaí.

Anuas air sin, déantar soláthar ar leibhéal náisiúnta le hAlt den Acht um Chosaint Sonraí 2018 do rialacháin a dhéanamh lena sonrúfaí cásanna breise ina mbeadh ainmniúchán DPO de dhíth.

Féadfaidh DPO bheith ina bhall foirne ar an leibhéal cuí agus oiliúint chuí air, bheith ina DPO seachtrach, nó ina cheann a roinntear idir grúpa eagraíochtaí. Déantar soláthar do gach cineál díobh sin sa GDPR.

Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, bhunaigh an DPC nósanna imeachta agus córais faisnéise nua d'fhonn fógraí a fháil ó eagraíochtaí ábhartha maidir le hainmniúchán DPO ón 25 Bealtaine 2018 i leith.

Tá foirm ghréasáin curtha i bhfeidhm ag an DPC ar a láithreán gréasáin le go bhféadfaidh eagraíochtaí DPO na fhógairt. Níl aon táille i gceist leis an bpróiseas sin.

Gnóthaí Corparáideacha

Forléargas

Tá aonad Gnóthaí Corparáideacha an DPC freagrach as bearta a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil riachtanais rialachas corparáideach agus reachtaíocht á gcomhlíonadh ag eagraíochtaí. Tá an t-aonad freagrach freisin as tacú le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla na heagraíochta ach a chinntiú go bhfuil seirbhísí riaracháin, airgeadais, acmhainní daonna agus ICT ar bun.

Airgeadas

Tá ardú mór tagtha ar mhaoiniú an Rialtais don DPC, ó €1.7 milliún in 2013 go dtí leithdháileadh €11.6 milliún in 2018 (a bhí comhdhéanta de phá €7.3 milliún agus leithdháileadh neamhphá €4.3 milliún). Aithníonn an DPC an t-ardú mór ar mhaoiniú le blianta beaga anuas agus cuireann fáilte roimh thiomantas leanúnach an Rialtais i leith freastal ar riachtanais acmhainneachta na heagraíochta agus í i mbun a róil mar cheann de na húdaráis chosanta sonraí ceannaireachta san AE, ról atá ag leathnú amach.

Bhailigh an DPC ioncam freisin do chlárúcháin reachtúla rialtóirí agus próiseálaithe sonraí sa tréimhse idir 1 Eanáir agus 24 Bealtaine 2018. Mar a ndearnadh tagairt dó sa chuid Clárú den Tuarascáil seo, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, bhí ceanglas ar chatagóirí áirithe rialtóirí agus próiseálaithe sonraí clárú le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Mar sin féin, le cur i bhfeidhm an GDPR agus leis an Acht nua um Chosaint Sonraí, tháinig deireadh leis an gceanglas dlíthiúil ar chlárú an 25 Bealtaine 2018, agus ó shin i leith ní bhailíonn an DPC an t-ioncam sin a thuilleadh.

Tabharfar mionsonraí faoi na híocaíochtaí cláraithe reachtúla a fuair an DPC idir 1 Eanáir agus 24 Bealtaine 2018 i Ráiteas Airgeadais Bliantúil oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i ndáil leis an tréimhse sin.

Díríonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais buiséad an DPC trí bhithin a vóta faoin bhfo-cheannteideal A.7 atá mar chuid de 'Clár A – Ceannaireacht agus maoirseacht i mbeartas agus i seachadadh Dlí agus Cirt agus Comhionannas'. Breathnaíonn an DPC ar na riachtanais atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus sa Chód Caiteachais Phoiblí agus breathnaíonn sé freisin ar na teorainneacha caiteachais agus faofa a bhaineann leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Maidir lena bpróisis íocaíochta agus cuntasáíochta, baineann an DPC úsáid as seirbhísí comhroinnte. Déantar íocaíochtaí sonraisc a phróiseáil ag Ionad Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte (FSS) na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an córas cuntasáíochta lárnach atá aici. Déantar íocaíochta párolla agus speansais an DPC a phróiseáil ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (PSSC) atá faoi chúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

Ráiteas Airgeadais Bliantúil i ndáil le oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, ag cuimsiú na tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018

Tá Ráiteas Airgeadais Bliantúil i ndáil le oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, ag cuimsiú na tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, á ullmhú lena chur chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Chomh luath agus a bheidh an t-iniúchadh tugtha chun críche agus an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faofa agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, cuirfear leis an Tuarascáil seo é.

Achmhainní Foirne

Go dtí an 24 Bealtaine 2018, cheap an Rialtas an Coimisinéir, agus í neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, bunaítear an Coimisiún um Chosaint Sonraí de réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí 2018 agus de réir an GDPR agus tá sé neamhspleách i bhfeidhmiú a thascanna agus i gcleachtadh a chumhachtaí.

Amhail an 24 Bealtaine 2018, bhí tuairim is 100 ball foirne ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ina suíomhanna i mBaile Átha Cliath agus i gCúil an tSúdaire, chun tacú le cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna sin.

Ceann de phríomh-thosaíochtaí an DPC i rith na tréimhse arna cuimsiú ag an Tuarascáil seo foireann an DPC a mhéadú agus a fhorbairt. Sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, d'earcaigh an DPC 16 bhall foirne nua agus thosaigh sé ar fheachtas earcaíochta ollmhór a phleanáil, lena bhain cúig chomórtas de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a tosaíodh i samhradh 2018. Mar chuid de na feachtais sin tá an DPC ag earcú baill foirne nua a bhfuil raon leathan speisialtachtaí acu, lena n-áirítear saineolas ar chosaint sonraí, cúrsaí dlí, teicneolaíochta, imscrúdú agus rialáil.

Sa bhreis air sin, is príomh-thosaíocht don DPC iad oiliúint agus forbairt leanúnach don fhoireann. I rith thréimhse na Tuarascála Bliantúla seo, d'fhorbair an

DPC dian-oiliúint agus chuir ar na baill foirne í, chun cur le saineolas agus cumas na heagraíochta ó thaobh an reachtaíocht um chosaint sonraí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, go háirithe an GDPR, an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus an tAcht nua um Chosaint Sonraí 2018.

Is státseirbhísigh iad baill foirne an DPC a oibríonn de réir Chód Chaighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse agus de réir bheartais chorparáideacha, nósanna imeachta agus ciorcláin.

Rialachas Corparáideach – Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Cé gur comhlacht neamhspleách é an Coimisinéir Cosanta Sonraí, cinntíonn an eagraíocht go leantar na riachtanais sa Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus maoirseacht á déanamh aige ar a riarachán.

Mar chuid de riachtanais an Chóid Chleachtas, tá Comhaontú Dearbhaithe um Rialachas Corparáideach ar bun ag an DPC leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa Chomhaontú sin an creat rialachas corparáideach leathan ina bhfeidhmíonn an DPC agus sainmhíniúear príomh-róil agus príomh-fhreas-grachtaí atá mar bhonn taca don ghaol idir an oifig agus sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. De bharr go bhfuil an DPC neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 (le héifeacht ón 25 Bealtaine 2018), níl sé faoi réir ag Comhaontú Performance Delivery leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tugtar Ráiteas ar Rialú Inmheánach an DPC, a ullmhaíodh de réir an Chóid Chleachtas, in Agusín V.

Riachtanais ó thaobh Rialachas Reachtúil

Cé gur comhlacht neamhspleách é an DPC, cinntimid go leanann maoirseacht ár riaracháin na riachtanais arna leagan amach do gach comhlacht san earnáil phoiblí sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Tugtar tuairisc don Stáitchiste ar an gcaiteachas go léir agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an DPC gach bliain. Déantar maoirseacht bhreise ar an obair a dhéanaimid trí bhíthin chaidreamh laethúil le saoránaigh, le gnóthaí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Is féidir achomhairc chun na Cúirteanna a dhéanamh maidir le cinntí reachtúla an Choimisinéara.

Pleanáil Straitéiseach

I rith na tréimhse arna cuimsiú ag an Tuarascáil seo, d'oibrigh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí de réir na fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Rinne sí a feidhmeanna ag teacht leis na príomhspríocanna straitéiseacha arna leagan amach ina Ráiteas Straitéise do 2017-2018. Bhí pleananna gnó agus spríocanna bhaill foirne ar leithligh mar bhonn taca le seachadadh shainchúram na heagraíochta. Rinne an CBS monatóireacht ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le gníomhartha tosaíochta 2018 a chur i bhfeidhm.

Le cur i bhfeidhm an GDPR agus leis an reachtaíocht nua um chosaint sonraí, tá sé beartaithe ag an DPC tabhairt faoi Straitéis Rialála a fhorbairt in 2018. Beidh an Straitéis sin ina bonn taca le cur chuige an DPC ar fheidhmiú a fheidhmeanna rialála agus le Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt.

Bainistíocht Riosca

Leagtar amach i mBeartas um Bhainistíocht Riosca an DPC a chur chuige ar bhainistíocht riosca agus róil agus freagrachtaí an CBS, Chinn Aonad, bhainisteoirí agus bhaill foirne. Leagtar amach sa bheartas freisin príomhghnéithe an phróisis bhainistíochta riosca agus an tslí a chineann agus a thairfeadann an DPC rioscaí don eagraíocht. Chuir an DPC na nósanna imeachta a leagtar amach ina Bheartas um Bhainistíocht Riosca i bhfeidhm agus choimeád Clár Rioscaí ag teacht le treoirlínte na Roinne Airgeadais. Áiríodh air sin measúnú cuí a dhéanamh ar na príomh-rioscaí don DPC, lena n-áirítear tuairisc ar an riosca agus na bearta nó straitéisí gaolmhara chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú. Gnóthaí Corparáideacha a chuireann an Clár Rioscaí i dtoll a chéile agus comhaltaí an CBS a dhéanann athbhreithniú rialta air.

Mar seo a leanas na príomh-rioscaí a bhainistigh an oifig i rith na tréimhse faoi athbhreithniú, rioscaí a léirigh príomh-thosaíochtaí an DPC:

- lánpháirtíú agus comhdhlúthú éifeachtach a chinntiú maidir le struchtúir, próisis ghnó agus feidhmeanna nua ar fud an DPC agus á ullmhú féin chun feidhmeanna agus freagrachtaí maoirseachta nua agus feabhsaithe arna leagan amach sa GDPR a ghlacadh air féin;
- cumas eagraíochtúil a mhéadú, lena n-áirítear saineolas fhoireann an DPC a fhorbairt tuilleadh

chomh maith le baill foirne nua a earcú a bhfuil scileanna acu i dteicneolaíocht na faisnéise, in imscrúdú speisialtóra agus i gcúrsaí dlí, i bhfianaise fheidhmeanna nua, feabhsaithe na heagraíochta faoin GDPR agus faoin reachtaíocht náisiúnta;

- a chinntiú go bhfuil struchtúir rialála éifeachtúla agus éifeachtacha i bhfeidhm ag an DPC chun a shainchúram a bhaint amach, eadhon ceart bunúsach an AE ar chosaint sonraí a chosaint agus seasamh le hiontaofacht, gairmiúlacht agus cáil idirnáisiúnta an DPC agus cur leo; agus
- a chinntiú go bhfuil próisis ghnó nua agus rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm chun bainistíocht dhíreach a dhéanamh ar fheidhmeanna amhail airgeadas, párolla, acmhainní daonna, ICT agus iniúchadh inmheánach nuair a aistríonn an DPC chuig 'Oifig Sceidealta' lena Vóta féin agus lena Oifigeach Cuntasaíochta féin.

Iníúcháireacht

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) a chuireann feidhm Iníúcháireachta Inmheánaí an DPC ar fáil, faoi mhaoirseacht Choiste Iníúcháireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart). Is é ról Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí an DJE dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá ar bun ar feadh an Vóta.

Cabhraíonn Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí an DJE leis an DPC trí bhíthin dearbhú iniúcháireachta réasúnta a thabhairt go ndéantar rioscaí oibríochta suntasacha a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Thug Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí an DJE faoi iniúchadh ar rialuithe airgeadais an DPC go luath in 2018, agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an CBS agus Coiste Iníúcháireachta an DJE. Níor sainaithníodh aon cheist shuntasach san iniúchadh.

Saoráil faisnéise

Tá an DPC faoi réir, i bpáirt, ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 ón 14 Aibreán 2015 i ndáil le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige. Tá faisnéis faoi iarratas a dhéanamh faoi FOI ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Tá loga nochta maidir leis na hiarrataí go léir ar fhaisnéis neamh-phearsanta faoin Acht FOI ar fáil faoinár Scéim Foilseacháin FOI ar ár láithreán gréasáin.

Ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018, fuair an oifig seo 12 iarraidh faoin Acht FOI. As na 12 iarraidh a fuarthas sa tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018, measadh seacht gcinn díobh a bheith lasmuigh den raon feidhme agus ní dhearnadh achomharc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéis maidir le cás ar bith.

Phléigh an DPC le hiarrata amháin in 2018 faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007, I.R. 133 de 2007. An fhaisnéis a iarraidh a dhiúltú cinneadh a eisíodh. Iarradh athbheithniú inmheánach ar an gcinneadh sin agus sheas an t-athbheithniú leis an gcinneadh bunaidh, rochtain ar an bhfaisnéis a iarradh a dhiúltú. Ar achomharc, chinn an DPC an fhaisnéis a iarradh a scaoileadh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Is é seo an ceathrú Scéim Ghaeilge de chuid an DPC faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a tosaíodh le héifeacht ón 1 Samhain 2017 agus a bheidh i bhfeidhm go dtí Deireadh Fómhair 2020. Leanfaidh an oifig seo de sheirbhís Ghaeilge a sholáthar de réir ár gCairt Chustaiméirí agus de réir na faisnéise faoin nGaeilge ar ár láithreán gréasáin.

Iarrataí de réir chineáil	Líon Iomlán sa Chatagóir	Toradh
Ceisteanna Riaracháin	5	2 Ceadaithe 1 Ceadaithe i bpáirt 1 Pléite lasmuigh de FOI 1 Tarraingthe Siar
Sonraí pearsanta (lasmuigh den raon feidhme)	1	1 Diúltaithe
Nithe lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna	6	6 Diúltaithe
Cásanna beo	Nialas	

Aguisín I

Liosta Eagraíochtaí a nDearnadh Iniúchadh Nó Cigireacht Orthu (idir 1 Eanáir agus 24 Bealtaine 2018)

Is mian leis an gCoimisinéir buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí go léir a ndearnadh iniúchadh agus cigireacht orthu idir 1 Eanáir agus 24 Bealtaine 2018 as a gcomhoibriú. Fuair na foirne cigireachta go raibh leibhéal réasúnta ard feasachta agus comhlíonta le prionsabail chosanta sonraí i bhformhór na n-eagraíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu. Ag an am céanna, theastaigh gníomh leasúcháin ó go leor eagraíochtaí i réimsí áirithe. Thug na foirne cigireachta faoi deara na hiarrachtaí a rinne rialtóirí agus próiseálaithe sonraí chun nósanna imeachta a chur ar bun lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí cosanta sonraí go hiomlán.

- Sherry Fitzgerald Lettings
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Vodafone
- An tÚdarás Slándála Príobháidí
- Dublin Property Rentals
- Terrie Dunne Lettings
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- NetDrNow, Sord (amharc-chigireacht)
- D15GP, Baile Bhlainséir (amharc-chigireacht)
- Scoil Chorbáin
- Adamstown Community College
- Comhairle Contae Fhine Gall
- Halfords
- Comhairle Cathrach Chorcaí
- Minnock Agri Enterprises
- FRS Training
- Banc na hÉireann
- Hostelworld
- Comhar Creidmheasa Dhroim Conrach
- Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh

Cigireachtaí SIU (Aonad Imscrúduithe Speisialta)

- Dowling & Company, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
- Stáisiún Garda na Carraige Duibhe, An Charraig Dhubh, Co. Baile Átha Cliath
- Private Investigation, Cill Droichead, Co. Chill Dara

Aguisín II

Ionchúisimh

CÁS-STAIDEÁR 1: Ionchúiseamh Guerin Media Limited

Fuair an DPC gearáin nach raibh baint acu lena chéile ó thriúr daoine faoi ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Guerin Media Limited. I ngach cás, fuair na gearánaithe na ríomhphoist mhargaíochta ag a seoltaí ríomhphoist oibre. Ní raibh caidreamh gnó le Guerin Media Limited roimhe sin ag ceachtar den triúr. Níor thug na ríomhphoist mhargaíochta rogha chun díliostáil ná scar-rogha do na faighteoirí maidir le cumarsáid den sórt sin a fháil. D'fhreagair roinnt de na gearánaithe an seoltóir ag iarraidh go mbainfí a seoladh ríomhphoist ó liosta margaíochta na cuideachta. Mar sin féin, ní dhearnadh gníomh ar bith i leith na n-iarraatá sin agus lean an cuideachta ar aghaidh ag seoladh ríomhphoist mhargaíochta chuig na daoine. I gcás amháin, seoladh naoi ríomhphost margaíochta chuig seoladh ríomhphoist oibre duine i ndiaidh dó iarraidh ar ríomhphost a sheoladh chuig Guerin Media Limited ar a sheoladh a bhaint óna liosta seachadta.

Fuair imscrúdú an DPC ar na gearáin sin nach raibh toiliú dhuine ar bith de na gearánaithe ag Guerin Media Limited chun ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a sheoladh chucu agus gur theip uirthi i ngach cás sásra scar-rogha a chur san áireamh ina ríomhphoist mhargaíochta.

Bhí ceithre ghearán chomhchosúla in aghaidh Guerin Media Limited faighte ag an DPC i rith 2013 agus 2014 inar sheol an cuideachta ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ó na faighteoirí cumarsáid den sórt sin a fháil agus gan sásra scar-rogha a bheith sna ríomhphoist. De bhun imscrúduithe an DPC an tráth sin, thug an DPC rabhadh do Guerin Media Limited gur dhócha go ndéanfadh an DPC ionchúiseamh ina choinne dá dtarlódh sárúithe den sórt sin ar na Rialacháin r-Phríobháideachta arís. Ar an rabhadh roimhe agus torthaí an DPC a chur san áireamh ina imscrúdú reatha, chinn an DPC Guerin Media Limited a ionchúiseamh as 42 shárú ar leithligh ar na Rialacháin r-Phríobháideachta.

Tháinig na hionchúisimh os comhair Chúirt Dúiche an Náis an 5 Feabhra 2018 agus phléadail an cuideachta ciontach i gceithre chúiseamh shamplacha as an líon iomlán de 42 chúiseamh. Bhain trí cinn de na cúisimh shamplacha le sárúithe ar Rialachán 13(1) de na Rialacháin r-Phríobháideachta as ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a sheoladh chuig daoine gan toiliú uathu. Bhain an ceathrú chúiseamh shamplach le sárú ar Rialachán 13(12)(c) de na Rialacháin r-Phríobháideachta as teip maidir le sásra scar-rogha a chur san áireamh sa

ríomhphoist mhargaíochta. Chiontaigh an Chúirt Guerin Media Limited i ngach ceann de na ceithre chúiseamh agus ghearr ceithre fhíneáil €1,000, ar gach ceann i.e. finéal iomlán €4,000. Tugadh sé mhí don cuideachta an fhíneáil a íoc. D'aontaigh sí freisin ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo na gcostas ionchúisimh a thabhaigh an DPC.

Margaíocht chuig seoltaí ríomhphoist oibre

Tá míthuiscint choitianta amuigh gur cineál cumarsáid gnó-le-gnó é cumarsáid ar ríomhphost a sheoladh chuig daoine ag seoladh ríomhphoist oibre agus nach bhfuil toiliú ón duine de dhíth. Tugann na Rialacháin r-Phríobháideachta deis don riail réamhshocraithe a ghearradh amach (i.e. go gcaithfidh an eagraíocht a sheolann an ríomhphoist toiliú an fhaighteora a bheith faighte aici), rud a cheadaíonn do chumarsáid den sórt sin a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist a dhealraítear go réasúnta gurb é an ceann é a úsáideann duine i gcomhthéacs a ghníomhaíochta tráchtála nó oifigiúla. Mar sin féin, d'fhonn brath ar an eisceacht seo ar an riail ghinearálta a éilíonn toiliú o, ní mór don seoltóir bheith in ann a thaispeáint nach bhain an ríomhphost a seoladh ach le gníomhaíocht tráchtála nó oifigiúil an fhaighteora agus sin amháin, is é sin le rá, gur fíor-chumarsáid gnó-le-gnó a bhí ann. Go héifeachtach, ciallaíonn sin go bhfeadfaidh an eagraíocht ábhar margaíochta atá ábhartha go díreach do ról an fhaighteora i gcomhthéacs a ghníomhaíochta tráchtála nó oifigiúla (i.e. ina áit oibre) a sheoladh gan toiliú roimh ré ón bhfaighteoir. Mar sin féin, ní hamhlaidh a bhí an cás sna himthosca i gceist. Ina áit sin, bhain na cumarsáidí margaíochta a sheol Guerin Media Limited le hiarrachtaí na cuideachta sin spás fógraíochta i bhfoilseacháin éagsúla a dhíol agus seastáin ag taispeántais a dhíol. Mar sin féin, ní raibh ról ag duine ar bith de na gearánaithe a fuair an cumarsáid sin le cúrsaí margaíochta ina n-áiteanna oibre féin.

Cé nach bhfuil sé infheidhme go díreach anseo, de bharr gur dhaoine aonair a bhí sna gearánaithe, is ceart d'eagraíochtaí riail eile sna Rialacháin r-Phríobháideachta a thabhairt ar aird maidir le cásanna nach duine aonair é faighteoir cumarsáid margaíochta gan iarraidh (e.g. go n-úsáidtear an seoladh ríomhphoist mar cheann cuideachta/corparáideach amháin agus nach mbaineann sé le cuntas ríomhphoist duine aonair, bíodh sin ag an obair nó in áit ar bith eile). I gcás mar sin nuair a thugann an faighteoir, ar cuideachta/corparáideach é, fógra don seoltóir nach dtugtar toiliú ríomhphoist den sórt sin a fháil, is neamhdhleathach don seoltóir é ríomhphoist den sórt sin a sheoladh ina dhiaidh sin.

Léiriú tábhachtach é an cás seo gur cheart d'eagraíocht ar bith a théann i mbun gníomhaíochtaí margáíochta dírí go leictreonach an bunús a mheasann sí nach bhfuil feidhm i gcás ar bith ag an rialí réamhshocraithe phríomhúil a cheanglaíonn ar eagraíocht is seoltóir toiliú an fhaighteora a fháil, a chinneadh go cúramach, chomh maith leis an tslí is féidir léi sin a chruthú. Léiriú é an cás freisin ar a thábhachtach atá sé sásra scar-rogha a chur i ngach cumarsáid margáíochta dírí leictreonach mar gheall gur cion ar leithligh é teip maidir leis sin a dhéanamh (anuas ar chionta ar bith i ndáil le teip ó thaobh toiliú a fháil) i ndáil le gach ríomhphost/teachtaireacht den sórt sin.

CÁS-STAIDÉAR 2: Ionchúiseamh AA Ireland Limited

I mí na Nollag 2017, fuair an DPC gearán ó dhuine a fuair teachtaireachtaí téacs margáíochta gan iarraidh ó AA Ireland Limited. Chuir sé in iúl don DPC go raibh a luachan athnuachana árachais gluasteán faighte aige le déanaí óna sholáthraí árachais reatha agus gur chinn sé an margadh is fearr a chuardach agus luachan níos iomaíche a lorg. AA Ireland Limited ceann de na cuideachtaí a ghlaigh sé orthu ag lorg luachana. Chuir an gearánaí in iúl don DPC gur dhúirt sé go soiléir leis an ngníomhaire a d'fhreagair a ghlaoch go raibh sé ag iarraidh dearbhú nach n-úsáidí a chuid mionsonraí chun críocha margáíochta agus gur thug an ngníomhaire an dearbhú sin dó. Leanadh leis an nglaoch agus thug an ngníomhaire luachan. Thug an gearánaí ar aird go raibh an luachan níos airde ná an luachan athnuachana óna sholáthraí árachais reatha agus thug an gearánaí le tuiscint don ngníomhaire nach leanfadh sé ar aghaidh leis an luachan a thairg AA Ireland Limited. Chuir an gearánaí in iúl don DPC gur dhúirt sé leis an ngníomhaire arís, ag an bpointe seo den ghlaoch, nár chóir dó ábhar margáíochta a fháil agus thug an ngníomhaire dearbhú dó arís nach dtarlódh sin.

Croílár ghearán an ghearánaí, áfach, go bhfuair sé teachtaireacht téacs margáíochta ó AA Ireland Limited an lá ina dhiaidh sin, ag tairiscint lascaine €50 ar an luachan a tugadh dó. Seoladh teachtaireacht téacs chomhchosúil eile chuig a fón póca an chéad lá eile. Dúirt an gearánaí ina ghearán gur bhraith sé gur sárú follasach é an gníomh sin ar a threoracha a bhí soiléir agus cruinn nach raibh sé ag iarraidh aon chumarsáid margáíochta.

I rith an imscrúdú a rinneamar, dheimhnigh AA Ireland Limited gur sheol sé an dá theachttaireacht téacs chuig

ngearánaí agus d'admhaigh nach bhfuair sé toiliú chun na teachtaireachtaí sin a sheoladh chuig an ngearánaí. D'aithin an chuideachta gur iarr an gearánaí gan teachtaireachtaí margáíochta a fháil, gur chóir déanamh de réir iarraidh an ghearánaí agus nár chóir a chuid mionsonraí a úsáid chun críocha margáíochta. Mhaígh an chuideachta gur tharla an eachtra mar gheall ar earráid dhaonna. Mhínigh sí nár lean an ngníomhaire an próiseas ceart agus dá bharr sin gur taifeadh mionsonraí an ghearánaí mar rogha déanta go raibh sé sásta teachtaireachtaí margáíochta a fháil, agus mar sin gur seoladh teachtaireachtaí téacs margáíochta chuige.

De bharr gur eisigh an DPC rabhadh chuig AA Ireland Limited cheana, in imthosca eile, i ndáil le cumarsáid margáíochta gan iarraidh, chinn an DPC sa chás seo imeachtaí ionchúisimh a thionscain. Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 14 Bealtaine 2018, phléadail AA Ireland Limited ciontach i gcion amháin. D'aontaigh sé freisin na costais ionchúisimh a thabhaigh an DPC a íoc. In áit chiontú agus fineáil, d'fheidhmigh an Chúirt Alt 1(1) den Probation of Offenders Act.

CÁS-STAIDÉAR 3: Ionchúiseamh Dublin Mint Office Limited

Fuair an DPC gearán an 13 Deireadh Fómhair 2017 ó dhuine a fuair dhá ghlaoch gutháin mhargáíochta an lá céanna sin, ceann amháin dírithe air féin agus an ceann eile dírithe ar a mhac, ó The Dublin Mint Office Limited. Rinne an glaoiteoir iarracht i ngach cás boinn chuimhneacháin a dhíol. Mhínigh an gearánaí ina ghearán gur chláraigh sé ar líne leis an gcuideachta cúpla mí roimhe sin le haghaidh tairiscint ar líne thar a cheann agus thar ceann a mhic. Thug sé an uimhir chéanna don bheirt i rith an phróisis chláráithe ar líne. Dúirt an gearánaí gur chuir sé tic sa bhosca scar-rogha le linn an phróisis chláráithe ar líne sin.

I rith imscrúdú an DPC, d'admhaigh The Dublin Mint Office Limited go ndearna sé na glaonna gutháin margáíochta. Mhínigh sé nár thairg an fhoirm ordaithe ach rogha chun glacadh le margáíocht tríd an bpost agus ar ríomhphost, an tráth ar thug an gearánaí a uimhir ghutháin i rith an phróisis iarratais ar líne i mí na Bealtaine 2017. Dheimhnigh an chuideachta nár roghnaigh an gearánaí an rogha glactha agus mar sin gur taifeadh go ndearna sé scor-rogha maidir le margáíocht tríd an bpost agus ar ríomhphost agus sin amháin. Mhínigh an chuideachta go raibh bearna sa chóras an tráth sin a cheadaigh rogha glacadh le

margaíocht tríd an bpost agus ar ríomhphost agus sin amháin, ach nach scor-rogha maidir le teilidhíol a bhí ann. Mar thoradh air sin, cuireadh mionsonraí an ghearánaí ar liosta le haghaidh glaoch teilidhíola. Chuir an chuideachta in iúl don DPC gur scríobh siad chuig an ngearánaí chun leithscéal a ghabháil as an míchaoithiúlacht dósan agus dá mhac de bharr an bhotúin a rinneadh.

Bhí rabhadh eisithe ag an DPC chuig The Dublin Mint Office Limited i mí Mheán Fómhair 2017 maidir le gearáin eile a bhí déanta chuig an DPC faoi chumarsáid margaíochta gan iarraidh ón gcuideachta. Dá bharr sin, chinn an DPC The Dublin Mint Office Limited a ionchúiseamh. Phléadáil an chuideachta ciontach in dhá chúiseamh i ndáil leis an dá ghlaó gutháin margaíochta i gCúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 14 Bealtaine 2018. D'aontaigh sé freisin costais ionchúisimh an DPC a íoc. In áit chiontú a dhéanamh agus fineáil a ghearradh, d'fheidhmigh an Chúirt Alt 1(1) den Probation of Offenders Act.

CÁS-STAIDEAR 4: Iarrata Rochtana a rinneadh chuig NAMA

Cúlra

I bhFeabhra 2018, d'eisigh an DPC cinneadh ar ghearán a rinneadh chuige ag beirt daoine in aghaidh na Gnómháireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). Bhain an gearán le líomhaintí faoi neamhchomhlíonadh le hiarrata comhrochtana a rinneadh chuig NAMA i mí Mheán Fómhair 2014 ag na gearánaithe a bhí ina stiúrthóirí agus/nó scairshealbhóirí i gcuideachtaí ar aistríodh a n-iasachtaí chuig NAMA. Aistríodh iasachtaí pearsanta áirithe na ndaoine sin chuig NAMA freisin. Rinneadh tagairt shoiléir san iarraidh comhrochtana a bhí déanta chuig NAMA do shonraí pearsanta a bhí ag NAMA i ndáil leis na hiasachtaí pearsanta agus leis na hiasachtaí cuideachta.

D'fhreagair NAMA na gearánaithe i nDeireadh Fómhair 2014, agus d'iarr orthu catagóir a shainaithint as measc roinnt catagóirí sonraí pearsanta (a shainaithin NAMA é féin) mar an ceann ar mian leo a fháil. D'fhreagair na gearánaithe agus chuir siad in aghaidh an bealach a rinne freagra NAMA iarracht srian a chur ar raon feidhme an iarraidh. Thug NAMA cóip de na sonraí pearsanta a mheas sé teideal a bheith ag na gearánaithe orthu do na gearánaithe ina dhiaidh sin ach thug sé ar aird nach raibh ceanglas air sonraí pearsanta a chur ar fáil a bhí faoi réir ag pribhléid dhlíthiúil, agus a bhí comhdhéanta de thuairimí rúnda nó a rachadh chun dochair do leasanna NAMA i ndáil le héileamh nó a rachadh chun dochair do chumas NAMA airgead a bhí ag dul don Stát a aisghabháil. Mar sin féin, níor shainaithin NAMA na sonraí pearsanta a mheas sé go raibh feidhm ag díolúintí den sórt sin ón gceart rochtana ina leith. Cé gur bhain na sonraí pearsanta a chuir NAMA ar fáil do na gearánaithe le hiasachtaí pearsanta na ngearánaithe a bhí aistrithe chuig NAMA roimhe sin, níor thug sé sonraí pearsanta a

bhain leis na gearánaithe ina gcáil mar stiúrthóirí agus/nó scairshealbhóirí sna cuideachtaí ar aistríodh a n-iasachtaí chuig NAMA.

Gearán leis an DPC

Rinne na hábhair shonraí gearán ina dhiaidh sin leis an DPC inar líomhnaíodh:

- gur theip ar NAMA sonraí pearsanta uile na ngearánaithe a thabhairt dóibh;
- gur fheidhmigh NAMA díolúintí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 go mícheart;
- go raibh oibleagáid ar NAMA, fiú sa chás go mbeadh sé i dteideal brath ar dhíolúine amháin nó níos mó, cur síos ar na sonraí pearsanta a thabhairt do na gearánaithe ionas go mbeadh deis réasúnta, chóir acu machnamh a dhéanamh ar cibé an raibh sé faoi dhíolúine; agus
- gur theip ar NAMA cuardaigh a dhéanamh le haghaidh sonraí pearsanta a bhain le deich catagóir eile faisnéise a d'aithin na gearánaithe.

Seasamh NAMA ar an ngearán

Dúirt NAMA gur chomhlíon sé go hiomlán leis an iarraidh ar rochtain. I ndiaidh comhfhreagras leis an DPC, mhaígh NAMA:

- nach raibh “sonraí corparáideacha”, i.e. faisnéis a bhain leis na hiasachtaí cuideachta a raibh nasc acu leis na gearánaithe san áireamh sa sainmhíniú ar “shonraí pearsanta”;
- go raibh sé saor óna oibleagáidí rochtain a sholáthar ar shonraí pearsanta a bhí mar chuid de mhéid iomlán na dtáifead a bhí ar coimeád aige i ndáil leis na hiasachtaí pearsanta agus leis na hiasachtaí cuideachta, ar an mbunús go n-éileadh cuardaigh den sórt sin ‘iarracht neamhréreach’ ó NAMA chun é a dhéanamh; agus
- gur chúí do NAMA é brath ar dhíolúintí reachtúla maidir le ceart rochtana, mar a ndéantar foráil faoi Ailt 5(1)(a), 5(1)(f) agus 5(1)(g) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Imscrúdú an DPC

In aighneacht chuig an DPA, thug NAMA meastacháin faoi líon táifead ábhartha a bhí ar coimeád aige, chomh maith leis an gcostas airgeadais a bheadh i gceist le cuardach cuimsitheach a dhéanamh ar na sonraí pearsanta uile a iarraidh. Dheimhnigh NAMA nach ndearnadh sé cuardach ar shonraí pearsanta na ngearánaithe a bhí ar coimeád i ndáil le hiasachtaí cuideachta.

D'fhonn bunús a thabhairt lena sheasamh, d'aontaigh NAMA cuardaigh shamplacha ar shonraí pearsanta a dhéanamh i ndáil le tréimhse áirithe dhá mhí. Rinne oifigigh údaraithe thar ceann an DPC trí imscrúdú ar an láthair ar áitreabh NAMA chun comhthacú le seasamh NAMA ar shaincheisteanna a bhain lena gcuardaigh.

I ndiaidh athbhreithniú ar na cuardaigh shamplacha a rinneadh, ní raibh oifigigh an DPC sásta go mbeadh iarracht neamhréireach ó NAMA i gceist le cuardach cuimsitheach, ná nach raibh sonraí pearsanta na ngearánaithe san áireamh leis an bhfaisnéis a bhí ar coimeád ag NAMA maidir le hiasachtaí cuideachta na ngearánaithe.

I ndiaidh caidreamh idir an DPC agus NAMA, scaoileadh sonraí pearsanta breise chuig na gearánaithe. Mar sin féin, níor éirigh le hiarrachtaí an cheist seo a réiteach go neamhfhoirmiúil. D'eisigh an DPC cinneadh reachtúil fada ina raibh 67 leathanach ina dhiaidh sin, i ndáil leis an ngearán. Thug an cinneadh aghaidh ar na trí cheist lárnacha dá dtagraítear thuas. Mar seo a leanas a bhí cinntí an DPC ar gach ceann de na ceisteanna.

Cinneadh an Choimisinéara

(1) Ceist na Sonraí Corparáideacha

Cé gur aithin NAMA go raibh ainmneacha na ngearánaithe le feiceáil i dtaifid a bhain leis na hiasachtaí cuideachta, ag léiriú gur stiúirthóirí agus/nó scairshealbhóirí iad sna cuideachtaí i gceist agus cé gur ghlac NAMA leis gur sonraí pearsanta iad ainmneacha na ngearánaithe, mhaígh sé nár fágadh gur sonraí pearsanta a bhí san fhaisnéis eile sna taifid sin dá bharr. Ba é seasamh na ngearánaithe nach raibh amhras ar bith ach gur sonraí pearsanta atá i bhfaisnéis a bhaineann le duine ina cháil mar stiúirthóir cuideachta. Thug siad ar aird freisin gur sonraí pearsanta a bhí i bhfaisnéis a rinne tagairt dá bhfeidhmíocht nó dá n-iompar nó do mheastóireacht ar a sócmhainní, fiú sa chás gur bhain sé sin le hiasachtaí cuideachta nó le gnó na gcuideachtaí sin. Mhaígh na gearánaithe freisin, cé gur coimeádadh taifid i ndáil leis na hiasachtaí cuideachta agus lena n-iasachtaí pearsanta ar leithligh óna chéile, go raibh plé NAMA leo idirnaschta.

Thug an DPC ar aird ina cinneadh nár leor an fhíríc amháin go raibh ainm dhuine de na gearánaithe le feiceáil sna taifid a bhain leis na hiasachtaí cuideachta (mar shampla sa chás gur shínigh siad comhaontú tráchtála ina gcáil mar stiúirthóir cuideachta) aisti féin a d'fhágadh gur sonraí pearsanta a bhí i bhfaisnéis eile sa chomhaontú sin. Mar sin féin, léirigh na taifid a sainaitníodh trí bhíthin na cuardaigh shamplacha maíomh na ngearánaithe, nach bhféadfaí glacadh leis nach raibh sonraí pearsanta ar bith sna taifid sin. Thug an DPC ar aird le sampla gur léir ó dhoiciméad, a ndearna an teideal tagairt do chruinniú boird NAMA, cé gur phléigh agus gur mheas lucht an chruinnithe boird plean gnó a d'fhéadfaí a lua le ceann de na cuideachtaí, go raibh faisnéis sa doiciméad sin a bhain le sócmhainní airgeadais na ngearánaithe ina gcáil phearsanta. Ghlac an DPC le seasamh na ngearánaithe go raibh ar a laghad roinnt sonraí pearsanta a bhain leo sna taifid a bhí ar coimeád ag NAMA maidir leis na hiasachtaí cuideachta. Dá bharr sin, mheas an DPC go gcaithfeadh NAMA ar an méid is lú, na taifid nó na cineálacha taifead inar sainaitníodh na gearánaithe, trí bhíthin a n-ainmneacha a thabhairt nó

ar bhealach ar bith eile, ach nár mheas NAMA gur sonraí pearsanta a bhí iontu, a shainaithint agus faisnéis leordhóthanach a thabhairt le go dtuigfeadh na ngearánaithe an fáth a dúradh nach sonraí pearsanta a bhí sna taifid sin nó sna cineálacha taifead sin.

(2) Ceist na Hlarrachta Neamhréirí

Rinne an DPC machnamh ansin ar cibé an mbeadh an costas airgeadais agus ama a bheadh i gceist le NAMA ag déanamh cuardaigh ar na taifid ar coimeád i ndáil leis na hiasachtaí cuideacht neamhréireach i gcomhréir leis an méid sonraí pearsanta a bhféadfaí teacht orthu agus a scaoileadh chuig na ngearánaithe. Thug an DPC ar aird, cé nach bhfuil oibleagáid fhollasach ar rialtóir sonraí cuardach a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun iarraidh ar rochtain a rinneadh i gceart a chomhlíonadh, ghlac sí leis go bhfuil oibleagáid intuigthe ar rialtóir sonraí tabhairt faoi cuardaigh leis na sonraí pearsanta a d'fhéadfaid bheith aige ar iarthóir a shainaithint. Bhain an cheist faoi bhreithniú le nádúr agus méid an dualgais intuigthe sin. Thug an DPC ar aird nach raibh feidhm ag an oibleagáid um iarracht neamhréireach a fuarthas in Alt 4(9)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, i ndáil leis an soláthar sin, ach amháin d'fhonn srian a chur ar an oibleagáid chun na sonraí arb iad na sonraí pearsanta i bhfoirm bhuan a sholáthar. Mar sin féin, níor chuir sé srian ar na céimeanna níos luaithe sa phróiseas amhail an oibleagáid maidir leis na sonraí a chuardach. Cé go ndearna an DPC tagairt do dhlí-eolaíocht ó Chúirteanna sa Ríocht Aontaithe a bhunaigh go bhfuil an oibleagáid maidir le sonraí pearsanta a chuardach teoranta do chuardach réasúnta, comhréireach, thug sí ar aird nach raibh ar eol di aon údarás breithiúnach in Éirinn a phléann le nádúr ná méid oibleagáidí rialtóra cuardaigh a dhéanamh d'fhonn Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a chomhlíonadh. Cé gur ghlac sí leis nach raibh oibleagáid uirthi na prionsabail a bhunaigh na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, thug an DPC ar aird go ndearnadh Ard-Chúirt na hÉireann tagairt cheana do chinneadh a bhí thar a bheith ábhartha ina leith sin (Deer v. University of Oxford) (i mbreithiúnas Coffey J. a tugadh an 26 Feabhra 2018 sa chás Nowak v. Coimisinéir Cosanta Sonraí). Mheas an DPC go raibh an cinneadh sin áisiúil ó thaobh ailt 4(1) agus 4(9) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a léirmhíniú, go háirithe i bhfi-anaise a hanailís ar chásdlí ón CJEU. Ar an mbonn sin, ghlac an DPC le maíomh NAMA nach raibh teorainn leis an oibleagáid maidir le sonraí pearsanta a chuardach ach go raibh ceanglas ar NAMA cuardaigh réasúnta agus comhréireacha a dhéanamh chun sonraí pearsanta na ngearánaithe a bhí ar coimeád aige a shainaithint.

Rinne an DPC breithniú ansin ar cibé an raibh an oibleagáid sin curtha i gcrích ag NAMA, trí bhíthin an cineál cleachtaidh cothromaíochta a ndearnadh i gcásdlí na Ríochta Aontaithe a dhéanamh, idir seasamh le ceart rochtana an ábhair shonraí agus an t-ualach a chuirfeadh sin ar an rialtóir sonraí. Rinne an DPC machnamh, mar sin, ar roinnt fachtóirí a bhí i gceist leis an gcleachtadh cothromaíochta sin, ina measc suntas bunúsach na sonraí pearsanta agus a dtábhacht do

na hiarrthóirí. Maidir leis sin, thug an DPC ar aird gur bhain na sonraí pearsanta i gceist le leasanna gnó agus airgeadais na ngearánaithe go pearsanta agus i ndáil leis na cuideachtaí ina raibh siad ina stiúirthóirí agus/nó scairshealbhóirí. Measadh gur ábhartha freisin é (mar ba léir sa chomhfhreagras a chonaic oifigigh an DPC) go raibh na ngearánaithe ag iarraidh a chinntiú go bpléifeadh NAMA leis na hiasachtaí cuideachta ar bhealach a chinnteadh marthanais na gcuideachtaí agus a gcoimeádfadh cumas na ngearánaithe roinnt úinéireachta nó rialaithe sna cuideachtaí sin a choinneáil. Mar thoradh air sin, mheas an DPC go raibh tábhacht shuntasach ag na sonraí pearsanta a bhí ar coimeád ag NAMA do na ngearánaithe.

Rinne an DPC machnamh ansin ar na pointí frithchúiteacha a rinne NAMA, lena áiríodh meastacháin shonracha (a ríomhadh ar bhonn thorthaí na gcuardach samplach) a tugadh don DPC maidir leis an líon amas a bhfaighfí dá ndéanfaí cuardaigh (tuairim is 62,000), an líon taifead ábhartha measta a sainithneofaí i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na hamais sin (tuairim is 12,600) agus an t-aga ama measta a bheadh i gceist chun athbhreithniú ag dhéanamh ar an ábhar, é a chur i dtoll a chéile agus é a chur in eagar lena scaoileadh chuig na gearánaithe (breis is 2,700 uair an chloig). Thug an DPC ar aird freisin, cé go ndearna NAMA tagairt don fhéidearthacht réitigh theicniúla a úsáid chun an t-ionchur láimhe a bheadh de dhíth a fhritháireamh, gur dhúirt NAMA nach raibh measúnú déanta aige air sin agus gurbh é a thuairim go mbeadh costas neamhréireach i gceist le réitigh den sórt sin a chur i bhfeidhm, dá mba ann dóibh.

Fuair an DPC go raibh meastacháin NAMA maidir leis an am agus an iarracht a bheadh i gceist leis an tréimhse iomlán a chuardach tuairimeach agus gan mionsonraí sainiúla, agus gur theip air an dualgas cruthúnais a bhí air maidir leis sin a chur i gcrích. B'amhlaidh sin go háirithe mar gheall gurbh é seasamh NAMA roimhe sin (sula ndearnadh na cuardaigh shamplacha) nár cruthaíodh trí bhíthin thagairt do na cuardaigh shamplacha sin nach raibh aon sonra pearsanta de chuid na ngearánaithe ar coimeád sna taifid a bhain leis na hiasachtaí cuideachta. Tugadh ar aird gur chomhaontaigh NAMA ar dtús go ndéanfadh sé cuardach ar an tréimhse iomlán a raibh na hiasachtaí cuideachta ar coimeád aige sa chás go léireodh na cuardaigh shamplacha go raibh sonraí pearsanta na ngearánaithe ar coimeád sna taifid a bhain leis na hiasachtaí cuideachta. Mar sin féin, d'athraigh NAMA a sheasamh tuairim is 14 mhí ina dhiaidh sin agus chinn sé gan aon chuardach eile a dhéanamh d'ainneoin gur léiríodh leis na cuardaigh shamplacha gurbh ann do sonraí pearsanta i dtaifid na n-iasachtaí cuideachta. Mheas an DPC freisin i ndáil leis an méid a mhaígh NAMA (ceal measúnú a léirigh sin) (1) nach raibh réiteach teicniúil indéanta agus (2) go ndéanfadh an maíomh neamhshonraithe, go mbeadh iarracht neamhréireach i gceist leis na cuardaigh a dhéanamh agus na sonraí pearsanta arna sainithint a chur in iúl, a acmhainní a atreorú óna shainchúram reachtúil, nár chuir sé i gcrích an dualgas cruthúnais a raibh sé faoi réir aige i ndáil lena maíomh maidir le hiarracht neamhréireach.

Fuair an DPC, mar gheall gur dhiúltaigh NAMA na cuardaigh a dhéanamh nár fhéach sé lena chearta a chothromú in aghaidh chearta na ngearánaithe ach gur shocraigh sé ag nialas iad. Níor chuir NAMA a oibleagáid i gcrích trí bhíthin cuardaigh réasúnta, comhréireacha a dhéanamh chun teacht ar sonraí pearsanta ábhartha agus iad a sholáthar. Ní raibh an DPC sásta ar bhonn na n-argóintí agus na fianaise a chuir NAMA ar aghaidh gur iarracht neamhréireach ar a shon a bheadh i gceist leis na cuardaigh a dhéanamh.

(3) Ceist na nDíolúintí Reachtúla

Ag eascairt as na cuardaigh shamplacha a rinne NAMA, sainithníodh 14 dhoiciméad cruachóipe ina raibh sonraí pearsanta na ngearánaithe, tarraingthe as taifid NAMA a bhain leis na hiasachtaí pearsanta agus na hiasachtaí cuideachta araon. Mar sin féin, choinnigh NAMA siar nó leasaigh sé 3 cinn de na doiciméid sin ar bhonn díolúintí áirithe ar an gceart rochtana. Bhain na díolúintí sin le hAlt 5(1)(g), Alt 5(1)(f) agus Alt 5(1)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Mar ní réamhráite fuair an DPC go gcaithfeadh NAMA a chruthú go sochreidte, agus le fianaise, go raibh i gceist leis an gcás sin comhlíonadh leis an gcaighdeán sibhialta cruthúnais a raibh feidhm leis maidir le gach ceann de na díolúintí ar fhéach sé le brath orthu agus gur sháraigh sin ceart rochtana na ngearánaithe.

I gcás dhíolúine na pribhléide dlíthiúla a mhaígh NAMA a raibh feidhm leis i gcás ríomhphost inmheánach idir dhíolúintí a bhí fostaithe ag NAMA, thug an DPC ar aird go raibh lipéad ar éadan an doiciméid sin mar cheann a raibh pribhléid dlíthíochta i gceist leis. Mar sin féin, mar gheall nár bh ann do dhíthíocht ar bith idir gearánaithe agus NAMA an tráth ar cruthaíodh é (agus go deimhin nár tháinig an t-aon dlíthíocht arbh ann di chun cinn go dtí 2 nó 3 bliana ina dhiaidh sin), ní raibh an DPC sásta gur chuir NAMA an dualgas cruthúnais a bhí air i gcrích lena thaispeáint go raibh feidhm ag an bpribhléid dlíthíochta leis sonraí pearsanta i gceist. Mar sin féin, rinne an DPC machnamh ansin ar cibé an raibh feidhm le pribhléid comhairle dlí agus tháinig sí ar an tátal go raibh, mar gheall gur leagadh amach le hábhar an ríomhphoist i gceist an bunús ar a bhféadfaí saincheisteanna áirithe a bhain leis na hiasachtaí pearsanta a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu. Bhí an DPC sásta, mar sin, go raibh an ríomhphost i gceist faoi phribhléid agus dhíolúine óna scaoileadh faoi Alt 5(1)(g) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Maidir le dhá dhoiciméad bhreise, mhaígh NAMA go raibh feidhm ag an díolúine in Alt 5(1)(a). Tugtar foráil, leis sin, nach bhfuil feidhm ag an gceart rochtana le sonraí pearsanta arna gcoimeád chun críocha cionta a chosc, a bhrath ná a imscrúdú; ciontóirí a ghabháil ná a ionchúiseamh; ná cáin, dleacht nó airgead ar bith eile atá dlite nó le híoc leis an Stát, le húdaráis áitiúil nó le bord sláinte a bhailiú, i gcás ar bith ina rachadh rochtain ar na sonraí pearsanta a dheonú chun dochair do nithe den sórt sin. Chuir an DPC an tástáil i bhfeidhm maidir leis an díolúine sin a fheidhmiú a bhí leagtha amach i mbreithiúnas Guriev & duine eile v. Community Safety

Development (UK) Limited [2016] EWHC 643 sa Ríocht Aontaithe. Bhain an cás sin leis an díolúine coibhéiseach faoi Acht um Chosaint Sonraí 1998 sa Ríocht Aontaithe. Fuair an DPC gur mhaígh NAMA, i gcás an dá thaifead i gceist, go mbeadh mar éifeacht ag rochtain ar na sonraí pearsanta a dheonú go scaoilfí a straitéis maidir le plé le dliteanais. Ní dhearna NAMA iarracht ar bith, áfach, míniú a thabhairt ar nádúr agus ar éifeacht an dochair a bhfu-laingeofaí dá scaoilfí na sonraí pearsanta i gceist, an tslí a dtiocfadh an dochar as an scaoileadh sin, ná an fáth gur cur isteach riachtanach agus comhréireach ar chearta na ngearánaithe a bhí i bhfeidhmiú na díolúine, ag féachaint do dhéine na bagartha do leas an phobail. Mar gheall ar an easpa fianaise sin, chinn an DPC nach nárbh fhéidir le NAMA brath ar an díolúine sin.

Alt 5(1)(f) an díolúine dheiridh ar bhraith NAMA air agus a ndearna an DPC breithniú air, lena bhforáiltear nach bhfuil feidhm ag an gceart rochtana le sonraí pearsanta atá comhdhéanta de mheastachán nó a choimeádtar chun críocha dliteanas rialtóir sonraí a ríomh de bhun éileamh ar dhamáistí nó ar chúiteamh sa chás gur dhócha go rachadh rochtain a dheonú chun dochair do leasanna an rialtóra sonraí i ndáil leis an éileamh. Fuair an DPC nár chuir NAMA fianaise ar bith ar aghaidh maidir le bonn fíriciúil chun brath ar an díolúine. Mar shampla, níor shainaithin NAMA an dochar a bhfu-laingeodh sé dá gcuirfeadh sé na sonraí pearsanta ar fáil, ná an tslí ná an comhthéacs a dtiocfadh an dochar chun cinn. Mar gheall gur theip ar NAMA an dualgas cruthúnais air a chomhlíonadh i ndáil lena éileamh ar an díolúine sin, fuair an DPC nárbh fhéidir le NAMA brath uirthi.

Cinneadh

Ag eascairt as cinní an DPC, tháinig an DPC ar an tátal gur sháraigh NAMA a oibleagáidí faoi Alt 4(1)(a) agus Alt 4(9) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

CÁS-STAIDÉAR 5: Scannánaíocht CCTV a nochtadh ó ionad soláthar díreach

Fuaireamar gearán ó dhlíodóirí chónaitheoir in ionad cóiríochta soláthar díreach i ndáil le nochtadh líomhnaithe de scannánaíocht CCTV ina raibh íomhánna den ghearánaí. Is é an Stát úinéir an ionaid chóiríochta i gceist (agus is í an Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá freagrach aisti). Aramark Ireland (Aramark) a bhainistíonn an t-ionad ó lá go lá. Tháinig nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaí chun solais le linn di páirt a ghlacadh i gclár raidió. Ba é ábhar an chláir raidió sin ceist a tháinig chun cinn idir cónaitheoirí agus baill foirne an ionaid chóiríochta. I rith an chláir raidió, mhaígh an láithreoir go raibh cóip den scannánaíocht CCTV aige, ar taifeadadh é de réir dealraimh ó sheomra san ionad cóiríochta agus a thaispeáin, líomhnaíodh, achrann idir an gearánaí agus cónaitheoir eile san ionad soláthar díreach.

Rinne an gearánaí gearáin ina dhiaidh sin le RIA, le Aramark agus leis an stáisiún raidió a chraol an clár

raidió i gceist. Rinneadh iarraidh ar rochtain ar thuairisc ar gach faighteoir dá nochtadh sonraí pearsanta an ghearánaí freisin, thar ceann an ghearánaí, faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le RIA. Mar sin féin, thug an gearánaí ar aird nár fhreagair RIA an iarraidh ar rochtain sin.

Chuireamar tús le himscrúdú ar an ngearán agus lorg faisnéis ó Aramark agus RIA araon. Chuir RIA in iúl dúinn go raibh sé i mbun caidrimh le Aramark agus gur iarr tuarascáil uaidh. I rith an imscrúdaithe, fuaireamar amach gur phróiseálaí sonraí é Aramark a bhí ag próiseáil sonraí thar ceann RIA. Mhíniigh Aramark go n-úsáidtear CCTV chun críocha slándála agus chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteachta san ionad cóiríochta. Chuir Aramark in iúl dúinn go bpróiseálann sé sonraí pearsanta ag teacht le treoracha RIA agus go raibh rochtain ar an modh stórála san ionad cóiríochta teoranta do phearsanra sonracha agus go raibh ainm úsáideora agus pasfhocail de dhíth.

Maidir leis an líomhain shonrach gur nochtadh an scannánaíocht CCTV, d'inis Aramark dúinn go ndearna pearsanra údaraithe scannánaíocht CCTV d'achrann a raibh baint ag an ngearánaí leis a íoslódáil agus a chur ar aghaidh chuig RIA. An chúis leis an íoslódáil agus leis an tarchur ná gur bhain na himeachtaí taifeadta le saincheisteanna slándála, sláinte agus sábháilteachta. Dar le Aramark, de bharr méid an chomhaid i gceist, shábháil an fostaí an scannánaíocht chuig nasc Google chun í a chur ar aghaidh chuig RIA.

Chuir Aramark ar an eolas sinn faoi fhiosrúchán IT fóiréinseach mionsonraithe a rinneadh i ndáil leis an ngearán ar feadh a gcórais IT lena fháil amach cibé an ndearnadh nochtadh ar bith eile ar an scannánaíocht CCTV. Chuir sé in iúl, ar bhonn a fhiosrúchán féin, nár seoladh an nasc ó chuntas ríomhphoist ar bith de chuid Aramark chuig páirtí seachtrach seachas RIA. I measc nithe eile, mar chuid den fhiosrúchán fóiréinseach, dúirt Aramark gur sheiceáil sé logaí idirlín ar an ríomhaire de chuid Aramark arna úsáid san ionad cóiríochta, gur chuardaigh sé boscaí poist na mball foirne de chuid Aramark a d'oibrigh san ionad cóiríochta agus gur chuardaigh sé comhfhreagras ríomhphoist isteach agus amach a bhain leis an eachtra. Suiteáladh ríomhchlár athshlánú sonraí ar an ríomhaire i gceist chun gach ábhar léirscriosta ar an ríomhaire a athbhreithniú. Níor sainaithníodh gníomhaíochta ar bith a thug le tuiscint gur nochtadh an scannánaíocht CCTV chuig tríú páirtí ar bith. Chuir Aramark ar an eolas sin chomh maith nárbh ann don nasc Google a thuilleadh agus nach raibh rochtain air dá bharr.

Mhaígh Aramark freisin gur dheimhnigh an pearsanra údaraithe a d'íoslódáil an scannánaíocht nár nochtadh an scannánaíocht chuig tríú páirtí ar bith agus gur léirscriosadh í i ndiaidh í a chur ar aghaidh chuig RIA.

Ar leithligh, dheimhnigh RIA dúinn i rith an imscrúdaithe go raibh tagairt don ghearánaí agus do chónaitheoir eile sa nasc Google chuig an scannánaíocht CCTV a fuair sé. Dúirt sé nár choimeád RIA cóip den scannánaíocht.

Maidir le bainistiú an chórais CCTV san ionad cóiríochta, thug RIA doiciméadúchán áirithe dúinn, lena áiríodh beartais Aramark maidir le cosaint sonraí agus CCTV, chomh maith le comhaontú rúndachta le Aramark a bhí i bhfeidhm. Mar sin féin, d'aithin RIA i rith an imscrúdaithe nach raibh aon bheartas ná doiciméad cleachtaidh i bhfeidhm maidir le bainistiú CCTV a bhí á oibriú in ionaid chóiríochta.

Ar deireadh, ní raibh Aramark ná RIA in ann deimhniú cinntitheach a thabhairt nár nochtadh an scannánaíocht CCTV i gceist chuig an stáisiún raidió. Maidir lena neamhchomhlíonadh leis an iarraidh ar rochtain, ba é seasamh RIA go raibh sé ag feitheamh ar thuarascáil mhionsonraithe ó Aramark agus nárbh fhéidir leis freagairt don iarraidh ar rochtain go dtí go raibh an tuarascáil sin faighte aige.

Ina cinneadh, fuair an DPC nár fhreagair RIA an iarraidh ón ngearánaí ar thuairisc faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ar gach faighteoir dá nochtadh na sonraí pearsanta laistigh den chreat ama forordaithe, 40 lá. Sárú follasach ar oibleagáid RIA faoin bhforáil sin a bhí i gceist.

Maidir leis an maoirseacht ar an bpróiseáil arna déanamh ag Aramark mar phróiseálaí do RIA, bunaithe ar na haighneachtaí a rinne RIA agus Aramark araon le linn imscrúdú an DPC, ní raibh aon fhianaise ar chonradh i scríbhinn a bheith ar bun inar leagadh amach na hoibleagáidí faoi seach a bhí i bhfeidhm le RIA agus Aramark i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag Aramark thar ceann RIA. Sárú ag RIA, mar an rialtóir sonraí, ar Alt 2C(3) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a bhí ansin.

Cé nach raibh an DPC in ann a fháil amach an tslí a fuair stáisiún raidió an scannánaíocht CCTV i gceist, fuair an DPC gur cuireadh isteach ar chearta an ghearánaí, go bunúsach. Maidir leis sin, theip ar RIA agus Aramark araon ina ndualgas cúraim don ghearánaí trí bhíthin teip maidir lena chinntiú gur cuireadh bearta slándála cuí i bhfeidhm i gcoinne an nochtadh neamhúdraithe mar a éilítear faoi Alt 2(1)(d). Chinn an DPC freisin go ndearnadh sárú ar Alt 2C(2) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Éilítear ar rialtóir, leis an bhforáil seo, bearta réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil a fhostaithe agus daoine eile ag an áit oibre ar an eolas faoi bhearta slándála agus go gcloíonn siad leo. Ba iad an easpa nósanna imeachta comhaontaithe agus bearta doimhne ar bun idir RIA agus Aramark a bhain le sonraí pearsanta a aistriú thar líonra ba chúis leis an gcinneadh sin.

Léirítear sa chás seo na hiarmhairtí neamhbheartaithe nach mbítear ag súil leo a fhéadfaidh tarlú mar thoradh ar easpa beartas agus nósanna imeachta soiléire, doiciméadaithe a rialaíonn tarchur sonraí pearsanta thar líonra. Sa chás seo, cuireadh leis an teip le teip eile RIA comhaontú i scríbhinn a bheith aige ina leagfaí amach go soiléir paraiméadair threoracha Aramark ó thaobh sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann RIA. Mar a léirítear sa chás seo, ní sárúithe riaracháin ná rialála amháin iad teipeanna den sórt sin ag rialtóir a oibleagáidí cosanta

sonraí a chomhlíonadh, ach féadfaidh cur isteach tromchúiseach ar cheart duine, atá faoi chosaint ag Cairt, go ndéanfaí a shonraí pearsanta a chosaint, cur isteach a d'fhéadfaí a sheachaint.

CÁS-STAIDÉAR 6: An tábhacht a bhaineann le sásraí cuí a bheith i bhfeidhm ag rialtóirí sonraí chun freagairt d'iarraí ar rochtain agus comhlíonadh doiciméad

Fuaireamar gearán ó ábhar sonraí maidir le teip eir iarraidh ar rochtain a chomhlíonadh go hiomlán. Chuir an gearánaí in iúl dúinn go bhfuair sé ó eir, mar fhreagra ar a iarraidh ar rochtain, "beart leathanach faisnéise randamach gan míniú ar bith ar an ábhar".

I rith an imscrúdú a rinneamar, fuaireamar amach go raibh eir ag iarraidh brath ar dhíolúintí reachtúla áirithe maidir leis an gceart rochtana. Mar sin féin, ina fhreagra ar iarraidh ar rochtain an iarrthóra, ní dhearna sé tagairt ar bith don fhír gur choinnigh sé siar sonraí pearsanta áirithe. Ba i gcomhfhreagras le eir, i rith an imscrúdaithe, tuairim is cúig mhí i ndiaidh do eir an iarraidh ar rochtain a fháil, gur thug eir le tuiscint go raibh siad ag coinneáil siar sonraí pearsanta bunaithe ar dhíolúintí agus leag siad amach na díolúintí sin ar liosta ceangailte.

I rith an imscrúdaithe, tháinig sé chun solais freisin nach raibh eir in ann a chinneadh cé na sonraí pearsanta a cuireadh ar fáil don ghearánaí, de bharr nach raibh cóip de na sonraí pearsanta a cuireadh ar fáil coinnithe aige. De bharr an easpa taifead arna gcoimeád ar na sonraí pearsanta a scaoileadh, ní raibh eir in ann cé na sonraí pearsanta a bhí coinnithe siar/nár cuireadh ar fáil a shainaithint, agus é ag brath ar dhíolúine faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, nó ar bhealach eile.

Chuireamar in iúl do eir go mbeadh sé deacair a cheapadh go mbeadh eir in ann soiléiriú a thabhairt dúinn maidir le cur i bhfeidhm airbheartaithe acu de dhíolúine reachtúil ar bith ar an iarraidh ar rochtain áirithe sin, mar gheall nach ar eolas acu go soiléir cé na sonraí pearsanta a cuireadh ar fáil don ghearánaí sa chéad dul síos. Dá bharr sin, thugamar treoir do eir tús a chur an athuair leis an bpróiseas chun freagra as an nua a thabhairt ar an iarraidh ar rochtain. Shonraíomar gur cheart do eir:

1. Scrúdú a dhéanamh ar a chórais, idir lámhe agus leictreonacha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta uile atá ar coimeád aige, i bhfoirm lámhe nó leictreonach, a bhaineann leis an ngearánaí;
2. Scríobh chuig an ngearánaí laistigh de thréimhse nach mó ná ceithre lá déag ó dháta ár n-iarraidh, ag freagairt d'ábhar a iarrata ar rochtain de réir fhorálacha Alt 4 de na hAchtanna. Agus sin á dhéanamh aige, cheanglaíomar ar eir rochtain a thabhairt ar na sonraí pearsanta uile atá ar coimeád

nó á rialú aige, agus míniú a thabhairt don iarrthóir ar an gcúis le hatheisiúint na sonraí pearsanta a tugadh dó cheana féin, i.e. nach raibh eir in ann a fháil amach cé na sonraí pearsanta a eisíodh chuige cheana féin. Thugamar treoir freisin do eir ráiteas ar na cúiseanna leis an diúltú rochtain ar aon sonraí pearsanta a sholáthar a thabhairt don ghearánaí, agus aon díolúine reachtúil ar bhraith eir uirthi a shainaitheint, chomh maith leis an mbunús ar a mhaígh eir go raibh feidhm ag an díolúine/na díolúintí sa chás sin. Ar deireadh, cheanglaíomar go gcaithfí cóip de litir eir chuig an iarrthóir a thabhairt dúinn.

Cé gur tharraing an gearánaí sa chás seo a ghearán in aghaidh eir siar ar deireadh, léiríonn na saincheisteanna a aithníodh i rith an imscrúdaithe an rithábhacht a bhaineann le sásraí eagraíochtúla agus oibríochtúla leordhóthanach a bheith ag rialtóirí sonraí chun deis a thabhairt dóibh a n-oibleagáidí reachtúla i ndáil le hiarrataí ar rochtain a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna go bhfuil rialtóir sonraí in ann a léiriú, *post facto*, (sa chás go n-éilíonn an DPC sin, amhail i gcomhthéacs gearáin) gur chomhlíon sé a chuid oibleagáidí. Ní mór do rialtóir sonraí a bheith in ann údar a thabhairt leis na cinntí atá déanta aige maidir le rochtain ar shonraí pearsanta a dhiúltú agus é ag brath ar dhíolúine reachtúil amháin nó níos mó. Mar phointe tosaigh bunúsach de bheith in ann údar a thabhairt maidir leis an seasamh a thugtar i ndáil le hiarraidh ó ábhar sonraí ceart a chleachtadh, is ceart do rialtóirí sonraí córais agus próisis chuí a bheith ar bun acu chun taifid a choimeád. Is ceart do na sásraí sin deis a thabhairt dóibh rianú a dhéanamh ar aon chomhfhreas le hábhar sonraí, agus cóipeanna de a sholáthar, i ndáil leis an iarraidh ar rochtain nó le hiarraidh ar cheart cosanta sonraí ar bith eile a chleachtadh.

Léirítear sa chás seo freisin nach mbaineann ceart duine rochtain a fháil ar shonraí pearsanta faoi atá ar coimeád le rochtain ar na sonraí féin a sholáthar dóibh agus sin amháin. Is tábhachtach go mbaineann sé freisin le faisnéis leordhóthanach, bhríoch a thabhairt don ábhar sonraí freisin, ionas go mbeidh sé in ann a thuiscint, i measc nithe eile, cé na sonraí pearsanta faoi atá á bpróiseáil, cé na himthosca agus cad chuige. Sa chás seo, níor shásaigh beart doiciméad gan míniú a bheith tugtha mar fhreagra ar an iarraidh ar rochtain na riachtanais íosta a bhí infheidhme le eir mar rialtóir sonraí faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, rud a chruthaigh mearbhall don ábhar sonraí agus a spreag gearán chuig an DPC.

Aguisín III

Cásdlí cosanta sonraí an CJEU

C-498/16, Schrems v Facebook Ireland Limited (Breithiúnas den 25 Eanáir 2018)

Thug an tUasal Schrems, a chónaíonn san Ostair, imeachtaí cosanta sonraí i gcoinne Facebook Ireland Limited os comhair chúirteanna na hOstaire, ag agairt an dlí tomhaltais mar bhunús dá éileamh sa tír sin. D'airbheartaigh seachtar úsáideoirí Facebook eile a chónaíonn san Ostair, sa Ghearmáin agus san India a n-éilimh a shannadh ar an Uasal Schrems chun críocha na n-imeachtaí céanna.

Sloinntear i Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 44/2001 den 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus maidir le haitheantas agus forfheidhmiú bhreithiúnais i nithe sibhialta agus tráchtála ('Rialachán I na Bruiséile') go gcaitear, i bprionsabal, cás a thabhairt in éadan cosantóirí i gcúirteanna an Bhallstáit ina gcónaíonn siad, nó ina bhfuil a n-oifig cláraithe. Tá an riachtanas sin faoi réir ag an eisceacht go bhféadfaidh tomhaltóirí cás a tabhairt sa tír ina gcónaíonn siad.

Rinne Cúirt Uachtarach na hOstaire tarchur le haghaidh réamhrialaithe chuig an CJEU chun na coinníollacha faoinar féidir an fóram tomhaltais a agairt a shoiléiriú.

Rinne Facebook argóint mar a leanas:

- ní fhéadfaí breathnú ar an Uasal Schrems mar thomhaltóir, de bharr go raibh sé ag baint úsáide as Facebook chun críocha gairmiúla freisin (go háirithe trí bhíthin leathanach Facebook a leagadh amach chun faisnéis a thabhairt faoi na céimeanna atá á dtógáil aige in aghaidh Facebook); agus
- nach bhfuil an fóram tomhaltais infheidhme leis na héilimh shannta de bharr nach féidir dlínse a aistriú.


Rialaigh an CJEU:

- nach bhfuil mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Uasal Schrems mar fheachtasóir agus acadóir go gcailleann sé a stádas mar 'thomhaltóir' maidir le Facebook, agus go raibh sé i dteideal, mar sin, na himeachtaí a thionscain san Ostair;
- nach síneann stádas an Uasal Schrems mar thomhaltóir faoi Rialachán I na Bruiséile chuig daoine eile, áfach, de bharr nach raibh na daoine eile sin ina bpáirtithe leis an gconradh i gceist sna himeachtaí.

Dá bharr sin, bhí an tUasal Schrems i dteideal caingean ar leithligh a thabhairt in éadan Facebook Ireland Ltd san Ostair, ach nach raibh sé i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar thomhaltóirí eile i gcaingean aicmeach os comhair chúirteanna na hOstaire.

Aguisín IV

Cairt Eagrúcháin



Aguisín V

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Cuspóir an Ráitis seo ar Rialú Inmheánach

Le tosú an Achta um Chosaint Sonraí 2018 an 25 Bealtaine 2018, bunaíodh Coimisiún nua um Chosaint Sonraí faoi Alt 10 den Acht, agus de réir Alt 14, aistríodh feidhmeanna uile an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCoimisiún nua.

De réir Alt 66 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil I chríochnaitheach a ullmhú i ndáil le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag cuimsiú na tréimhse 1 Eanáir 2018 go 24 Bealtaine 2018.

Ollmhaíodh an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach mar Ráiteas críochnaitheach maidir le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, ag cuimsiú na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018.

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, aithním freagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin riachtanais an Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialú Inmheánach

Tá an córas rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun deireadh a chur leis. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialú inmheánach, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bun in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí don tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018 agus go dtí an dáta ar ceadáidh na ráitis airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tugann Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí tuairisc ar gach ceist iniúchóireachta chuig an gCoiste Iniúchóireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le chéile faoi dhó idir 1

Eanáir agus 24 Bealtaine 2018. Feidhmíonn foireann bainistíochta sinsearaí de chuid Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar an gCoiste Riosca don chomhlacht. D'fhreastail bainisteoirí sinsearaí ón Oifig ar chruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 2017 chun ceisteanna iniúchóireachta agus riosca a bhain leis an gcomhlacht a phlé.

Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus eile in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé clár iniúchtaí i gcrích gach bliain.

Tá beartas bainistiú riosca forbartha ag foireann bainistíochta sinsearaí Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ina leagtar amach a fonn riosca, na próisis bhainistithe riosca atá ar bun agus ina dtugtar mionsonraí faoi ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas ar na baill foirne go léir agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistiú riosca oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimsí oibre féin.

Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu, agus chun na rioscaí sin a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomh-rioscaí os comhair oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a suntais. Déanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú chomh maith le bheith freagrach as rialuithe arna sannadh ar bhaill foirne sonracha a oibriú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- tá na nósanna imeachta go léir do na príomh-phróisis ghnó doiciméadaithe;
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasacht chomhfheagrach leis;

- tá córas buiséadaithe cuí ann agus buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach;
- tá córais ann ar aidhm leo slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíocht cumarsáide a chinntiú. Soláthraíonn rannán ICT na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí ICT d'oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Thug siad ráiteas dearbhaite ina leagtar amach na próisis rialaithe atá ar bun in 2018 i ndáil leis na rialaithe atá ar bun;
- tá córais ar bun chun sócmhainní oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chosaint. Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais chuig gníomhaireachta seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach á dhéanamh ar cheadú deontas agus ar mhonatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe lena chinntiú gur úsáideadh maoiniú deontais chun na críocha ar deonaíodh é; agus
- soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar iniúchadh orthu faoi na próisis deimhniúcháin ISAE 3402.

Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh próiseas monatóireachta agus rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomh-rioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithnítear;
- déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus eile;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás go bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta; agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus

bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann feidhmíocht in aghaidh bhuiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun comhlíonadh le rialacha agus treoirínte reatha maidir le soláthar a chinntiú agus gur chloígh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí leis na nósanna imeachta sin i rith na tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistiú riosca agus rialaithe. Tá obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, Choiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus na foirne bainistíochta sinsearaí mar bhonn taca le monatóireacht agus athbhreithniú Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialú airgeadais inmheánach. An fhoireann bainistíochta sinsearaí in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialú airgeadais inmheánach.

Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) a dhéanann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an DPC, faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart) maidir le dearbhú ar rialuithe inmheánacha agus maoirseacht.

Deimhním go ndearna oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018. Is ceart a thabhairt ar aird gur bhain sin le níos mó ná rialuithe airgeadais agus gur scrúdaíodh rialuithe ICT, cleachtais bhainistíochta agus próisis rialachais eile.



Helen Dixon

Coimisinéir Cosanta Sonraí i rith na tréimhse 1 Eanáir 2018 – 24 Bealtaine 2018

Aguisín VI

Tuarascáil Fuinnimh

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh ón 1 Eanáir – 24 Bealtaine 2018

Baile Átha Cliath

21 Cearnóg Mhic Liam

Tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i mBaile Átha Cliath lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Amhail an 24 Bealtaine 2018, bhí 37 duine ag obair san fhoirgneamh sin. Ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 ba leictreachas le haghaidh teasa, soilsithe agus úsáidí eile an phríomh-fhoinsé úsáid fuinnimh san Oifig.

De bharr gur foirgneamh cosanta é 21 Cearnóg Mhic Liam, tá díolúine aige ón gcóras rátáil fuinnimh.

Foirgneamh Regus

Chun freastal ar mhéadú foirne ón mbliain roimhe, rinne an DPC comhaontú oifige gearrthéarmach le haghaidh spás breise i bhFoirgneamh Regus Building, Bóthair Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 agus bhí sin fós i bhfeidhm in 2018. Faoin 24 Bealtaine 2018, bhí cóiríocht do 29 san fhoirgneamh seo mar bheart eatramhach roimh bhailchríoch a chur ar áitreabh níos mó i mBaile Átha Cliath chun cóiríocht a thabhairt d'fhoireann an DPC i mBaile Átha Cliath níos déanaí in 2018. Níl úsáid fuinnimh an DPC don fhoirgneamh seo ar fáil.

Cúil an tSúdaire

Tá oifig an DPC i gCúil an tSúdaire 444 méadar cearnógach agus tá sí lonnaithe ar an urlár uachtarach i bhfoirgneamh dhá stór a tógadh in 2006. Amhail an 24 Bealtaine 2018, bhí cóiríocht do 29 mball foirne san fhoirgneamh seo. Leictreachas agus gás le haghaidh teasa, soilsithe agus úsáidí eile a bhí sa phríomh-fhoinsé fuinnimh san oifig.

Amhail an 24 Bealtaine 2018, C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh i gCúil an tSúdaire.

Gníomhartha Déanta

Bhí/tá an DPC rannpháirteach i gcóras ar líne an SEAI in 2018 chun críocha ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú ag teacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Energy End-use Efficiency and Energy Services) 2009 (IR 542 de 2009).

Mar seo a leanas an mheán-úsáid fuinnimh don oifig ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018:

Oifig Bhaile Átha Cliath:

Úsáid	
Neamh-leictreach	0
Leictreach	18,457 kWh

Oifig Chúil an tSúdaire

Úsáid	
Neamh-leictreach	25,943 kWh
Leictreach	18,239 kWh

Lean an DPC dá iarrachtaí úsáid fuinnimh a íoslaghdú ach a chinntí go múchtar an trealamh leictreach agus an soilsiú go léir ag deireadh an lae oibre.

Aguisín VII

Ráiteas Airgeadais Bliantúil don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018

Cuirfear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018 leis an Tuarascáil seo i ndiaidh iniúchadh ar an tréimhse sin a bheith tugtha chun críche ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.



Tuairim (Aistrithe)

Tríochoa Bliain de Chosaint Sonraí in Éirinn

Bob Clark (*Ollamh Emeritus, Scoil an Dlí UCD; Sainchomhairleoir le Arthur Cox, London agus Baile Átha Cliath*)

(*Tuairimí pearsanta an údair iad na tuairimí a thugtar sa phíosa seo agus ní ceart glacadh leo mar léiriú ar thuairimí ná ar sheasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar ní ar bith a phléitear san alt seo.*)

An Bunús le Reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí

Tá dlíthe Cosanta Sonraí beartaithe cearta sonracha agus réitigh shonracha a chur ar fáil do dhaoine a thugann míniú praiticiúil do na dearbhuithe fairsinge i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta, conarthaí agus prionsabail bhunúsacha dlí i ndáil le cearta a bhaineann le príobháideacht, an próiseas cuí dlí agus an ceart chun na beatha féin. B'fhéidir go gceapfaidh roinnt léitheoirí gur áibhéil é an maíomh deiridh sin, ach ní comhtharlú é gur i 1949, agus cuimhne ghrinn ag polaiteoirí agus reachtóirí ar uafás an Dara Chogadh Domhanda, a bunaíodh an eagraíocht is tábhachtaí chun príobháideacht go ginearálta ach cosaint sonraí go háirithe a chosnú - Comhairle na hEorpa. D'eascair an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine as bunú Chomhairle na hEorpa bliain ina dhiaidh sin. Aithnítear i gCairt 1950 cearta ar roinnt ceart tábhachtach amháil an ceart chun na beatha (Airteagal 2), triail chóir (Airteagal 6), Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlach agus ar chomhfhreagrás (Airteagal 8) agus saoirse tuairimíochta (Airteagal 10). Is iad na cearta Coinbhinsiúin sin, a léiríonn Dearbhú Uilechoiteann Cearta an Duine 1948, an bonn ar a bhféadfaidh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tabhairt ar Bhallstáit easaontacha de chuid Chomhairle na hEorpa géilleadh do chaighdeán chearta an duine. Cé gur chúis náire don tír a bheadh i gcinneadh diúltach gur easnamhach í an reachtaíocht náisiúnta, d'fhéadfaí a rá, is trí bhíthin rialú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, agus, le deireanas, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU), gur féidir cearta bunúsacha agus sóisialta a chruthú agus seasamh leo. In Éirinn, ba chora cinniúnacha ó thaobh cearta sibhialta na hÉireann iad rialú Airey i 1979 maidir le rochtain ar na cúirteanna agus rialú Norris i 1988 maidir le coiriú na homaighnéasachta. Cé nach raibh an Ghearmáin, ceann de na stáit a chaill an Dara Cogadh Domhanda, in ann bheith rannpháirteach go hiomlán i mbunú Chomhairle na hEorpa – rinneadh Ballstát den Ghearmáin Thiar bliain i ndiaidh bhunú an Stáit, Poblacht Chónaidhme na Gearmáin, an 23 Bealtaine, 1949. Ach b'fhachtóir suntasach a bhí i mblianta an chogaidh agus sna blianta roimh an gcogadh ó thaobh díospóireacht a spreagadh ar na saoirsí polaitiúla agus creidimh a bhain leis an bpríobháideacht mar cheart an duine, sa Ghearmáin ach go háirithe. Ba thréimhse í na blianta 1933 go 1945 ina bhféadfadh faireachas ar shaoránaigh agus luachanna

an daonlathais a chur faoin bprionsabal ceannais – Führerprinzip – bheith ina gcúis le mí-úsáid leathan a bhaint as na sonraí arna mbailliú ar ghrúpaí creidimh, ar homaighnéasaigh agus ar ghrúpaí eitneacha áirithe, trí bhíthin mí-úsáid a bhaint as an daonáireamh agus as sonraí eile arna mbailliú i rith na mblianta Weimar, 1918 go 1933. Chuir obair an Gestapo agus úsáid a bhaint as brathadóirí leis an uileoscadh agus le gníomhartha coiriúla eile ag saoránaigh i gcoinne shaoránaigh eile. Is cúis fíor-imní é sin sa Ghearmáin fós: fiú i ndiaidh 1949 leanadh ar aghaidh leis an gclár oll-fhaireachais sin i bPoblacht Dhaonlathach na Gearmáine.¹ Sa Ghearmáin Thiar, cheap na stáit éagsúla, nó Laender, a rialacha féin maidir leis an úsáid a bhféadfadh rialtais áitiúla a bhaint as teicneolaíochtaí próiseáil sonraí nua. Ba é *Laender of Hesse An tAcht um Chosaint Sonraí* de 1970 an chéad téacs reachtaíochta a chuir riail i bhfeidhm maidir le rúndacht sonraí pearsanta. Mar a scríobh Herbert Burkert,² duine den lucht ceannais ó thaobh rialacha cosanta sonraí a chur chun cinn san Eoraip, níor éillíodh sin faoi Acht 1970, a bhain le próiseáil uathoibríoch san earnáil phoiblí go heisiach agus nár cheangail ar phróiseálaithe sonraí clárú. Tugadh an *Hesse* air sin:

“Datenschutzgesetz” (literally translated as An tAcht um Chosaint Sonraí, it was a misnomer, since it did not protect data but the rights of persons whose data was being handled. But misnomers tend to have a high survival rate.

This legislation also set some basic themes for the forthcoming legislation in Europe:

(a) *the negative default rule*

The personal data processing was seen as interference per se that needed legitimization.

(b) *the rights of the data subject*

1 Rinne Hogan J. in Schrems v Data Protection Commissioner [2014] IEHC 310 tagairt don ghá le cur in aghaidh chlaonadh an Stáit féachaint le holl-fhaireachas a dhéanamh ar theileachumarsáid, go háirithe sa bhaile, agus duirt (alt. 53): “Such a state of affairs – with its gloomy echoes of the mass state surveillance programmes conducted in totalitarian states such as the German Democratic Republic of Ulbricht and Honecker – would be totally at odds with the basic premises and the fundamental values of the Constitution: respect for human dignity and freedom of the individual (as per the Preamble); personal autonomy (Article 40.3.1 and Article 40.3.2)”.

2 Burkert, Privacy – Data Protection, A German/European Perspective available at www.mpg.de/sites

For the first time, data subjects had a right of access to information relating to them without the need to show any reason as to why they wanted access.

(c) the omnibus approach

Although – due to reasons of legislative competence – the Hesse act could not cover the private sector, it set out to regulate all of the state public sector (within its competence).

(d) the establishing of a privacy protection institution”.

Ar deireadh, ba é a d’eascair as samhla na Gearmáine, a bhí spreagtha ag téacs an *Hesse*, **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go huathoibríoch, Strasbourg, an 28 Eanáir 1981, agus chuige sin rialáil a dhéanamh de réir a fhorálacha ar fhaisnéis áirithe a bhaineann le daoine aonair agus a phróiseáiltear go huathoibríoch a bhailiú, a phróiseáil, a choimeád, a úsáid agus a nochtadh (Coinbhinsiún Strasbourg).**

Éire agus Cearta Príobháideachta

Mar cheann den 10 mbunaitheoir ar Chomhairle na hEorpa, bhí cur amach ag Éirinn ar an gcomhthéacs Eorpach níos leithne ina raibh saoirsí bunúsacha ina gcuid riachtanach d’athmhuintearas iar-chogaidh. Léiríodh roinnt de na forálacha sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine i nDlí Bunreachtúil na hÉireannach níor léiríodh an ceart chun príobháideachta in Airteagal 8 i dtéacs Bhunreacht 1937. Indlíthocht ina dhiaidh sin, sainithníodh príobháideacht mar cheart neamhliostaithe (i.e. nach raibh scríofa) chun príobháideachta **pósta** sa chás **McGee v. An Ard-Aighne** i 1974. Feictear i gcásanna níos déanaí an deacracht a bhaineann leis an gceart pósta sin a réiteach le saoirsí bunúsacha eile: **I O’T v. B** (1998). I 1987, thug Uachtarán na hArd-Chúirte ráiteas níos leithne maidir le cearta chun príobháideachta sa chomhthéacs cearta cumarsáide, sa chás **Kennedy & Arnold v An Ard-Aighne**.³ Rinneadh an cinneadh sa chás **Kennedy & Arnold** roinnt míonna sular foilsíodh An Bille um Chosaint Sonraí 1987, agus b’fhorbairt shuntasach é, ar bhealach, go raibh na ngearánaithe in ann damáistí a ghnóthú ar an sárú ar na cearta chun príobháideachta a tugtar do shaoránaigh faoin mBunreacht, i bhfianaise theip an Oireachtais san Acht um Chosaint Sonraí 1988 soláthar a dhéanamh do réiteach trí bhithin damáistí sa chás go bhfaigheann duine gur sáraíodh cearta ach nár fulaingíodh aon chaillteanas airgid. Ní féidir a rá gur bh é Rialtas ag tiontú ar son na príobháideachta pearsanta ba chúis le daingniú Choinbhinsiún Strasbourg 1981, ach gur thuig siad go gcaithfí Coinbhinsiún Strasbourg a dhainiú mar bheart

3 [1987] IR 587; **Schrems v. Data Protection Commissioner** [2014] IEHC 310; *Herrity v. Associated Newspapers (Ireland) Ltd.* [2008] Fuair IEHC 249 nach féidir cúlústeacht neamhdhleathach theileafóin agus ábhar a fhoilsiú ag na meáin chlóite a chosaint le hAirteagal 10, saoirse an phreasa. Dámhadh damáistí €90,000 i gcomhair shárú ar phríobháideacht, lena áiríodh damáistí pionósacha.

fóirsteanachta tráchtála. Mura ndaingneodh Ballstáit Chomhairle na hEorpa an Coinbhinsiún, dhéanfadh an cosc in Airteagal 12 ar shonraí pearsanta a easpórtáil chuig páirtithe neamhchonarthacha cur isteach ar shreabhadh sonraí. Ní fhéadfaí ligean “*data haven*”, frása a bhí in úsáid ag an am, buntáistí iomaíocha a ghnóthú. Stát imeallaithe a bheadh mar thoradh ar “*data haven*”. Go deimhin, i rith na ndóispóireachtaí ar Bhille 1987 dúradh gur beart riachtanach a bhí sa Bhille sa chás go raibh mol Sheirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta le déanamh d’Éirinn trí bhithin an Ionaid Sheirbhísí Airgeadais a bhí molta.

An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

Bhí reachtaíocht 1988 i bhfeidhm, tríd is tríd, go dtí gur tugadh isteach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, cé gur leasaíodh é go leor uaireanta, lena n-áirítear an leasú ba shuntasá sa Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003, a bhí beartaithe mionchoigeartuithe a dhéanamh a bhí de dhíth chun an Treoir um Chosaint Sonraí 95/46/CE 1995 a thrasú. Leagadh amach in Acht 1988 na prionsabail ghinearálta ar cheart do rialtóir sonraí agus do phróiseálaithe sonraí cloí leo, go háirithe an prionsabal maidir le próiseáil chothrom. Cuireadh riachtanais chlárúithe i bhfeidhm, cé gur laghdaíodh iad sna blianta ina dhiaidh sin. Maidir le hAcht 1988 a fhorfheidhmiú, ba iad cumhachtaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí (arna mbunú san Acht) dualgas maidir le gearáin a imscrúdú, chomh maith le cumhachtaí féachaint le hidirghabháil a dhéanamh ar réitigh chomhaontaithe ar agóidí. Fuarthas cumhachtaí maidir le cionta a ionchúiseamh san Acht, go háirithe in Ailt 16 agus 19.⁴ Tá cionta ar leithligh i ndáil le margaíocht dhíreach leictreonach curtha ar bun mar thoradh ar thrasú Threoracha maidir le príobháideacht teilechumarsáide ó 2003 agus tá siad fós i bhfeidhm sa lá atá inniu ann.⁵ Níl aon fhoráil in Acht 1988, ná in Acht Leasaithe 2003, a dhéanann foráil do ról an Choimisinéara i ndáil le leighseanna sibhialta. Tugadh aghaidh air sin in alt 7 d’Acht 1988 ina ndéantar foráil go bhfuil dualgas cúraim ar rialtóir agus próiseálaithe sonraí maidir le daoine aonair ó thaobh bailiú agus úsáid sonraí pearsanta. Cuireadh srian eile ar raon feidhme alt 7 le léirmhíniú breithiúnach ar alt 7, mar a fheicimid.

Ghlac Coimisinéirí Cosanta Sonraí thar a chéile sainmhíniú le trí chuid ar a ról mar Choimisinéir faoi na hAchtanna. Tá ag an gCoimisinéir:

- Ról mar Ombudsman;
- Ról mar Fhorfheidhmitheoir; agus
- Ról Oideachais.

4 Féach mar shampla sárúithe ag imscrúdaitheoirí príobháideacha a lorgaíonn rochtain ar shonraí pearsanta le húsáid ag cuideachtaí árachais mar chosaint ar éilimh; Cás-staidéar 1 de 2012 agus Cás-staidéar 1 de 2016

5 Tugtar nuashonrú in IR Uimh. 535 de 2003, ag trasú Treoir 2002/58/CE; IR Uimh. 311 de 2011 ar na forálacha maidir le cumarsáid gan iarraidh i Rialachán 13. Féach Cás-staidéar 12 de 2017 (**Virgin Media** – glaonna gutháin); Cás-staidéar 13 de 2017 (**River Medical** – ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh)

An Coimisinéir mar Ombudsman agus mar Oideoir

Is gá ról oideachais agus ról ombudsman na gCoimisinéirí a thuiscint. Ar dtús, ba ról íochtaránach a bhí i ról an fhorfheidhmitheora, go minic toisc gur costasach an beart é i gcaingne sibhialta agus in ionchúisimh. Ar mhaithe le léiriú, is gá breathnú ar cheann de na scéalta rathúla a ghabhann le gníomhaíochtaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Bhí roinnt teicnící amhrasacha mar ghné ag eagraíochtaí margaíochta dírí agus ag raon éagsúil eintiteas comhchoiteann mar bhainc agus ollmhargaí. Tá gearáin á ndéanamh le fada an lá faoi chrannchuir dhuaiseanna a úsáid, agus bailiú sonraí pearsanta trí bhíthin scéimeanna dílseachta agus cláir dhuaiseanna do chustaiméirí, gan daoine a chur ar an eolas go mbainfí úsáid ina dhiaidh sin as na sonraí arna ngabháil ar an tslí sin. Tá sin á cháineadh ag an gCoimisinéir le fada, ach níl an cleachtas sin le feiceáil i dtuarascálacha bliantúla le déanaí. I gcomparáid leis sin, níl aon reachtaíocht chónaidhmeach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lena rialáiltear gníomhaíochtaí bhróicéirí bailithe sonraí tomhaltóirí. Is fadhb mhór é sin do mhic léinn coláiste SAM a ghlacann páirt, i ngan fhios dóibh seans, i gcleachtais ghabháil sonraí ar an gcampas le cead nó rannpháirtíocht údaráis na gcoláistí, a dhíolann, go minic, sonraí pearsanta mac léinn a cuireadh i dtoll a chéile trí bhíthin na tástála iontrála SAT nó PSAT. Tá an easpa sin de mhodh bríoch agus aonfhoirmeach chun cosc a chur ar ghabháil agus ar dhíol sonraí mionaoiseach agus mac léinn, nó go deimhin, an easpa de chomhlacht náisiúnta ar bith i SAM a mbeadh an cumhacht aige idirghabháil a dhéanamh nó smachtbhannaí a chur ar chleachtais neamheitiúla (nó neamhdhleathacha, seans)⁶ éagsúil ón reachtaíocht Eorpach a chuireann cosc soiléir ar chleachtais mhar-gaíochta den sórt sin. Mar sin féin, in Éirinn, bíonn cineálacha nua de ghabháil sonraí neamhdhleathach ag teacht chun cinn. Tá sé tugtha ar aird ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí gur “a disturbing trend of commercial entitles sourcing mobile numbers of private individuals from websites or from other published sources for the purpose of using these numbers to market their own products” é seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin a bhailiú chun críocha margaíochta dírí.⁷ Ionchúiseamh coiriúil an freagra ceart ar mhí-úsáid leanúnach.⁸

Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Tá an t-ádh ar Éirinn go raibh sí in ann daoine thar a bheith fiúntacha a cheapadh chuig an bpost mar Choimisinéir. Ba dhuine sinsearach sa Roinn Dlí agus Cirt an chéad Choimisinéir, Donal Lenihan. Rinne sé ionadaíocht

ar an Stát ag cruinnithe idirnáisiúnta faoi chosaint sonraí ar feadh roinnt blianta sular ceapadh é i 1988. Chothaigh Donal eolas domhain ar an reachtaíocht agus bhí sé freagrach, cuid mhór, as dréachtú agus maoirseacht pharlaiminteach an Bhille um Chosaint Sonraí 1987 agus á chur isteach i Leabhar na Reachtaíochta. Níor tuigeadh an reachtaíocht go forleathan agus d'oibrigh sé gan staonadh sna luathbhlianta, ag freastal ar chomhdhálacha agus ag tabhairt léachtaí agus cainteanna, chun faisnéis agus comhairle a thabhairt do dhaoine agus do chuideachtaí maidir leis an reachtaíocht agus lena cur i bhfeidhm go praiticiúil. Chruthaigh Donal Lenihan teimpléad don chosaint sonraí mar phróiseas chomhairliúcháin agus oideachais seachas mar shásra naimhdeach a mbeadh idirghabháil bhreithiúnach de dhíth ina leith beagnach i gcónaí.⁹ Cosúil le Donal, ba státseirbhíseach a bhí sa dara Coimisinéir, Fergus Glavey, agus thug seisean feidhmiú phrionsabail na cosanta sonraí chuig réimsí feidhmithe theicneolaíocht na faisnéise nár samhláíodh i 1988. Ba é Fergus Glavey an chéad Choimisinéir a bhreathnaigh ar an ról mar cheann lena gcaithfeadh a oifig “*príobháideacht faisnéise*” seachas “*cosaint sonraí*” a chur chun cinn. D’fhóin Fergus ina Choimisinéir Cosanta Sonraí ar feadh téarma iomlán seacht mbliana ó 1993 go 2000. Bhí ar Fergus Glavey, mar ab amhlaidh lena réamhtheachtaí, oifig gan acmhainní leordhóthanacha a riar.¹⁰ I Meán Fómhair 2000 cheap an Rialtas Joe Meade mar an tríú Coimisinéir. Cúlra airgeadais a bhí ag Joe Meade. D'oibrigh sé roimhe sin in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa. D’fhóin Joe Meade ina Choimisinéir go dtí gur ceapadh é ina Ombudsman Seirbhísí Airgeadais i mí na Bealtaine 2005. Ceapachán thar a bheith éifeachtach a bhí i gceapachán Joe Meade, agus tabhairt chun críche reachtaíocht 2003 faoina chúram. I measc na saincheisteanna a d’fhéach sé lena gcur ar aghaidh bhí cumhachtaí sa reachtaíocht teileachumarsáide a úsáid chun ceanglas a dhéanamh go síneodh coinneáil sonraí níos faide ná riachtanais chosanta sonraí agus rinneadh machnamh ar Athbhreithniú Breithiúnach ar an gcumhacht Aireachta inarbh Joe Meade an Gearánaí. Ba aobhinn an radharc i gcónaí é Joe Meade a fheiceáil i mbun oibre os comhair lucht féachana. Bhí an chomhairle agus na treoracha a thug sé (go séimh) d’fheidhmeannaigh ardchumhachta agus dá sainchomhairleoirí dlí agus airgeadais in ann lucht féachana a chur faoi dhraíocht agus ní raibh amhras ar dhuine ar bith go raibh sé dáiríre faoin méid a dúirt se. Tháinig Billy Hawkes i gcomharbacht ar Joe Meade agus d’fhóin seisean go dtí 2014. Mar ab amhlaidh lena réamhtheachtaí, chuir Billy cúis na príobháideachta sonraí chun cinn go díograiseach; bhí cumas aige oifig a bhainistiú agus aird a dhíriú ar roinnt scéalta a bhí ag briseadh, a d’éiligh idirghníomhú le Státseirbhísigh agus le Ranna eile. Gné an-tábhachtach d’obair an Choimisinéara a bhí ansin. Forbairtí thar a bheith suntasacha i rith ré Billy Hawkes

6 “Data Miners Prey on Students” New York Times International, an 31 Iúil 2018: Dúirt mac léinn amháin san alt “It wasn’t like I sought out filling in my information for the College Board to sell to other companies.... you are giving them the liberty to profit off your information”

7 Cás-staidéar 5 de 2009

8 Cás-staidéar 9 de 2009; Cás-staidéar 12 de 2012; Cás-staidéar 12 de 2013

9 Ceapadh Donal Lenihan an 22 Iúil, 1988, agus d’fhóin sé go dtí an 7 Meitheamh, 1993.

10 Bhí spéis faoi leith ag Fergus Glavey sa tionscnamh Europol agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gComhchomhlacht Maoirseachta sna blianta 1998 go 2000

iad iniúchtaí sonraí agus na riachtanais maidir le sárúithe sonraí a thuairisciú. Díol suntais an-mhór é gur thosaigh cuideachtaí teicneolaíochta ag teacht go Baile Átha Cliath mar rogha phríomhchathair na hEorpa, rud a chruthaigh dúshlán maidir le hacmhainní agus cúrsaí eile amhail oiliúint a chur ar shaineolaithe agus iad a choimeád ag obair san oifig. Is tráthúil tuairisc ghearr a thabhairt ar an tslí a ndearna an oifig iarracht mhór bheith ag obair le hacmhainní airgeadais neamhdhóthanacha. In 1990 bhí seisear ball foirne ann; in 1995 bhí ardú go hochtar tagtha ar an líon ball foirne ach faoi 2000 thit sin go seachtar. Faoi 2006 bhí 22 bhall foirne ann agus bogadh an oifig go Cúil an tSúdaire leis an bpróiseas díláráithe. Méadaíodh an líon ceapachán chuig an Oifig sna blianta ina dhiaidh sin agus earcaíodh speisialtóirí i gcúrsaí teicneolaíochta agus dlí in 2012.

Chuaigh an cúigiú Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an ceann reatha i mbun oibre ag deireadh 2014. Is comharba fiúntach ar Billy Hawkes agus ar a réamh-heachtaithe eile í Helen Dixon agus tá a cáil idirnáisiúnta agus a clú luaite in alt spéisiúil sa **Financial Times**.¹¹ Maidir le Gearán Schrems in 2013, deirtear san alt:

“Schrems sent the complaints to the Irish data protection commissioner in Portlinton, a town with a population of 8,000. From a modest office above a supermarket, the Irish DPC was responsible for regulating all the tech companies that nominated their Dublin-based subsidiaries as “data controllers”. Despite its role protecting millions of AE citizens, the commissioner had just 26 staff at the time.

Today, the DPC has more than 90 staff and its budget has increased more than fivefold since 2011. A spokesperson says that Helen Dixon, the commissioner appointed in 2014, has led a “widely acknowledged transformation of the Irish DPC”.

Cásdlí ar an gciall atá le sonraí pearsanta

Bhí claonadh in Acht 1988 agus in Acht Leasaithe 2003, i ndáil leis na prionsabail ghinearálta a trasúodh isteach i ndlí na hÉireann, na forálacha i gCoinbhinsiún Strasbourg 1981 agus i dTreoir 1995 a leanúint. Luaigh breithiúna éagsúla an easpa mionsonraí in Achtanna 1988 agus 2003 ar phríomh-shaincheisteanna. Níl cáineadh den sórt sin cothrom, ar bhealach, de bharr go bhfuil baol ag aon imeacht, i gcúrsaí teangan, ó phrionsabail agus ó chaighdeáin idirnáisiúnta, mar thoradh ar níos mó soiléire, go gcruthaíonn sin dúshlán go bhfuil mainneachtain ar an dlí intíre oibleagáidí idirnáisiúnta na Stát a chomhlíonadh, agus/nó gur trasú mícheart ar Threoir ón gComhaire Eorpach é, mar shampla. Tá soiléiríú tugtha ag cásdlí ar roinnt saincheisteanna maidir le sainmhíniú agus ar na caighdeáin nach mór don Choimisinéir Cosanta Sonraí a chomhlíonadh. Tá iarrtha ar chúirteanna na hÉireann machnamh a dhéanamh ar an gciall atá le “sonraí pearsanta” nó, níos cruinne, cibé an sonraí pearsanta iad ábhair nó sonraí áirithe. Is fiú aird a thabhairt ar

chinneadh na Cúirte Dúiche a dearbhaíodh ar achomharc chun na hArd-Chúirte, sa chás **Bus Átha Cliath v. Coimisinéir Cosanta Sonraí**¹² de bharr gur thug sé soiléiríú ar roinnt saincheisteanna. Ar dtús, is údarás é an cás ar an moladh go bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith i scannánaíocht CCTV inar taifeadadh timpiste a tharla ar bhus de chuid Bus Átha Cliath a raibh an gearánaí ag taisteal air. Ar an dara dul síos, tá difear tábhachtach idir dhearcadh chúirteanna Shasana agus chúirteanna na hÉireann maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfadh gearánaí Acht 1988 a úsáid go dlísteanach chun rochtain ar shonraí pearsanta a lorg mar chuid de bheart breise amhail dlíthíocht díobháil phearsanta nó sárú conartha. I Sasana, tá measta ag an gCúirt Achomhairc nach gá iarrataí chosanta sonraí ar rochtain sa chás go ndéantar an iarraidh ar rochtain chun cabhrú le doiciméid a aimsiú. Bhí argóint déanta ag Bus Átha Cliath gur cuireadh clúdach CCTV ar fáil ar bhusanna chun deis a thabhairt do Bhus Átha Cliath cosaint a dhéanamh in aghaidh éileamh ar dhíobháil phearsanta agus sin amháin. Tharraing an Chúirt Dúiche agus an Ard-Chúirt araon aird ar na difríochtaí suntasacha idir dlí na hÉireann agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe um chosaint sonraí. Go sonrach, dúirt Hedigan J. Gur ceart bunúsach é rochtain sonraí a bheith ag duine ar a sonraí pearsanta agus dá bharr sin gur forléiríú cúng a bhainfí as aon argóint maidir le léirmhíniú ar eisceacht ina leith.¹³ Mar sin féin, indlíthíocht idir Peter Novak agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí faoi iarraidh ar rochtain a rinne an gearánaí agus faisnéis a choinnigh PwC, iar-fhostóir an ghearánaí, rialaigh an Ard-Chúirt¹⁴ nach sonraí pearsanta a bhí sna taifid a choinnigh PwC, a bhain leis an tslí a rinne PwC dhá iniúchadh tráth ar dhuine faoi oiliúint a bhí sa ghearánaí agus é páirteach sa phróiseas iniúcháireachta. Chomhaontaigh Coffey J. leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí:

“specifically, there appears to be nothing in the material that relates to the appellant [Nowak] as an identified or identifiable natural person which engages his right to privacy or which could, in any meaningful way be amenable to objection, ratification or erasure under the provisions of the [1988] Act”.

Tá maíte freisin nach ann do shonraí pearsanta díreach mar gheall gur tugadh fíricí áirithe ó bhéal don ghearánaí, fíricí a bhain le duine aonair a líomhnaíodh a bhí i ríomhphost, nuair nach riabh an ríomhphost sin coinnithe i gcóras uathobrithe. Ní fhéadfaí an fhaisnéis a shainmhíniú mar shonraí láimhe ach an oiread, mar go raibh sí comhdhéanta d'fhaisnéis nach bhféadfaí a rá go raibh sí mar chuid de chóras comhdaithe ábhartha.¹⁵

12 [2012] IEHC 339

13 [2012] IEHC 339; féach freisin Cás-staidéar 5 de 2012 ag [2012] IEDPC 5

14 **Nowak v. Data Protection Commissioner and PwC** [2018] IEHC 117

15 **Shatter v. Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Eile** [2017] IEHC 670. Ní raibh an rialtóir sonraí is mó dóiciúil, Coimisinéir an Gharda Síochána, ina pháirtí san achomharc mar gheall ar amhras faoi chomhad Garda nó taifead de chineál ar bith a bheith ar marthain.

11 “Max Schrems: the man who took on Facebook – and won” **Financial Times**, 5 Aibreán 2018 (Hannah Kuchler)

Dlithíocht Schrems agus Facebook

Ní ró-fhada ó shin, mar shampla i Lúnasa 2012, bhíothas in ann an tuairim a thabhairt san Ard-Chúirt “*there is very little jurisprudence on Data Protection Law in this jurisdiction*”.¹⁶ Níl amhras ach go raibh sin ceart. B’ann do chásdlí roimhe sin a bhain le dlí-eolaíocht na Cúirte Dúiche i ndáil le achomhairc Alt 26 ach is le blianta beaga anuas amháin atá ar chúirteanna na hÉireann breithniú a dhéanamh ar “*array of data protection issues*” mór millteach. Baineann roinnt de na cásanna sin le saincheisteanna léirmhíniú, ag scrúdú an chiall atá le baint as téarmaí amháin “*sonraí pearsanta*”, “*nochtadh*” agus “*sonraí pearsanta íogaire*”. Ach gan dabht tá an suaitheadh is mó do chóras dlí na hÉireann maidir le forfheidhmiú cosanta sonraí le fáil i mbreithiúnas Costello J. sa chás **Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Ltd, agus Eile**.¹⁷ Breathnóimid ar an gcinneadh féin agus ar iarmhairtí rialú Costello J. an 3 Deireadh Fómhair 3, 2017 ar ball beag, ach is léir ó sheasamh tábhachtach na hÉireann mar an rogha suímh do cheanncheathrú san Eoraip fhormhór na gcuideachtaí bogearraí agus na meán nua – de bharr inniúlachtaí sa Bhéarla, buntáistí cánach, agus mar sin de–feicimid go gcruthóidh agóidí cosanta sonraí in Éirinn agus na hiarmhairtí orthu, dúshlán mhóra sna blianta amach romhainn. D’fhonn scrúdú a dhéanamh ar dlíthíocht **Schrems** agus **Facebook**, ní mór don scríbhneoir seo foighne a iarraidh ar na léitheoirí a cheapfaidh gur róshimplí an chóireáil seo: is ea go deimhin. De bharr cúrsaí spáis ní féidir achoimre éifeachtach a thabhairt ar na saincheistean-na casta seo. 76 leathanach atá sa bhreithiúnas féin a rinneadh an 3 Deireadh Fómhair 2017. Ní bhítear ag súil le gontacht ó dhlíodóirí!

Cé go ndealraítear ar dtús gur saincheisteanna sách teicniúla iad na cinn a ardaíodh i rith an cháis Tarchur Facebook de 2017 –an bhféadfadh Ard-Chúirt na hÉireann réamhrialú a lorg maidir le trí chinneadh ón gCoimisiún Eorpach faoi Clásail Chonartha Chaighdeánacha (SCC) agus cibé ar ceadaíodh iad chun críocha aistriú sonraí – thug Costello J. rialú ar an tábhacht níos leithne a bhain leis an gcás i stíl Jefferson beagnach:

“The case raises issues fundamental to democratic societies and the balance to be achieved in respect of sometimes competing rights, values and duties. It concerns the right to data privacy which is recognised as a fundamental right and freedom by the Charter and the TFEU. It also concerns the right, indeed the duty of the State to protect itself and its citizens from threats to national security, terrorism and serious crime. A degree of surveillance for the purposes of national security, counter-terrorism and combating serious crime is vital for the safeguarding of the freedoms of all citizens of the Union. This necessarily involves interference with the right to privacy, including data privacy.”

16 Hedigan J. sa chás **Dublin Bus v Data Protection Commissioner** [2012] IEHC 339

17 [2017] IEHC 545 (tarchurChlásail Chonartha Chaighdeánacha agus CJEU de 3/10/2017)

A central purpose of the European Union is the promotion of the peace and prosperity of citizens of the European Union through economic and trading activity within the Single Market and globally. The free transfer of data around the world is now central to economic and social life in the Union and elsewhere.

The recent history of our continent has shown how crucially important each of these objectives is to the wellbeing of the people of Europe. Damage to the global economy has resulted in very real detriment and hardship to millions of Europeans. International terrorist atrocities have been and continue to be perpetrated in many Member States of the European Union. There are many who experienced the corrosive effects of widespread state surveillance upon their private lives and society in general who regard preservation of the right to privacy, including data protection, as fundamental to a democratic society”.

Ón dearcadh sin, tá meon níos bunúsaí ag gearán **Schrems**. Tá faomhadh tugtha ag an gCoimisiún Eorpach do Chlásail Chonartha Chaighdeánacha a thugann cead sonraí pearsanta a aistriú chuig stáit/dlínsí lasmuigh den Aontas. An gearán a bhí ag **Schrems** ná gur tugadh le fios ag nochtadh Wikileaks/Snowdon go ngéilleann an leas príobháideachta don slándáil náisiúnta ar bhealach neamhchothrom i SAM. Nocht na firicí go raibh sonraí pearsanta a aistríodh ó laistigh den AE ag Facebook Ireland chuig a mháthairchuideachta i SAM ar fáil nó go bhféadfaí iad a nochtadh don Ghníomhaireacht Slándála Náisiúnta, agus líomhnaíodh gur theip ar dhlí cónaidhme SAM leigheasanna leordhóthanacha agus sásraí níos imeachta a chur ar fáil do shaoránaigh an AE, in aghaidh Airteagail 7 agus 8 den Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (cosaint don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus cearta cosanta sonraí faoi seach). Cinneadh i gcinntí níos luaithe in Éirinn agus ón CJEU a bhain le Schrems, Facebook agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí gur tháinig feidhm le gaol casta idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta (amháin an Coimisinéir Cosanta Sonraí) na Cúirteanna náisiúnta ábhartha, an Coimisiún Eorpach agus an CJEU nuair a rinneadh aighneachtaí in aghaidh aistriú dáiríre nó aistrithe molta sonraí pearsanta. Ba ar an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a bhí sé imscrúdú a dhéanamh ar ghearán maidir le haistriú sonraí, beag beann ar chinneadh ón gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 25(6) den Treoir 95/46/CE. Cé go bhféadfaidh an CJEU léi féin rá gur cinneadh neamhbhailí a bhí i gcinneadh AE amháin cinneadh Tearmainn 2000, is ceart don reachtas náisiúnta acmhainneacht leordhóthanach a thabhairt don údarás maoirseachta a bheith rannpháirteach in imeachtaí dlí sa chás go dtagann imscrúdú ar an tatal go bhfuil bunús maith ag an ngearán. Tá an dlíthíocht Schrems/Facebook fós óg faoi láthair (Lúnasa 2018). An 2 Bealtaine 2018, dhiúltaigh Costello J. comhaontú le hiarratas a rinne Facebook an tOrdú a rinne sí an 3 Deireadh Fómhair 2017 a chur siar nó a chur ar atráth, Ordú a rinne tarchur TFAE Airteagal 267 chuig an CJEU, mar gheall go raibh sé ar intinn ag Facebook achomharc a dhéanamh in aghaidh an bhreithiúnais Dheireadh Fómhair sin. An 31 Iúil 2018 ghéill

an Chúirt Uachtarach d'iarratas chuig an gCúirt Uachtarach ag Facebook, a thug cead do Facebook achomharc a dhéanamh go díreach chuig an gCúirt Uachtarach ar roinnt cinntí a rinne Costello J. ina breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017. Áirítear ar an 10 gceist is mian le Facebook a fhiosrú os comhair na Cúirt Uachtaraí, mí-oiriúnacht líomhnaithe an tarchuir chuig an CJEU agus earráidí braite chinntí na hArd-Chúirte ar staid an dlí i SAM. Dúirt Clarke J. go bhfuil san áireamh le forais den sórt sin mí-oiriúnacht an chinnidh gur féidir a rá faoi dhlí SAM go gceadaíonn sé “mass indiscriminate processing” maidir le sonraí pearsanta. Tabharfaidh an t-achomharc ó bhreithiúnas Costello J. cuireadh don Chúirt Uachtarach cinntí den sórt sin a “cheartú”. Thug Clarke J. le tuiscint gur cheart go dtabharfaidh aighneachtaí chuig an gCúirt Uachtarach deis cásanna a bhainistiú go luath lena chinntiú go n-éistfear an t-achomharc roimh dheireadh 2018.¹⁸

Cosaint Sonraí i gcomhthéacs dlíthíochta níos leithne agus alt 7

Tá solúbthacht leordhóthanach sa reachtaíocht féin chun deis a thabhairt do chearta príobháideachta bheith ar marthain taobh le sásraí dlí eile amhail cearta reachtúla, má bhreathnaítear orthu trí lionsa an ghá lena chinntiú go gcaithfear riar an cheartais a éascú. Féadfaidh Cúirteanna freagra a thabhairt ar chúiseanna imní dlisteanacha maidir le príobháideacht trí bhíthin orduithe cúirte cú: **MB v Collins agus Others**.¹⁹ Ní cearta iomlána iad cearta chun príobháideachta agus rúndacht leighis agus géillfidh siad do chúinsí amhail an dualgas atá ar chomhlachtaí forfheidhmithe dlí imscrúdú a dhéanamh ar éagóir féideartha; **DPP v Harty**.²⁰ Is léir go gceadaítear iarrataí ar chúnaimh frithpháirteach arna ndéanamh chun críocha fianaise arna fáil ó Facebook agus sonraí tráchta teileafóin a bhailíochtú²¹ agus fuair an Chúirt Achomhairc gur próiseáil chothrom a bhí i sonraí méarloirg a próiseáladh chun iarraidh ó údaráis inimirce i stát eile a chomhlíonadh sa chás **BS agus RS v. Refugee Appeals Tribunal**²² sa chás go bhfuil reachtaíocht príobháideachta i bhfeidhm. Mar sin féin, is féidir faireachas cúramach a dhéanamh ar chomhlíonadh, mar ab amhlaidh sa chás faireachais an Gharda Síochána **DPP v. Idah**.²³ Léireofar meas freisin ar chearta reachtúla a eisíonn rochtain ar sonraí pearsanta; **BPSG Ltd v. the Courts Service agus Another**.²⁴ Ní mór do chosantóir a thugtar os comhair

na gcúirteanna i ndlíthíochta cloí le riachtanais phróis chuí ach má tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí gafa le dlíthíocht a eascraíonn as mí-úsáid sonraí pearsanta ag rialtóir sonraí, seans go mbeadh sé míchuí dul leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí mar chosantóir le hagóid tráchtála bhunaídh: **Grant Thornton (a firm) v. Scanlon**.²⁵ Is léir an drogall sin an Coimisinéir a bheith páirteach go háirithe nuair nach mbíonn cumhachtaí an Choimisinéara rannpháirteach i ndlíthíocht den sórt sin.²⁶

Bhí breithiúna na hÉireann faichilleach ó thaobh cúiteamh airgeadais a thabhairt d'ábhair shonraí nuair a theip ar rialtóir sonraí na caighdeáin a éilíonn an reachtaíocht a chomhlíonadh. Le hAcht 1988, in alt 7, cruthaíodh dualgas cúraim leathan do rialtóirí agus próiseálaithe sonraí i ndáil le bailiú agus úsáid sonraí pearsanta. Caighdeán faillí a bhí mar bhonn don alt, mar a léiríonn an coinníoll leis an alt. Ar ndóigh, tá ábhar sonraí i dteideal damáistí a lorg trí bhíthin éilimh éagsúla dlí amhail clúmhillleadh, sárú conartha, cearta Bunreachtach chun príobháideachta a shárú, mar shampla, agus féadfaidh damáistí sna cúinsí sin a bheith suntasach, fiú mura léirítear aon chailiteanas eacnamaíoch.²⁷ Sa chás **Collins v FBD Insurance**²⁸ lóisteáil an gearánaí, a raibh árachas aige leis an gcosantóir, éileamh árachais a pléadh ar bhealach neamhghairmiúil. Bhronn an Chúirt Dúiche damáistí €15,000. Ar achomharc, rinne an Ard-Chúirt, ag tosú amach ag glacadh leis gur bunaíodh an dámhachtain go heisiach ar shárú dhualgas cúraim alt 7,²⁹ an t-achomharc a cheadú. Dúirt Feeney J. nach ndearna dlí na hÉireann foráil do chúiteamh a íoc le haghaidh cailiteanas neamh-eacnamaíochta (beart féideartha faoi Airteagal 24 de Threoir 95/46/CE) agus mar gheall nach ndearnadh foráil in alt 7 do dhiandliteanas, agus in éagmais dhíobháil shíciatrach, nár fhulaing Collins aon damáiste a d'fhéadfaí a chúiteamh:

“The statutory position in Ireland is that no matter how blatant the breach that the person who is the subject of the breach can only receive damage on proof of loss or damage caused by the breach”.

Ní leor anás, fearg, náire, etc. Ar an dea-uair, ceadáíonn an GDPR chúiteamh le haghaidh damáiste ábhartha agus neamh-ábhartha; féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, alt 117(10). Feicfear amach anseo an dtiocfaidh éilimh ar dhamáistí ó ábhair shonraí míshásta mar thoradh ar na forálacha in 117 d'Acht 2018. Go minic, bíonn drogall ar bhreithiúna forais nua ar ghearán a

18 **Data Protection Commissioner and Another v. Facebook Ireland Ltd. and Schrems** [2018] IESC 68. Chun achoimre ar an éisteacht os comhair na Cúirte Uachtaraí a fháil, féach **The Irish Times**, 18 Iúil, 2018: “*Supreme Court to decide if it will hear Facebook appeal*”.

19 2018] IECA 142 (éisteachtaí dlí teaghligh agus scéimeanna cúitimh)

20 [2016] IECA 142 (samplaí fola á dtógáil ag Gardaí ó othar a bhí neamh-chomhfhiosach)

21 **DPP v Moran** [2018] IECA 176

22 [2017] IECA 179

23 [2014] IECCA3

24 [2017] IEHC 209

25 [2017] IEHC 648

26 **McCann v J.M and Y.W.** [2015] IECA 281; **Shatter v. Data Protection Commissioner** [2017] IEHC 670

27 Féach Hogan J. in ailt 36 go 39 dá bhreithiúnas in **McCann v. J.M and Another** [2016] IECA 281

28 [2013] IEHC 137

29 Ar an drochuair, níl dlí na hÉireann soiléir ar an dualgas iar-chonarthach chun éilimh árachais a phróiseáil go macánta; d'fhéadfadh an dualgas sin, an fhad is ann dó, deis a thabhairt don Uasal Collins brath go heisiach ar éileamh conartha. Bhí a chaingean sa Chúirt Chuarda bunaithe ar chonradh i bpáirt ach níor léir bunús ceart na dámhachtana a rinneadh sa Chúirt Chuarda.

oscailt, agus eagla orthu go ndéanfaí lear mór éileamh airgid mar gheall air sin, beartas a bhí san áireamh, seans, sa chás **Collins v. FBD Insurance** é féin.

Focail Scoir

Ní féidir cothrom na Féinne a thabhairt do 30 bliain de chearta cosanta sonraí in Éirinn in alt gearr mar seo, ach a mhéid is ann do charnadh cásdlí ag an bpointe seo, tá dul chun cinn tábhachtach bainte amach ó thaobh soiléiriú a thabhairt ar nádúr na gcearta cosanta sonraí. Ré nua ar fad atá anois ann, ar ndóigh. Cruthófar dúshlán nua leis na Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí, agus caighdeán níos airde, le cúnamh Dé, chomhchuibhiú níos mó agus níos mó dlíthíochta agus pionós níos mó le gearradh ar rialtóirí sonraí a bhfaighfear sárú bheith déanta acu. Táim ag tnúth le súil a choinneáil ar an dul chun cinn!

Coimisinéir Cosanta Sonraí,
21 Cearnóg Mhic Ghilliam
Baile Átha Cliath 2.

www.dataprotection.ie

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Tel: 0761 104 800

LoCall: 1890 25 22 31

An Coimisinéir
Cosanta Sonraí



Data Protection
Commissioner